# Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain dar críoch an
**31 Nollaig 2011**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

An 29 Meitheamh 2012

An tUasal Michael Noonan TD
An tAire Airgeadais
Oifigí an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

A Aire

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas

John C Corrigan

Príomhfheidhmeannach

Treasury Building, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. • Treasury Building, Grand Canal Street, Dublin 2.
T: (+353 1) 664 0800 • F: (+353 1) 664 0890 • info@ntma.ie • www.ntma.ie • Swift NTMAIE2D

# Eolas faoi GBCN

Comhlacht Stáit í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a fheidhmíonn le sainchúram tráchtála taobh amuigh de struchtúir na seirbhíse poiblí chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chur ar fáil don Rialtas. D'fhás siad ó bheith ina ngníomhaireacht aon fheidhme a bhainistíonn an Fiachas Náisiúnta le bheith ina mbainisteoir ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanas poiblí. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag GBCN, tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an tÚdarás um Gheilleagar nua agus Théarnamh, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

**Maoiniú agus Bainistiú Fiach:** tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántéarma. Ina theannta sin, tá líon feidhmeanna eile ag an Lucht Stiúrthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, lena n-áirítear oibríochtaí cistíochta GNBS agus CNP, soláthar Lársheirbhíse Cistíochta do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla agus bainistiú a dhéanamh ar shócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is iad GBCN Oibreoir Scéime Scéim na bhForas Creidmheasa (Ráthaíocht Incháilithe Dliteanas) 2009.

**An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát:**Ag gníomhú di mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, déanann GBCN bainistíocht ar éilimh maidir le díobháil phearsanta, dochar do réadmhaoin agus éilimh faillí cliniciúla a thógtar i gcoinne údaráis áirithe an Stáit, lena n-áirítear airí Rialtais, an tArd-Aighne agus fiontair sláinte. Chomh maith leis sin, tá cúram bainistíocht riosca orthu, a thugann comhairle agus cuidiú d'údaráis Stáit lena gcuid neamhchosaintí éilimh a laghdú a mhéad agus is féidir.

**An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Théarnamh (NewERA):** I mí Mheán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bunú NewERA laistigh de GBCN, ar bhonn neamhreachtúil ar dtús. Déanfaidh NewERA lárú ar mhaoirseacht na hearnála tráchtála Stáit ó thaobh an scairshealbhóra (i dtosach, is iad na cuideachtaí laistigh de shainchúram NewERA: BSL, EirGrid, Bord Gáis, Bord na Móna agus Coillte). Tá ról lárnach ag NewERA freisin maidir le forbairt agus le cur chun feidhme phleananna an Rialtais i leith infheistíochta i bhfuinneamh, in uisce agus i dteileachumarsáid na chéad ghlúine eile. Nuair a iarrann an Rialtas orthu, comhlíonfaidh NewERA róil chomhairleacha agus mhaoirseachta maidir le diúscairt nó le hathstruchtúrú sócmhainní cuideachtaí tráchtála Stáit freisin.

**An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP):** Is iad GBCN Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a bunaíodh leis na costais as leas sóisialach agus as pinsin seirbhíse poiblí ón 2025 ar aghaidh a bhaint amach a oiread agus is féidir. Meastar go dtiocfaidh ardú mór ar na costais seo de bharr aosú an daonra. Leasaíodh sainchúram reachtach an Chiste in 2009 agus in 2010 le go bhféadfadh an tAire Airgeadais treoir a thabhairt do Choimisiún CNP, atá freagrach as rialú, bainistíocht agus infheistíocht shócmhainní an Chiste, le go bhféadfaí infheistíocht a dhéanamh i bhforais chreidmheasa in imthosca áirithe agus in urrúis Rialtas agus Rialtas-ráthaithe agus le go bhféadfaí íocaíochtaí a dhéanamh chuig an Státchiste chun caiteachas caipitil a mhaoiniú sna blianta 2011 go 2013.

**An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta:**Is iad An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta an comhairleoir reachtúil airgeadais d'údaráis Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí lena mbaineann luach caipitiúil níos mó ná €30 milliún. Tá lánfhreagracht orthu freisin as soláthar agus as seachadadh thionscadail na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí in earnálacha seachas sa earnáil an iompair agus earnáil na n-údarás áitiúil. Comhlíonann siad a gcuid feidhmeanna trí GBCN.

**An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS):** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní in 2009 mar chuid de raon beart a thug an Rialtas isteach d'fhonn inmharthanacht roinnt forais lántábhachtacha airgeadais a chosaint. Ghnóthaigh siad sócmhainní áirithe iasachta (talamh agus forbairt agus iasachtaí lena mbaineann) a bhfuil luach ainmniúil €74.0 billiún orthu le haghaidh comaoin €31.8 billiún a íoctar i bhfoirm urrús faoi ráthaíocht an Rialtais a eisítear go díreach chuig na forais. Is é an sainordú atá acu sócmhainní atá gnóthaithe a bhainistiú chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát. Sannann GBCN baill foirne do GNBS agus soláthraíonn siad seirbhísí gnó agus tacaíochta do GNBS.

Tuairiscíonn GBCN go díreach don Aire Airgeadais i dtaca le tabhairt faoina bhfeidhmeanna i leith maoiniú agus bainistiú fiach, na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus NewERA.

Tá a mbord féin ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Tá Coiste Comhairleach ag GBCN le cuidiú agus le comhairle a thabhairt maidir leis na ceisteanna sin a chuireann GBCN faoi bhráid an Choiste.

Baineann an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil seo leis na feidhmeanna sin go príomha nuair a thuairiscíonn GBCN go díreach don Aire Airgeadais. Foilsíonn Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní tuarascálacha bliantúla ar leith.

Tá tuilleadh faisnéise faoi GBCN ar fáil ar líne ag **www.ntma.ie.**

# GBCN TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| An Coiste Feidhmiúcháin agus an Coiste Comhairleach | 6 |
| Maoiniú agus Bainistiú Fiach | 8 |
| Feidhmeanna Córais Bhaincéireachta | 17 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 19 |
| An tÚdarás um Gheilleagar nua agus Théarnamh | 23 |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 25 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 27 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 29 |
| Rialachas | 30 |
| Ráitis Airgeadais | 35 |

# Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh



De bharr chur chun feidhme fhreagairt an Rialtais ar na ceisteanna geilleagracha agus airgeadais atá roimh an Stát, bhí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) ag gabháil do roinnt réimsí le linn 2011. Mar aon lena ngnóthaí reatha, thosaigh GBCN ag obair ar Chiste Infheistíochta Straitéisí chun infheistíocht a dhéanamh i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach do gheilleagar na hÉireann, agus bhunaigh siad NewERA d'fhonn lárú a dhéanamh ar mhaoirseacht na hearnála tráchtála Stáit ó thaobh an scairshealbhóra agus d'fhonn pleananna an Rialtais i leith infheistíochta i bhfuinneamh, i leathanbhanda agus in uisce a chur chun feidhme. Nuair a iarrtar orthu, tabharfaidh NewERA comhairle maidir le diúscairt nó le hathstruchtúrú sócmhainní cuideachtaí tráchtála Stáit freisin.

Cuimsítear tuarascáil seo an chéad bhliain iomlán ó lorg Éire cúnamh seachtrach airgeadais trí chlár trí bliana an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais i mí na Samhna 2010. De bharr nach bhfuilimid páirteach sna margaí níos fadtéarmaí, ní mór dúinn a bheith ag obair níos déine ná riamh chun caidreamh láidir tacúil a choimeád le príomhshealbhóirí idirnáisiúnta fhiachas Rialtas na hÉireann agus, go ríthábhachtach, chun aithint agus forbairt a dhéanamh ar chaidreamh le hinfheisteoirí ionchasacha nua le gur féidir linn Éire a ullmhú chun filleadh ar na margaí roimh dheireadh chlár an AE/CAI ag deireadh 2013.

Thar an mbliain seo a chuaigh thart, bhí GBCN páirteach i gclár cuimsitheach caidrimh infheisteoirí, ag teacht le chéile le hinfheisteoirí san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh, san Áise agus sa Mheánoirthear. Ba é cuspóir na gcruinnithe seo eolas a thabhairt d'infheisteoirí faoin dul chun cinn suntasach atá déanta ag Éirinn maidir leis an airgeadas poiblí a athchomhardú, leis na bainc a athchaipitliú agus a athstruchtúrú, agus le hiomaíochas a athghabháil, agus dearcadh na n-infheisteoirí a fháil faoi na ceisteanna a mheasann siad a bheith ríthábhachtach má tá siad chun infheistíocht a dhéanamh i mbannaí Rialtas na hÉireann. Tá an mhuinín mhéadaithe atá ag infheisteoirí idirnáisiúnta as Éirinn le feiceáil sa titim ghéar i dtorthaí bhannaí na hÉireann ó shamhradh na bliana 2011, cé go bhfuil torthaí fós an-íogair i leith forbairtí i limistéar an euro i gcoitinne.

Tá sé mar phlean oibre ag GBCN athiontráil sna margaí ar bhonn céimnithe trí Bhillí Státchiste gearrthéarmacha a eisiúint agus trí mhéid agus aibíocht na heisiúna seo a mhéadú de réir a chéile sula bhféachfaidh siad le bannaí níos fadtéarmaí a eisiúint. Beidh athiontráil rathúil inbhuanaithe sna margaí ag brath ar an Stát a bheith ag leanúint le freastal ar a cheangaltais faoi chlár an AE/CAI agus ar réiteach na gceisteanna ceannasacha agus baincéireachta i limistéar an euro i gcoitinne.

D'fhonn a bhfoinsí maoinithe a éagsúlú agus a mhéadú, go háirithe ón margadh intíre, d'fhorbair GBCN, tar éis dul i gcomhairle leis an tionscal pinsean, banna amúchta Rialtais a éascóidh cruthú blianachtaí fadtéarmacha agus tá a gcéad eisiúint de bhanna boilsciú-nasctha Rialtas na hÉireann á pleanáil freisin.

Tá GBCN ag obair faoi láthair ar mholtaí reachtúla le cur faoi bhráid an Rialtais d'fhonn NewERA a chur ar bhonn reachtúil agus deis a sholáthar d'infheistíocht bhreise ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) tríd an gCiste Infheistíochta Straitéisí, i dtionscadail NewERA agus i réimsí amhail bonneagar, maoiniú i gcomhair GBManna agus caipiteal fiontair. Is é an téama aontach atá taobh thiar de na tograí seo go ndéanfar infheistíochtaí ar bhonn lántráchtála a ghinfidh gníomhaíocht gheilleagrach agus poist. Is é an aidhm leas a bhaint as sócmhainní CNP go díreach agus mar chatalaíoch chun caipiteal breise tríú caipiteal a mhealladh agus giaráil a dhéanamh ar an saineolas tráchtála agus ar na líonraí tráchtála atá ar fáil do GBCN ar fud a bhfeidhmeanna i leith NewERA, CNP agus na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GAFN) chun infheistíocht a bhfuil géarghá léi sa gheilleagar intíre a spreagadh.

Mar gheall air seo, agus tar éis na hoibre suntasaí atá déanta ag GBCN agus ag Ambasáid na hÉireann i mBéising, shínigh GBCN meabhrán tuisceana i mí an Mhárta 2012 le Corparáid Infheistíochta Idirnáisiúnta na Síne, ar fochuideachta shaibhreas ceannasach na Síne í, d'fhonn a bheith ag obair le chéile maidir le scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta in Éirinn.

D'imir Aonad Baincéireachta GBCN ról suntasach maidir le hathchaipitliú agus le hathstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann a rinneadh le linn 2011 tar éis cuir i gcrích athbhreithniú PCAR/PLAR an Bhainc Ceannais ar riachtanais chaipitil bhainc agus leachtachta agus chuaigh siad i dteagmháil leis na bainc chun clár oibre comhroinnte dualgas a spreagadh le foshealbhóirí bannaí. Bhí an clár athchaipitlithe beagnach críochnaithe faoi dheireadh mhí Iúil 2011. Cuireadh an tAonad Baincéireachta ar iasacht leis an Roinn Airgeadais i mí Lúnasa 2011, áit ina leanann an Stát le leas a bhaint as a scileanna luachmhara tráchtála agus a sainscileanna. Chuir na bearta comhroinnte dualgas faoi chlár athchaipitlithe 2011 €5.6 billiún i gcaipiteal ar fáil do na bainc, a mbeadh iallach ar an Státchiste é a chur ar fáil murach sin.

Tugann GBCN seirbhísí foirne agus tacaíochta corparáidí don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Chuir GNBS na céimeanna criticiúla tosaigh dá n-obair i gcrích. Is éard a bhí i gceist leis an obair seo luacháil agus aistriú a dhéanamh ar iasachtaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar thart ar 800 plean gnó nasc féichiúnaithe. Tá siad ag díriú anois ar an gcuid is fearr a bhaint as a dtorthaí ar na hiasachtaí a fuarthas agus ar na sócmhainní réadmhaoine a urraíonn iad. D'aithin infheisteoirí idirnáisiúnta go raibh an rath a bhí ar GNBS maidir le freastal ar a gcuspóirí agus, go háirithe, ar a gclár diúscartha sócmhainní mar phríomhthoisc gur chinn siad infheistíocht a dhéanamh i mbannaí Rialtas na hÉireann.

Lasmuigh de na margaí caipitil, leanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) lena n-obair maidir le bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine le go gcoinneofar dliteanais an Stáit ag an leibhéal is ísle agus is féidir agus maidir le cláir chuimsitheacha bhainistíochta riosca a chur ar fáil chun neamhchosaintí údarás Stáit ar éilimh. Ag deireadh 2011, bhí an GÉS ag láimhseáil 5,300 éileamh, agus bhí dliteanas measta de thart ar €1 billiún i gcoinne gach éileamh gníomhach, go príomha i gcoinne éilimh chliniciúla. Bhain an GÉS coigilteas suntasach amach i mbainistíocht na n-éileamh cliniciúil in 2011. Mheas measúnú achtúireach neamhspleách go mbeadh €106 milliún ag teastáil chun freastal ar na costais a bhaineann leis an Scéim Slánaíochta Cliniciúla in 2011, cé gurbh í an Táirgeacht i ndáil leis an scéim €81 milliún.

Rinne an Rialtas leathnú ar shainchúram na GÉS in 2011 agus arís in 2012 trí tharmligean na bainistíochta éileamh i gcoinne 13 údarás nua agus roinnt aicmí éagsúla éileamh.

Sa dá bhliain go leith seo a chuaigh thart, bhí leathnú suntasach ar shainchúram GBCN mar gheall ar na feidhmeanna breise a shann an Rialtas do GBCN. Tá sé de chúram ar GBCN anois scileanna tráchtála agus cuir i láthair an mhargaidh a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht a dhéanamh ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanas poiblí. Tá mórdhúshláin romhainn: maidir le rochtain iomlán a athghabháil ar na margaí fiachais, maidir lena áirithiú go gcuirtear na scileanna agus an saineolas is gá ar fáil do GNBS le gur féidir leo a sainordú a chomhlíonadh, agus maidir le NewERA, le CNP agus le GAFN a ailíniú mar is cuí le go gcuirfear meicníocht ar fáil le haghaidh infheistíocht tráchtála sa gheilleagar intíre. Cuirfidh GBCN an bhéim is mó ar na cuspóirí seo a sheachadadh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma araon.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus le comhaltaí Choiste Comhairleach GBCN as a gcúnamh agus comhairle i rith na bliana. Ba mhaith liom ómós a thabhairt do Shane O'Neill go háirithe, a fuair bás níos luaithe i mbliana. Thug Shane saineolas agus dearcadh domhain maidir le gnó san iliomad dúshlán a bhí roimh GBCN le linn na ceithre bliana a d'fhóin sé mar chomhalta den Choiste. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don méid a rinne Kevin Cardiff, a ndeachaigh a cheapadh in éag ar an 3 Feabhra 2012.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le baill foirne GBCN as an tiomantas agus as an díograis a léirigh siad i rith bliain dhúshlánach eile.

**John Corrigan**
Príomhfheidhmeannach

# An Coiste Feidhmiúcháin agus an Coiste Comhairleach

## Foireann Ardbhainistíochta



**John Corrigan**
Príomhfheidhmeannach



**Ciarán Breen**
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát



**Eileen Fitzpatrick**
NewERA




**Brendan McDonagh**
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní



**Brendan Murphy**
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca



**Brian Murphy**
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta




**Eugene O'Callaghan**
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean



**Andrew O'Flanagan**
Dlí, Rialú agus Comhlíonadh



**Michael Torpey**
An Córas Baincéireachta
(ar iasacht leis an Roinn Airgeadais)



**Oliver Whelan**
Maoiniú agus Bainistiú Fiach

### Ár Misean agus Luachanna

Chuir GBCN ráitis misean le chéile chun príomhchuspóir na heagraíochta ar fud a réimsí gnó agus croí-luachanna a threoróidh iompar agus cinnteoireacht foirne a chuimsiú.

### Ráiteas Misin

Sócmhainní poiblí agus dliteanais phoiblí a bhainistiú go stuama agus go tráchtálach.

### Croí-Luachanna

Gníomhaímid go tráchtálach agus ár ndualgais seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh againn.

Gníomhaímid le macántacht agus le hionracas.

Táimid dírithe ar thorthaí agus tá gach duine freagrach as an obair a dhéanaimid.

Táimid inoiriúnaithe agus réamhghníomhach.


Is mór againn ár mbaill foirne agus déileálaimid le chéile le dínit agus le meas.

## An Coiste Comhairleach (amhail an 29 Meitheamh 2012)




### David Byrne – Cathaoirleach

Is Iarchoimisinéir Eorpach um Chosaint Sláinte agus Tomhaltóirí é David Byrne agus is iar-Ard-Aighne é.




### Hugh Cooney

D'oibrigh Hugh Cooney le roinnt ollghnólachtaí gairmiúla agus comhairliúcháin, lena n-áirítear Stokes Kennedy Crowley, NCB Corporate Finance, Arthur Andersen agus BDO Simpson Xavier. Ó chuaigh sé ar scor ó chleachtas tá sé ina chomhairleoir le KPMG agus tá sé ina Stiúrthóir Cuideachta.



### Brendan McDonagh

Is é Brendan McDonagh an Cathaoirleach Feidhmiúcháin ar Bank of N.T. Butterfield & Son Limited, Hamilton, Beirmiúda. Is iar-phríomhfheidhmeannach HSBC North America Holdings Inc é agus bhí freagracht air as oibríochtaí baincéireachta agus airgeadais tomhaltóirí an Ghrúpa i SAM agus i gCeanada. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa do HSBC North America Holdings Inc agus ina bhall de Bhord Bainistíochta Grúpa an HSBC.




### John Moran

Is é John Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Ba é an Dara hArd-Rúnaí leis an Roinn Airgeadais roimhe sin é, tráth a bhí sé ina Cheannasaí Baincéireachta agus freagrach as gach ábhar a bhaineann le beartais bhaincéireachta, le bainistiú scairsheilbh an Stát i mbainc agus le hatheagrú earnáil bhaincéireachta na hÉireann. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar Mhaoirseacht Banc Mórdhíola i mBanc Ceannais na hÉireann agus d'oibrigh sé le Zurich Capital Markets, le McCann FitzGerald, le GE Capital Aviation Services, le GPA Group agus le Sullivan & Cromwell.



### Tytti Noras

Tá Tytti Noras ina Comhairleoir Dlí, an Roinn um Margaí Airgeadais, an Aireacht Airgeadais, an Fhionlainn, agus tá sí ina Comhalta de Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.



### Donald C Roth

Is é Donald C Roth an Comhpháirtí Bainistíochta ar EMP Global LLC agus iar-Leasuachtarán agus Iarchisteoir an Bhainc Dhomhanda.

# Maoiniú agus Bainistiú Fiach

## Caidreamh Infheisteoirí agus Athiontráil an Mhargaidh

Chuir GBCN béim mhór le linn 2011 agus in 2012 ar a gclár leanúnach maidir le caidreamh infheisteoirí agus le pleanáil d'fhonn Éire a ullmhú chun filleadh ar na margaí bannaí chomh luath agus is féidir. Mar gheall nach bhfuil Éire páirteach sna margaí tar éis fhionraí na gceantanna bannaí agus tar éis thosach Chlár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais go déanach in 2010, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaidh GBCN caidreamh láidir tacúil le sealbhóirí fhiachas Rialtas na hÉireann agus go n-aithneoidh agus go bhforbraíodh siad caidreamh le hinfheisteoirí ionchasacha nua.

Ina theannta sin, choinnigh GBCN caidreamh láidir le rannpháirtithe margaidh eile, go háirithe na 16 phríomhdhéileálaí i mbannaí Rialtas na hÉireann. Chuidigh sé seo le tacaíocht a thabhairt do leachtacht sa mhargadh tánaisteach do bhannaí Rialtais. Baineann tábhacht leis na dlúthnaisc le príomhdhéileálaithe freisin chun Éire a ullmhú d'fhilleadh réidh ar airgead a chruinniú sna margaí.

Ó mhí na Bealtaine 2011 go dtí an chéad ráithe de 2012, rinne GBCN forbairt ar an obair fhairsing maidir le cumarsáid infheisteoirí a cuireadh i gcrích in 2010, agus thug siad faoi shraith fhairsing de chruinnithe agus de láithreoireachtaí os comhair infheisteoirí institiúideacha in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, i Mór-Roinn na hEorpa, i Meiriceá Thuaidh, san Áise agus sa Mheánoirthear. Dhírigh na láithreoireachtaí seo ar infheisteoirí a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoin dul chun cinn suntasach atá déanta ag Éirinn maidir le hairgeadas a chomhdhlúthú, leis na bainc a athchaipitliú agus a athstruchtúrú, agus le hiomaíochas a athghabháil. Tá an obair ar chaidreamh infheisteoirí seo mar chuid thábhachtach de na hullmhúcháin d'fhilleadh ar na margaí bannaí agus mar fhoinse faisnéise margaidh araon.

Meastar go bhfuil na nithe seo a leanas ina bpríomh-shaincheisteanna ó thaobh na n-infheisteoirí agus na n-infheisteoirí ionchasacha i mbannaí Rialtas na hÉireann:

- Cumas agus toilteanas na hÉireann maidir le leanúint le spriocanna comhdhlúthaithe fhioscaigh agus leis na gnóthais ráithiúla atá leagtha amach i gclár an AE/CAI a chomhlíonadh;
- Aon riachtanas athchaipitlithe breise atá ag na bainc;
- Dul chun cinn leanúnach maidir le dliteanais theagmhasacha a laghdú, a bhfuil clár GNBS um dhiúscairt sócmhainní ar an ngné is tábhachtaí de;
- Éire a bheith ag leanúint le fás geilleagrach a bhaint amach le barrachas ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí, beag beann ar an ngá leanúnach le comhdhlúthú fioscach;
- Feabhas ar rátálacha ceannasacha creidmheasa na hÉireann; agus
- Feabhas ar mheon an mhargaidh i leith réiteach faoi dheireadh a dhéanamh ar ghéarchéim fiachais cheannasaigh agus bhaincéireachta limistéar an euro i gcoitinne.

D'fhonn maolú a dhéanamh ar riachtanas maoinithe na hÉireann díreach tar éis dheireadh chlár an AE/CAI i mí na Nollag 2013, thug GBCN deis d'infheisteoirí i mí Eanáir 2012 a ngabháltais i mbannaí reatha a aibeoidh i mí Eanáir 2014 a mhalartú le haghaidh bannaí nua a aibeoidh i mí Feabhra 2015. Mar gheall ar an mbeart sin, rinneadh an aibíocht bannaí de bheagnach €12 billiún atá dlite i mí Eanáir 2014 a laghdú faoi €3.5 billiún go leibhéal níos soláimhsithe.

Faoi réir choinníollacha an mhargaidh, tá sé mar phlean oibre ag GBCN filleadh ar ais ar na margaí ar bhonn céimnithe, ag tosú le atosú ceantanna Billí Státchiste in 2012.

Rinne GBCN forbairt ar tháirgí nua maoinithe d'fhonn a bhfoinsí maoinithe a éagsúlú agus a mhéadú, go háirithe ón margadh intíre. Rinne siad forbairt, tar éis dul i gcomhairle le tionscal pinsean na hÉireann, ar bhanna amúchta Rialtais a éascóidh cruthú blianachtaí fadtéarmacha. Murab ionann agus bannaí caighdeánacha, nuair a dhéantar íocaíocht na príomhshuime ar aibíocht tar éis íocaíocht úis bhliantúil, íocfaidh na bannaí amúchta nua suim chomhionann gach bliain thar shaolré an bhanna, a léiríonn gur fearr leis na soláthraithe blianachtaí sruth leanúnach ioncaim a fháil. Beidh na blianachtaí seo, bunaithe ar thorthaí bannaí Rialtas na hÉireann, níos saoire le ceannach ná na blianachtaí atá bunaithe ar thorthaí bannaí Rialtais na Fraince agus na Gearmáine, a nglactar leo de ghnáth i gcás blianachtaí pinsin.

Mar fhreagra ar an éileamh i measc infheisteoirí, go háirithe i measc thionscal pinsean na hÉireann, tá á gcéad eisiúint de bhanna boilsciú-nasctha Rialtas na hÉireann á pleanáil ag GBCN freisin.

Tar éis an atosaithe ar Bhillí Státchiste a eisiúint, agus tar éis bannaí amúchta agus bannaí boilsciú-nasctha a eisiúint chun freastal ar riachtanais an tionscail phinsean, tá sé beartaithe ag GBCN, faoi réir choinníollacha an mhargaidh, banna coinbhinsiúnach a eisiúint, a bheidh dírithe ar infheisteoirí institiúideacha idirnáisiúnta agus intíre.

## Léirmheas ar Mhargadh Bannaí Rialtais na hÉireann


Ba é an rud ba shuntasaí sa ráithe dheiridh de 2010 go raibh ardú géar i dtorthaí bhannaí na hÉireann sular lorg an Rialtas cúnamh trí chlár an AE/CAI ag deireadh mhí na Samhna. Tar éis dóibh a bheith ag 9 faoin gcéad ag deireadh 2010, lean bannaí 10 mbliana na hÉireann de bheith ag ardú le linn na chéad ráithe de 2011. I mí Aibreáin, bhí laghdú gairid ar thorthaí ó níos mó ná 10 faoin gcéad go dtí na leibhéil ag a raibh siad ag deireadh 2010 tar éis fhoilsiú athbhreithniú PCAR/PLAR an Bhainc Ceannais ar riachtanais chaipitil bhainc agus leachtachta, ach lean siad de bheith ag ardú tar éis iarratas na Portaingéile ar chúnamh an AE/CAI i mí Aibreáin. Tar éis do Moody's Éire a íosghrádú go dtí an grád fo-infheistíochta i mí Iúil, agus tar éis dóibh an Phortaingéil a íosghrádú go dtí an grád fo-infheistíochta freisin, rinneadh torthaí deich mbliana na hÉireann

a bhrú go dtí níos mó ná 14 faoin gcéad agus torthaí dhá bhliain na hÉireann go dtí níos mó ná 22 faoin gcéad.

Ó dheireadh mhí Iúil 2011 ar aghaidh, tháinig laghdú tapa ar thorthaí mar gheall ar fhreagairt dhearfach an mhargaidh ar an gcomhaontú chun an corrlach ráta úis a laghdú agus chun aibíocht sciar an AE d'iasachtaí na hÉireann ó chlár an AE/CAI a fhadú, mar gheall ar chur i gcrích an athchaipitlithe baincéireachta ag deireadh mhí Iúil agus mar gheall ar an muinín mhéadaithe i measc infheisteoirí go raibh Éire ag déileáil go rathúil lena saincheisteanna fioscacha agus geilleagracha. Sa cheathrú ráithe de 2011, áfach, bhí suaiteacht dhian sna margaí domhanda airgeadais mar gheall ar imní infheisteoirí i leith na Gréige agus, go deimhin, i leith tíortha eile i limistéar an euro. D'éirigh go réasúnta maith le bannaí na hÉireann sna cúinsí deacra seo, agus sheas an toradh ar bhanna tagarmhairc 2020 ag 8.26 faoin gcéad faoi dheireadh na bliana.

Mar gheall ar cheannach athnuaite i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2012, laghdaíodh torthaí i ngach aibíocht go ráta níos lú ná 7 faoin gcéad agus bhí trí mhí de thorthaí cobhsaí mar thoradh air seo, beag beann ar chúlra a bhí ag éirí níos éiginnte in áiteanna eile i limistéar an euro. I lár mhí na Bealtaine, mar fhreagairt ar imní mhéadaithe maidir le staid na Gréige agus maidir le forbairtí in earnáil baincéireachta na Spáinne, ghéill torthaí na hÉireann don bhrú ginearálta aníos i margaí bannaí nár mhargaí bannaí na Gearmáine iad, agus d'ardaigh siad go dtí níos mó ná 7 faoin gcéad.

**Torthaí Bannaí Rialtas 10 Bliain 2010**
**1 Deirdeadh Fómhair 2010 – 31 Bealtaine 2012**




* Banna Rialtas na hÉireann

## Gníomhaíocht Mhaoinithe 2011

### Maoiniú Fadtéarmach

Ghlac maoiniú ó chlár an AE/CAI áit bhunmhargadh eisiúna fadtéarmaí na hÉireann le linn 2011. B'ionann eisíocaíochtaí iomlána agus €34.5 billiún ag deireadh 2011. Cuireadh an iasacht seo i bhfeidhm chun heasnamh Státchiste €24.9 billiún a mhaoiniú (bhain €6.5 billiún de seo le híocaíochtaí athchaipitlithe bainc) agus chun fiachas a bhí ag teacht in aibíocht de €9.1 billiún a athmhaoiniú. Rinne GBCN bainistiú ar iarmhéideanna airgid Státchiste de €13.1 billiún sa Bhanc Ceannais ag deireadh na bliana.

### Maoiniú Gearrthéarmach

D'ainneoin iad a bheith as láthair ó mhargaí na mbannaí fadtéarmacha, bhí GBCN in ann láithreacht a bhí leanúnach, ach teoranta, a choinneáil i margaí na mbannaí gearrthéarmacha trí pháipéar tráchtála a eisiúint i rith 2011, agus b'ionann an tsuim gan íoc ag deireadh 2011 agus €348 milliún. Is iad na príomhinfheisteoirí sa chlár seo forais eachtracha airgeadais agus infheistíochta.

### Táirge Coigiltis Stáit

Is é State Savings™ (Táirge Coigiltis Stáit) an t-ainm branda a úsáideann GBCN maidir leis an réimse táirgí coigiltis a thairgtear do choigilteoirí pearsanta agus chun an fhíric gurb ionann iad agus oibleagáid dhíreach Rialtas na hÉireann a léiriú.

I gcaitheamh na bliana 2011, bhí glan-insreabhadh €1.4 billiún sna Scéimeanna Coigiltis Stáit, agus ag deireadh na bliana 2011 ba í an tsuim iomlán a bhí gan íoc €14.1 billiún.

| Táirgí Coigiltis Stáit GBCN | Méid Iomlán a bhí le hÍoc ag deireadh na bliana 2011 €m | Airgead Cruinnithe in 2011 Glanluacháil €m |
|---|---|---|
| Bannaí Coigiltis 3 bliana | 4,784 | 543 |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 bliana agus 10 mbliana | 607 | 265 |
| Cairteacha Coigiltis 5½ bliana | 4,233 | 276 |
| Tráthchoigiltis 6 bliana | 473 | 5 |
| Duaisbhannaí | 1,449 | 119 |
| Cuntais Taisce | 2,518 | 234 |
| **Iomlán** | **14,063** | **1,441** |

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán. Foinse: GBCN

Sheol GBCN Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta nua deich mbliana i mí Aibreáin 2010 agus thug siad Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta nua isteach i mí Feabhra 2011. D'éirigh go geal leis na bannaí seo agus, faoi dheireadh 2011, bhí €607 milliún infheistithe iontu.

Feidhmíonn an Post mar ghníomhaire de chuid GBCN maidir le táirgí Coigiltis Stáit (seachas Duaisbhannaí). Oibríonn an Chuideachta Duais-Bhannaí (comhfhiontar idir an Post agus Fexco, ar cuideachta seirbhísí airgeadais Éireannach iad) Scéim na nDuaisbhannaí thar ceann GBCN.

## Táirgeacht Fónaimh d'Fhiachas

Is iad bunchuspóirí GBCN i leith bainistiú fiach leachtacht chuí a chinntiú don Státchiste agus costais as fónamh d'fhiachas a choimeád a ísle agus is féidir thar an meántéarma faoi réir leibhéal inghlactha riosca.

B'ionann an costas úis iomlán a bhain leis an bhFiachas Náisiúnta in 2011 agus €4.549 billiún, agus d'íoc an Státchiste €3.952 billiún de sin. Ba iad na míreanna eile a gearradh ar chostais as fónamh d'fhiachas cistí fiachmhúchta ar luach €638 milliún – is ionann é sin go héifeachtach agus táille theicniúil ar an mbuiséad reatha a léirítear freisin mar fháltas sa bhuiséad caipitil – agus táillí agus costais riaracháin €188 milliún. Íocadh €600 milliún ón gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) agus úsáideadh é chun costais as fónamh d'fhiachas a ghlanadh in 2011. Bhí costais as fónamh d'fhiachas an Státchiste €256 milliún faoi bhuiséad ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear tosca uainithe agus laghduithe ráta ar sciar an AE de na hiasachtaí faoi chlár an AE/CAI.

### Anailís ar Tháirgeacht Fónaimh d'Fhiachas i gcomparáid le Buiséad (€m)

**Buiséad Státchiste maidir le Fónamh d'Fhiachas**
**5,031**

↓

| Caiteachas Fónaimh d'Fhiachas: | |
|---|---|
| Ús | 4,549 |
| Cistí Fiachmhúchta | 638 |
| Costais na gníomhaireachta | 41 |
| Costais eisiúna | 147 |
| | 5,375 |
| Aistriú ó CFSC | -600 |
| Costas Státchiste Iomlán | 4,775 |

↓

**Coigilteas Státchiste maidir le Fónamh d'Fhiachas**
**(256)**

Foinse: GBCN

## Próifíl Fiachais

Is é is Fiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) ann tomhas ar fhiachas iomlán ar fud an Stáit agus is é an tomhas é a úsáidtear le haghaidh cuspóirí comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh. Is ionann an Fiachas Náisiúnta agus an glanfhiachas atá tabhaithe ag an Státchiste tar éis iarmhéideanna airgid agus sócmhainní gaolmhara eile a chur san áireamh agus is é an phríomh-chomhpháirt d'Fhiachas Rialtais Ghinearálta é. Ina theannta sin, áirítear san Fhiachas Rialtais Ghinearálta freisin fiachas chomhlachtaí an rialtais láir agus áitiúil mar aon le nótaí gealltanais a eisítear chuig roinnt forais airgeadais mar bhealach chun tacaíocht Stáit a sholáthar do na forais seo. Tuairiscítear an Fiachas Rialtais Ghinearálta ar bhonn comhlán agus ní fhritháirítear iarmhéideanna airgid gan íoc agus sócmhainní airgeadais eile – murab ionann agus an Fiachas Náisiúnta.

Baineann na figiúirí sa rannán seo go príomha leis an GGC, ach ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann freagrachtaí GBCN leis an bhFiachas Náisiúnta amháin.


| Comhshuíomh Fiachais An 31 Nollaig 2011 | Fiachas Náisiúnta €m | Fiachas Rialtais Ghinearálta €m |
|---|---|---|
| Bannaí Rialtais | 85,310 | |
| Maoiniú Chlár an AE/CAI | 34,629 | |
| Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach Eile | 673 | |
| Scéimeanna Coigiltis Stáit* | 11,546 | |
| Fiachas Gearrthéarmach | 4,616 | |
| Airgead agus Sócmhainní Airgeadais eile | -17,692 | |
| **Fiachas Náisiúnta amhail an 31/12/11** | **119,082** | |
| | | |
| Fiachas Náisiúnta | | 119,082 |
| Coigeartú d'Airgead agus do agus Sócmhainní Airgeadais eile | | 17,692 |
| Nótaí Gealltanais chuig Forais Airgeadais** | | 28,333 |
| Coigeartuithe Eile d'Fhiachas Rialtais Ghinearálta | | 4,157 |
| **Fiachas Rialtais Ghinearálta amhail an 31/12/11** | | **169,264** |
| | | |
| Athrú ar Luach Ainmniúil an Fhéich in 2011 | 25,637 | 25,023 |

* Áirítear le Coigilteas Stáit airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tugtar na cistí seo ar iasacht don Státchiste mar airleacain ghearrthéarmacha go príomha. Agus Banc Taisc an Phoist á chur san áireamh; is ionann Coigilteas Stáit iomlán atá gan íoc agus €14,063 milliún.

**T á na nótaí gealltanais á maoiniú ar bhonn céimnithe chun an tionchar ar an Státchiste a laghdú agus beidh an chéad tráthchuid, comhionann le deich faoin gcéad den phríomhshuim iomlán, á híoc leis na forais ábhartha in 2011. Leanfar de bheith ag déanamh íocaíochtaí ar bhonn bliantúil thar na blianta atá le teacht go dtí go mbeidh luach iomlán na nótaí, lena n-áirítear ús, íoctha. Rinneadh an íocaíocht €3.06 billiún leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB) in 2012 a réiteach tríd an tsuim choibhéiseach luacha chóir de Bhanna Státchiste 5.4% 2025 a sheachadadh do CÉRB.

Foinse: GBCN agus an Roinn Airgeadais

### Próifíl Aibíochta Fhiachas Fad-Téarmach Indíolta agus Oifigiúil na hÉireann





Foinse: GBCN

B'ionann meánaibíocht ualaithe fhiachas fadtéarmach indíolta agus oifigiúil na hÉireann agus 6.4 bliain ag deireadh 2011: ba é an figiúr inchomparáide ag deireadh 2010 6.9 bliain. Faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2012, mhéadaigh an mheánaibíocht ualaithe go 7.6 bliain. D'eascair an méadú ar mheánaibíocht ualaithe ó aibíochtaí na n-iasachtaí a cuireadh ar fáil do chlár an AE/CAI a fhadú, ón malartú bannaí i mí Eanáir 2012 agus ó shocrú na híocaíochta in 2012 ar an nóta gealltanais a eisíodh do CÉRB tríd an tsuim choibhéiseach luacha chóir de Bhanna Státchiste 5.4% 2025 a sheachadadh do CÉRB.

I rith na 1990idí thit an cóimheas FRG/OTI go géar i dtréimhse fáis ghasta gheilleagraigh. Lean sé de bheith ag titim, ach ag ráta níos measartha, le linn na 2000idí agus faoi 2006 sheas sé ag 24.8 faoin gcéad den OTI, nó €44 billiún.

### Fiachas Ginearálta Rialtais/Cóimheas an OTI 1990-2010




Fionse: An Roinn Airgeadais

Ó dheireadh 2006 ar aghaidh, mhéadaigh FRG na hÉireann go €169 billiún nó 108.2 faoin gcéad den OTI ag deireadh 2011. Tá an méadú tapa ar fhiachas sa tréimhse seo inchurtha den chuid is mó i leith easnaimh shuntasacha bhuiséid mar gheall ar an gcúlú dian geilleagrach agus ar an gcostas a bhaineann leis an gcóras baincéireachta a athchaipitliú. Bhí cur le chéile na n-iarmhéideanna réamhchúraim airgid ina chúis leis an méadú ar ollfhiachas freisin.

Mar a luadh cheana féin, is ionann FRG agus beart comhlán a fhágann nach féidir iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile. Níl sainmhíniú sonrach ar choincheap an ghlanfhiachais rialtais agus ní úsáidtear é de ghnáth i gcás comparáidí idirnáisiúnta. Mar sin féin, dá ndéanfaí an €13.8 billiún in airgead, i dtaiscí agus i sócmhainní leachtacha eile atá ag an Státchiste, chomh maith le Punann Lánroghnach CNP ar fiú €5.4 billiún í, a fhritháireamh, sheasfadh glanfhiachas rialtais ag 96 faoin gcéad den OTI ag deireadh 2011.

Fortheilgtear go mbuailfidh an FRG a bhuaic mar chéatadán de OTI de 120.3 faoin gcéad in 2013 agus go meathfaidh sé ina dhiaidh sin. Tá sé mar cheann de phríomhchuspóirí beartais an Rialtais cobhsú a dhéanamh ar an gcóimheas fiachais agus laghdú a dhéanamh air ina dhiaidh sin agus tá an Rialtas tiomanta do laghdú a dhéanamh ar easnamh Rialtais Ghinearálta go dtí níos lú ná 3 faoin gcéad den OTI faoi dheireadh 2015.

| Fiachas Fortheilgthe an Rialtais Ghinearálta 2012–2015 | % de OTI |
|---|---|
| **2012** | 117.5 |
| **2013** | 120.3 |
| **2014** | 119.5 |
| **2015** | 117.4 |

Foinse: An Roinn Airgeadais (Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2012)

Chun inbhuanaitheacht fiachais a bhaint amach, ní gá go bhfuil an leibhéal fiachais tábhachtach per se, ach tá sé níos tábhachtaí go mbainfidh an cóimheas fiachais/OTI buaic agus go dtosóidh sé ag laghdú ina dhiaidh sin. Baineann tábhacht le ceithre athróg anseo: an leibhéal fiachais tosaigh, ráta fáis na hOlltáirgeachta Intíre ainmniúla, an meánráta úis ar an stoc fiachais agus comhardú bhun-iarmhéid buiséid Rialtais Ghinearálta (an t-iarmhéid buiséid gan íocaíochtaí úis a chobhsóidh an cóimheas fiachais). Tá sé réamh-mheasta go mbainfidh Éire a bun-iarmhéid cobhsaithe fiachais de thart ar +1 faoin gcéad den OTI amach faoi 2014.

**Comhshuíomh an Iarmhéid Rialtais Ghinearálta 2012–2015**

| % de OTI | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| 1 Iarmhéid Rialtais Ghinearálta | -8.3 | -7.5 | -4.8 | -2.8 |
| 2. Caiteachas Úis* | -4.1 | -5.6 | -5.5 | -5.6 |
| **Bun-Iarmhéid = (1-2)** | **-4.2** | **-1.9** | **0.8** | **2.8** |

* Léiríonn an méadú i gcaiteachas úis in 2013 an tionchar a bhí ag deireadh na tréimhse saor ó ús i gcás nótaí gealltanais a bhí i bhfeidhm in 2011 agus in 2012.
Foinse: An Roinn Airgeadais (Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2012)
De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán. Foinse: GBCN

Mar gheall ar an méadú tapa a tháinig ar an méid fiachais le blianta beaga anuas, tháinig méadú suntasach ar chostas fónaimh d'fhiachas freisin. In 2011, b'ionann caiteachas úis Rialtais Ghinearálta mar chéatadán d'ioncam Rialtais Ghinearálta agus 9.6 faoin gcéad. In 2007, níor sheas an figiúr coibhéiseach ach ag 2.9 faoin gcéad. Faoi 2015, bunaithe ar bhoinn reatha tuisceana maidir le héabhlóid an ioncaim, na leibhéal fiachais agus na rátaí úis ar iasachtaíocht an Rialtais, beidh méid comhionann le thart ar 15.5 faoin gcéad d'ioncam Rialtais Ghinearálta ag teastáil chun fiachas Rialtais Ghinearálta a fhónamh[1].

[1] Éire – Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta Aibreán 2012: An Roinn Airgeadais

## Margadh Bannaí Rialtais na hÉireann

**Bannaí Tagarmhairc**

Tá deich mbanna tagarmhairc ag Éirinn agus tá aibíochtaí le sonrú sa chuar toraidh aníos go dtí 2025.

| Banna | Gan Íoc 31/12/2011 (€m) | Gan Íoc 31/05/2012 (€m) |
|---|---|---|
| Banna Státchiste 3.9% 2012 | 5,545 | Aibithe |
| Banna Státchiste 5.0% 2013 | 6,028 | 6,028 |
| Banna Státchiste 4.0% 2014 | 11,870 | 8,227 |
| Banna Státchiste 4.5% 2015 | neamh-bhainteach | 3,630 |
| Banna Státchiste 4.6% 2016 | 10,201 | 10,169 |
| Banna Státchiste 4.5% 2018 | 9,296 | 9,256 |
| Banna Státchiste 4.4% 2019 | 7,700 | 7,700 |
| Banna Státchiste 5.9% 2019 | 6,770 | 6,789 |
| Banna Státchiste 4.5% 2020 | 11,852 | 11,852 |
| Banna Státchiste 5.0% 2020 | 7,738 | 7,708 |
| Banna Státchiste 5.4% 2025 | 8,284 | 11,748 |

Foinse: GBCN

Léiríonn an t-athrú próifíle idir deireadh mhí na Nollag 2011 agus deireadh mhí na Bealtaine 2012 an malartú bannaí i mí Eanáir 2012 a thug deis d'infheisteoirí a ngabháltais i mbannaí reatha a aibeoidh i mí Eanáir 2014 a mhalartú le haghaidh bannaí nua a aibeoidh i mí Feabhra 2015 agus socrú na híocaíochta in 2012 ar an nóta gealltanais a eisíodh do CÉRB tríd an tsuim choibhéiseach luacha chóir de Bhanna Státchiste 5.4% 2025 a sheachadadh do CÉRB.

**Córas Príomhdhéileálaithe**

Tá grúpa láidir Príomhdhéileálaithe ag margadh bannaí Rialtas na hÉireann – bainc idirnáisiúnta infheistíochta a bhfuil réim acu ar fud an domhain den chuid is mó. Déanann gach ceann de na 16 Phríomhdhéileálaí a dtugann GBCN aitheantas dóibh praghsanna leanúnacha dhá bhealach i mbannaí tagarmhairc sainithe in íosmhéideanna sonraithe agus laistigh d'uasraoin tairisceana is ofrála. Meaitseálann roinnt stocbhróicéirí orduithe cliaint, freisin.

Seo a leanas na Príomhdhéileálaithe:

- Barclays, Londain (www.barcap.com);
- BNP Paribas, Londain (www.bnpparibas.com);
- Credit Agricole CIB, Londain (www.ca-cib.com);
- Citigroup, Londain (www.citigroup.com);


- Davy, Baile Átha Cliath (www.davydirect.com);
- Danske Bank, Cóbanhávan (www.danskebank.com);
- Deutsche Bank, Frankfurt (www.db.com);
- Goldman Sachs, Londain (www.gs.com);
- HSBC CCF, Páras (www.hsbc.com);
- ING Bank NV, Amstardam (www.ingwholesale.com);
- JP Morgan, Londain (www.jpmorgan.com);
- Merrill Lynch International, Londain (www.baml.com);
- Nomura International plc, Londain (www.nomura.com);
- Royal Bank of Scotland, Londain (www.rbsmarkets.com);
- Société Générale, Páras (www.societegenerale.com);
- UBS Limited, Londain (www.ubs.com).

Tá na Príomhdhéileálaithe ina mball de Stocmhalartán na hÉireann, ar a bhfuil bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe. Tá rochtain eisiach acu ar cheantanna bannaí GBCN agus féadfaidh siad leas a bhaint as áiseanna comhaontú athcheannaigh agus comhaontú athcheannaigh droim ar ais a sholáthraíonn GBCN i mbannaí Rialtas na hÉireann.

### Láimhdeachas agus Leachtacht

B'ionann an láimhdeachas i mbannaí Rialtas na hÉireann ar Stocmhalartán na hÉireann in 2011 agus €74.1 billiún i dtéarmaí méide. Bhí laghdú ar láimhdeachas sa chéad leath de 2011 tar éis d'Éirinn dul isteach i gclár an AE/CAI i mí na Samhna 2010, agus bhí téarnamh le linn an dara leath de 2011 agus in 2012, cé go raibh láimhdeachas fós ag leibhéil i bhfad níos ísle ná mar a bhí roimh an gclár. Tá an easpa eisiúna ar an mbunmhargadh ó mhí Mheán Fómhair 2010 ina páirtchúis leis an laghdú seo.

### Láimhdeachas Bhannaí Rialtas na hÉireann




Tá figiúirí bunaithe ar méid
Fionse: Stocmhalartán na hÉireann

### Comhaontuithe Athcheannaigh

Is cuid thábhachtach den leachtacht sa mhargadh bannaí iad comhaontuithe athcheannaigh agus gineann siad figiúr atá i bhfad níos mó ná láimhdeachas an mhargaidh airgid. Soláthraíonn siad meicníocht chomhthaobhaithe le haghaidh infheisteoirí chun go bhféadann siad a gcuid torthaí a fheabhsú trína gcuid sealúchais bannaí a thabhairt ar iasacht ar bhonn gearrthéarmach. Ba é an láimhdeachas comhaontuithe athcheannaigh a thuairiscigh Stocmhalartán na hÉireann €625 billiún in 2011.

Bhí GBCN gníomhach sa mhargadh comhaontuithe athcheannaigh i rith na bliana; sholáthair siad áiseanna comhaontuithe athcheannaigh agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais do na Príomhdhéileálaithe. Ar an iomlán, b'ionann gníomhaíocht bunaithe ar chomhaontú athcheannaigh de chuid GBCN agus €22 billiún. Chuir an ghníomhaíocht seo le hoibriú éasca éifeachtúil an mhargaidh le haghaidh gach rannpháirtí agus bhí sí ina foinse úsáideach faisnéise margaidh do GBCN.

## Rátáil Chreidmheasa

Tá rátálacha ceannasacha na hÉireann leis na mórghníomhaireachtaí rátála creidmheasa leagtha amach sa tábla thíos.

| Gníomhaireacht Rátála | Rátáil Chreidmheasa* Fadtéarmach | Gearrthéarmach | Ionchas* |
|---|---|---|---|
| Standard & Poor's | BBB+ | A-2 | Diúltach |
| Moody's | Ba1 | NP | Diúltach |
| Fitch Ratings | BBB+ | F2 | Diúltach |

* amhail an 29 Meitheamh 2012

Foinse: GBCN

## Clár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn

### Achoimre ar an gClár

Chomhaontaigh an Rialtas, ar an 28 Samhain 2010, go mbeadh clár tacaíochta airgeadais €85 billiúin d'Éirinn ag an AE agus CAI. Beidh ranníocaíocht an Stáit leis an gclár cothrom le €17.5 billiún, agus beidh an tacaíocht sheachtrach ionann le €67.5 billiún.

Is éard atá sa tacaíocht sheachtrach faoin gclár:

- €22.5 billiún ó Shaoráid Chiste Leathnaithe CAI;
- €22.5 billiún ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais; agus
- €22.5 billiún ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (€17.7bn) agus iasachtaí déthaobhacha ón Ríocht Aontaithe (€3.8bn), ón tSualainn (€0.6bn) agus ón Danmhairg (€0.4bn).

Cuirtear tacaíocht ar fáil ar bhonn na coinníollachta polasaí ar leith, atá mionsonraithe sa Mheabhrán Tuisceana. Tá sé seo faoi réir athbhreithniúchán leanúnach.

Le linn 2011, bhí athruithe suntasacha ar struchtúr na gcorrlach ráta úis agus aibíochtaí na n-iasachtaí a chuirtear ar fáil faoin gclár, agus tá siad seo leagtha amach thíos. Cabhróidh na corrlaigh ráta úis níos ísle agus na haibíochtaí níos faide le dinimic fiachais na hÉireann, mar go mbeidh costais as fónamh d'fhiachas níos ísle ná mar a bheidís murach iad, agus mar nach mbeidh an oiread sin brú ar an Stát fiachas atá ag teacht in aibíocht a athmhaoiniú sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma.

*An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM)*

Faigheann an Coimisiún Eorpach, tríd an EFSM, iasachtaí ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais Eorpaigh. I mí Dheireadh Fómhair 2011, d'fhaomh Comhairle Airí an AE togra ó Choimisiún an AE maidir le deireadh a chur leis an gcorrlach de 2.925 faoin gcéad ar an tsaoráid agus le méadú a dhéanamh ar an meánaibíocht iasachta d'Éirinn ó 7.5 bliain go 12.5 bliain.

*An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF)*

Chruthaigh ballstát limistéar an euro an EFSF tar éis na gcinntí a rinneadh ar an 9 Bealtaine 2010 faoi chreat chomhairle an ECOFIN. Cuireadh deireadh leis an gcorrlach bunaidh de 2.47 faoin gcéad, a raibh feidhm aige maidir le hiasachtaí EFSF d'Éirinn, tar éis Ráitis ó Chinn Stáit nó ó Rialtais i Limistéar an euro agus ó Fhorais an AE i mí Iúil 2011. Ina theannta sin, fadaíodh meánaibíocht ualaithe na n-iasachtaí ó 7.5 bliain go 15 bliana. Chomh maith leis sin, cuireadh deireadh leis an gceanglas ar an EFSF maidir le maolán airgid a choimeád i gcoinne gach ceann dá n-eisiúintí bannaí. Mar thoradh air seo, bhí laghdú breise éifeachtach i gcostas d'Éirinn.

*Iasachtaí Déthaobhacha*

Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr an ráta úis ar iasacht dhéthaobhach na Ríochta Aontaithe tar éis an athraithe ar struchtúr na gcorrlach ráta úis de chuid an EFSF. Tá struchtúr nua an ráta úis comhdhéanta de mheánchostas ualaithe iasachta ceannasaí na Ríochta Aontaithe sna sé mhí roimh eisíocaíocht le hÉirinn móide táille riaracháin de 0.18 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

Tá an ráta úis ar na hiasachtaí déthaobhacha ón tSualainn agus ón Danmhairg socraithe ag ráta EURIBOR trí mhí (an ráta úis ar thaiscí idirbhainc an euro) móide 1 phointe céatadáin.

*Saoráid Chiste Leathnaithe CAI*

Ainmnítear iasachtaí CAI i gCearta Tarraingthe Speisialta. Tá na Cearta Tarraingthe Speisialta ina sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta a chruthaigh CAI agus is éard atá i gceist bascaed airgeadraí a chuimsíonn euro, dollar na Stát Aontaithe, steirling agus yen. Athraíonn an costas maoinithe ó CAI de réir mhéid chuóta na tíre iasachta[2], de réir an méid a fhaightear ar iasacht agus de réir an fhaid ama dá bhfaightear an t-airgead ar iasacht.

### Iasachtaíocht faoin gClár

B'ionann dliteanais faoi chlár an AE/CAI ag an 31 Bealtaine 2012 agus €49.58 billiún i dtéarmaí ainmniúla. B'ionann iasachtaí ó fhoinsí an AE agus €32.74 billiún agus b'ionann iasachtaí CAI agus €16.84 billiún. B'ionann an costas measta iomlán ar iasachtaí a fuarthas faoi chlár an AE/CAI agus 3.46 faoin gcéad, a chomhluach in euro, ag an 31 Bealtaine 2012.

[2] Sanntar cuóta do gach ballstát, bunaithe go leathan ar a sheasamh coibhneasta i ngeilleagar an domhain agus ar a ranníocaíochtaí le CAI. Cinneann cuóta ballstáit a uastiomantas airgeadais do CAI, a chumhacht vótála, agus tá tionchar aige ar a rochtain ar mhaoiniú CAI.

| Dliteanais gan íoc amhail an 31 Bealtaine 2012 faoi Chlár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtóir** | **Suim Ainmniúil Iasachta*** | **An Dáta Tarraingthe Anuas** | **An Dáta Aibíochta** | **Téarma ón Dáta Tarraingthe Anuas** |
| An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) | €5.00 billiún | 12-Eanáir-11 | 04-Nollaig-15 | 4.9 bliain |
| | €3.40 billiún | 24-Márta-11 | 04-Aibreán-18 | 7 mbliana |
| | €3.00 billiún | 31-Bealtaine-11 | 04-Meitheamh-21 | 10 mbliana |
| | €2.00 billiún | 29-Meán Fómhair-11 | 04-Meán Fómhair-26 | 14.9 bliain |
| | €0.50 billiún | 06-Deireadh Fómhair-11 | 04-Deireadh Fómhair-18 | 7 mbliana |
| | €1.50 billiún | 16-Eanáir-12 | 04-Eanáir-42 | 30.2 bliain |
| | €3.00 billiún | 05-Márta-12 | 04-Aibreán-32 | 20.1 bliain |
| **Iomlán EFSM** | **€18.40 billiún** | | | **11.8 bliain; meánré ualaithe** |
| An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) | €4.19 billiún** | 01-Feabhra-11 | 18-Iúil-16 | 5.5 bliain |
| | €3.00 billiún | 14-Samhain-11 | 04-Feabhra-22 | 10.2 bliain |
| | €1.27 billiún | 12-Eanáir-12 | 04-Feabhra-15 | 3.1 bliain |
| | €0.48 billiún | 19-Eanáir-12 | 19-Iúil-12 | 0.5 bliain |
| | €1.00 billiún | 15-Márta-12 | 23-Lúnasa-12 | 0.4 bliain |
| | €2.80 billiún | 03-Aibreán-12 | 03-Aibreán-37 | 25 bliain |
| **Iomlán EFSF** | **€12.74 billiún** | | | **10.1 bliain; meánré ualaithe** |
| Iasacht Dhéthaobhach ón Ríocht Aontaithe | €0.50 billiún | 14-Deireadh Fómhair-11 | 14-Aibreán-19 | 7.5 bliain |
| | €0.50 billiún | 30-Eanáir-12 | 30-Iúil-19 | 7.5 bliain |
| | €0.50 billiún | 28-Márta-12 | 28-Meán Fómhair-19 | 7.5 bliain |
| **Iomlán na RA** | **€1.50 billiún** | | | **7.5 bliain; meánré ualaithe** |
| Iasacht Dhéthaobhach ón Danmhairg | €0.10 billiún | 30-Márta-12 | 30-Meán Fómhair-19 | 7.5 bliain |
| **Iomlán na Danmhairge** | **€0.10 billiún** | | | **7.5 bliain; meánré ualaithe** |
| An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta | **€16.84 billiún** | 18-Eanáir-11 | Amúchta: 18 Iúil 2015-18 Eanáir 2021 | **4.5 -10 mbliana** |
| | | 18-Bealtaine-11 | Amúchta: 18 Samhain 2015-18 Bealtaine 2021 | |
| | | 07-Meán Fómhair-11 | Amúchta: 07 Márta 2016-07 Meán Fómhair 2021 | |
| | | 16-Nollaig-11 | Amúchta: 16 Meitheamh 2016-16 Nollaig 2021 | |
| | | 29-Feabhra-12 | Amúchta: 31 Lúnasa 2016-28 Feabhra 2022 | |
| **Iomlán Foriomlán** | **€49.58 billiún**** | | | **9.8 bliain; meánré ualaithe** |

* Aistrítear dliteanais neamh-euro go euro ag an ráta malairte ag an 31 Bealtaine 2012. Tar éis í a choigeartú d'eisiúint faoi phar, d'asbhaint chorrlaigh réamhíoctha agus d'éifeacht na n-idirbheart malairte eachtraí, b'ionann an ghlansuim in euro a fuair an Státchiste agus €47.8 billiún.

** Baineadh corrlach réamhíoctha €0.53 billiún ón iasacht €4.19 billiún a tarraingíodh anuas ar an 1 Feabhra 2011, a fhágann glandliteanas €3.66 billiún. Aisíocfar an réamhíocaíocht corrlaigh seo le hÉirinn i n2016.

Foinse: GBCN

## Feidhmeanna Eile

Chomh maith lena gcroífheidhmeanna airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus bainistíocht féich, comhlíonann an Lucht Stiúrthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach de chuid GBCN roinnt feidhmeanna eile.

**Oibríochtaí Cistíochta GNBS agus CNP**
Cuireann GBCN seirbhísí cistíochta ar fáil do CNP agus do GNBS araon le haghaidh a riachtanas fálaithe de réir mar a thagann siad aníos. Le linn 2011, rinne GBCN idirbhearta malairte coigríche, babhtálacha ráta úis agus tras-airgeadra dar luach €46.9 billiún thar ceann GNBS agus CNP.

**Scéim na bhForas Creidmheasa** 2009 **(Ráthaíocht Dliteanas Inghlactha)**
I mí na Nollag 2009, thug an Rialtas scéim nua ráthaíochta isteach a leanfadh Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 le soláthar do ráthaíocht dliteanas bainc i ndiaidh an 29 Meán Fómhair 2010, ar aon dul le ráthaíochtaí i dtíortha eile an AE – Scéim na bhForas Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Inghlactha) 2009 (Scéim RDI). Cheap an tAire Airgeadais GBCN mar Oibreoir na Scéime RDI.

Tugann an Scéim RDI deis ráthaíocht Stát neamhchoinníollach do-chúlghairthe a thabhairt maidir le dliteanais incháilithe áirithe (lena n-áirítear taiscí) de suas le haibíocht chúig bliana arna dtabhú ag forais rannpháirteacha ón am ar éirigh siad ina bhforas rannpháirteach go dúnadh na Scéime. Déantar athbhreithniú ar an Scéim ar bhonn leathbhliantúil ar a laghad le déanamh amach an bhfuil gá i rith an ama leis an tacaíocht airgeadais a sholáthraíonn an Scéim. Fadaíodh an Scéim go dtí an 31 Nollaig 2012 tar éis fhormheas Choimisiún an AE.

Ar na dliteanais incháilithe a d'fhéadfadh bheith faoi ráthaíocht faoin Scéim, tá siad seo a leanas:

- deimhnithe sinsearacha taisce gan urrús;
- páipéar tráchtála sinsearach gan urrús;
- bannaí agus nótaí eile sinsearacha gan urrús; agus
- taiscí.

D'fhéadfadh cláir iomlána um eisiúint fiachais a chur faoi ráthaíocht freisin ionas go mbeidh na hurrúis uile arna n-eisiúint faoi na cláir seo faoi ráthaíocht. D'fhéadfadh forais a ghlacann páirt sa Scéim RDI fiach neamhráthaithe a eisiúint sa ghnáthbhealach.

Amhail an 31 Nollaig 2011, ba í an tsuim iomlán a bhí clúdaithe ag an Scéim RDI €102 billion, i gcomparáid le suim €113 billiún ag deireadh 2010 agus le €375 billiún a bhí clúdaithe ag Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008.

Ón 30 Márta 2012, scoir Banc na hÉireann sa Ríocht Aontaithe de bheith ina bhforas rannpháirteach ach tá taiscí a cuireadh isteach faoin Scéim roimh an dáta sin fós faoi ráthaíocht.

**Lársheirbhísí Cistíochta**
Tógann Lársheirbhís Chistíochta GBCN taiscí ó chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit, ó údaráis rialtais áitiúil, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó choistí gairmoideachais agus tugann sí airleacain dóibh. Is é an cuspóir rogha eile iomaíoch a thabhairt do na comhlachtaí sin le haghaidh a gcuid gnó cisteáin in ionad na hearnála baincéireachta, agus coigiltis a bhaint amach don Státchiste dá bharr. Ag deireadh 2011, b'ionann iasachtaí na Lársheirbhíse Cistíochta do 19 gcomhlacht ainmnithe san iomlán agus €41.7 milliún. Cuireadh 264 taisce leis an Lársheirbhís Chistíochta in 2011, lenar bhain meán-iarmhéid €26 milliún.

**Ciste na gCuntas Díomhaoin**
Faoin *Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001* agus faoin *Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003*, déantar iarmhéideanna ar chuntais dhíomhaoine le bainc, le cumainn foirgníochta agus leis an bPost agus glanluach ina airgead ar pholasaithe áirithe árachais saoil a loghadh chuig an Stát go bliantúil le híoc amach chun críocha carthanachta nó chun críocha leas an phobail. Is gnách gurb í an tréimhse faoi choinne díomhaointeas a shocrú ná 15 bliana ón idirbheart ba dheireanaí a thionscain an custaiméir. I gcás polasaithe árachais saoil lena ngabhann téarma sonraithe, is í an tréimhse ná cúig bliana tar éis dheireadh an téarma sin. Ráthaíonn an reachtaíocht ceart sealbhóirí cuntais agus polasaí a gcuid airgid a athéileamh aon uair ó na forais airgeadais.

Is é an Rialtas a dhéanann cinntí maidir le heisíocaíochtaí. Tugann Bord na gCuntas Díomhaoin comhairle ar réimsí tosaíochta le haghaidh maoiniú. Tá ról ag an mBord freisin maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an mhaoinithe seo.

Ar feitheamh íoc amach, déanann GBCN bainistíocht ar an airgead i gCiste na gCuntas Díomhaoin. Bhí €143 milliún á bhainistiú ag GBCN ag deireadh 2011. Aistríodh €43 milliún chuig an gCiste in 2011, agus athéilíodh €24 milliún ó chuntais a bhí díomhaoin roimhe sin. B'ionann na heisíocaíochtaí ón gCiste agus €8 milliún in 2011.

**Gníomhaíochtaí Eile**
Comhlíonann an Lucht Stiúrthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach na feidhmeanna seo a leanas freisin:

- airgead a fháil ar iasacht ar son na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe faoina gClár Páipéir Thráchtála Ilairgeadra dar luach €6 billiún;
- Billí Idirghabhála um Earraí Talmhaíochta a eisiúint ar son an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun riachtanas a bhaineann le maoiniú gearrthéarmach a chomhlíonadh tríd an mbearna a chlúdach idir íocaíochtaí idirghabhála talmhaíochta a dhéanann an tAire agus airgead a fhorchúiteamh ón AE;
- dul i mbun oibríochtaí laethúla um bainistiú gearrthéarmach airgid le leibhéal iarmhéideanna airgid an Rialtais i mBanc Ceannais na hÉireann a rialú. Tugtar faoi seo mar chuid den bhainistíocht iomlán ar leachtacht i limistéar an euro ag an mBanc Ceannais Eorpach; agus

- creidmheasanna carbóin a cheannach ar son na hÉireann mar chuid de fhreagairt na hÉireann ar a cuid ceanglas faoi Phrótacal Kyoto. Rinneadh laghdú ar an gceanglas maidir le creidmheasanna carbóin a cheannach chun éifeacht an choir chun donais geilleagraigh a bhaineann le hastuithe gáis cheaptha teasa in Éirinn a léiriú, agus níor ceannaíodh aon chreidmheasanna carbóin in 2011.

# Feidhmeanna Córais Bhaincéireachta

## Cúlra agus Achoimre ar Ghníomhaíocht

I mí an Mhárta 2010, tharmlig an Rialtas chuig GBCN feidhmeanna áirithe córais bhaincéireachta an Aire Airgeadais, a bhaineann le maoirseacht agus le bainistíocht leas agus shealúchas an Stáit sna forais siúd atá clúdaithe faoi ráthaíocht an Rialtais in 2008. Ina dhiaidh seo bhunaigh GBCN Sainaonad Baincéireachta agus earcaíodh líon beag de ghairmithe oilte ón earnáil phríobháideach chun foireann a chruthú a bheadh in ann déileáil le dúshláin an-suntasach earnáil na baincéireachta atá roimh an Stát.

I mí Aibreáin 2011, d'fhógair an tAire Airgeadais go gcruthófaí aonad saorsheasaimh a bheadh freagrach dó tríd an Roinn Airgeadais d'fhonn maoirseacht Stáit a sholáthar ar an gcóras baincéireachta agus leas a bhaint as acmhainní GBCN chun a gcuid oibre a dhéanamh.  Cúlghaireadh tarmligean feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig GBCN le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011. Ina dhiaidh sin, cuireadh Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Oideachais.

Ó cuireadh ar bun iad, tá Aonad Baincéireachta GBCN i dteagmháil leis na bainc chun comhairle a chur ar an Aire maidir le straitéisí athchaipitlithe bainc agus chun bainistiú a dhéanamh ar scairshealbha an Stáit sna forais atá clúdaithe. Is éard a bhí i gceist leis seo:

- giniúint inmheánach caipitil atá ar fáil a aithint agus a sheachadadh;
- comhroinnt dualgas le sealbhóirí an fhofhiachais sna bainc;
- soláthar caipitil (cothromas agus eile) a idirbheartú agus a fhorghníomhú; agus
- dul i dteagmháil le hinfheisteoirí ionchasacha príobháideacha.

In 2011, bhí béim obair an Aonaid Bhaincéireachta ar an gcóras baincéireachta a athchaipitliú agus a athstruchtúrú: Ba phríomhghné de chlár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn an Clár um Bearta Airgeadais a thug Banc Ceannais na hÉireann isteach i mí an Mhárta 2011. Áirítear leis an gclár seo Athbhreithniú Measúnaithe Caipitil Stuamachta (PCAR) agus Athbhreithniú Measúnaithe Leachtachta Stuamachta (PLAR) ar Bhainc-Aontas Éireann (AIB), ar Bhanc na hÉireann, ar Chumann Foirgníochta EBS agus ar Chuideachta Bheatha na hÉireann. D'aithin an Clár um Bearta Airgeadais go raibh caipiteal breise iomlán €24 billiún ag teastáil ar fud na ceithre fhoras agus d'éiligh sé go n-ullmhóidís pleananna díghiarála a dhíreodh ar laghdú a dhéanamh ar chóimheasa iasachta-éarlaise go 122.5 faoin gcéad faoi dheireadh 2013.

In éineacht leis an gClár um Bearta Airgeadais, d'fhógair an tAire Airgeadais athstruchtúrú bunúsach ar an gcóras intíre baincéireachta atá bunaithe thart ar dhá bhanc colúin: Banc na hÉireann agus na haonáin chumaiscthe de AIB agus EBS.

Bhí athchaipitliú na mbanc beagnach críochnaithe faoi dheireadh mhí Iúil 2011. Rinne comhroinnt dualgas le foshealbhóirí bannaí agus bearta eile ginte caipitil na mbanc maolú suntasach ar an gcostas athchaipitlithe don Stát. Cuireadh an tAonad Baincéireachta ar iasacht leis an Roinn Airgeadais i mí Lúnasa 2011.

Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an Aonad Baincéireachta, agus iad ag obair leis an Roinn Airgeadais, gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann dar luach €1.0 billiún (glan ar tháillí) a dhíol le hinfheisteoirí príobháideacha. Cheannaigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) na gnáthscaireanna seo roimhe sin trí eisiúint de cheart mar chuid d'athchaipitliú an bhainc. Mar gheall ar an díolachán seo, agus mar gheall ar infheistíocht phríobháideach eile (€0.6 billiún) ón bpróiseas cruinnithe caipitil agus ar chaipiteal eile a gineadh ó fhoinsí neamh-Stáit, bhí laghdú suntasach ar an gcostas iomlán don Stát a bhain le Banc na hÉireann a athchaipitliú. Mar thoradh air seo, d'fhan an banc faoi úinéireacht phríobháideach tromlaigh tar éis an próiseas athchaipitlithe a chur i gcrích.

Ina theannta sin, bhí dlúthbhaint ag an Aonad Baincéireachta le forbairt a dhéanamh ar phleananna díghiarála agus athstruchtúraithe do na forais chuí; rinne siad bainistiú ar na leabhair taiscí agus ar nótaí sinsearacha GNBS a aistriú ó Bhanc Angla-Éireannach agus ó Chumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann chuig AIB agus chuig Cuideachta Bheatha na hÉireann faoi seach; agus rinne siad bainistiú ar chumasc AIB agus EBS agus ar chumasc Bhainc Angla-Éireannaigh agus Chumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann.

## An Clár Athchaipitlithe

Ag deireadh na bliana 2010, b'ionann an tsuim chaipitil iomlán a chuir an Stát ar fáil do na bainc agus €46.3 billiún. In athbhreithniú PCAR/PLAR i mí an Mhárta 2011, aithníodh riachtanas iomlán caipitil bhreise €24.0 billiún do AIB, do Bhanc na hÉireann, do EBS agus do Chuideachta Bheatha na hÉireann. Áiríodh leis seo maoláin chaipitil €5.3 billiún a bhí comhdhéanta de chaipiteal teagmhasach €3.0 billiún chun cosaint i gcoinne caillteanais iasachta tar éis 2013 agus de chaipiteal airgid €2.3 billiún le haghaidh coimeádachas breise. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar thréimhse struis trí bliana agus ar chroí-leibhéal íosta cóimheasa caipitil 1 de 10.5 faoin gcéad.

Sholáthair an CNP €10 billiún den riachtanas caipitil €24 billiún. Mar gheall ar chomhroinnt dualgas le sealbhóirí bannaí (€5.6 billiún) agus ar bhearta eile ginte caipitil (€1.9 billiún) a rinne na bainc, cuireadh €7.5 billiún eile ar fáil, a laghdaigh riachtanas an Státchiste go €6.5 billiún.

De bharr rannpháirtíocht an Rialtais sna hathchaipitlithe bainc a bhí ag teastáil tar éis an athbhreithnithe PCAR/PLAR, b'ionann an tsuim iomlán a chaith an Rialtas ar an athchaipitliú ag deireadh 2011 agus €62.8 billiún. Chuir CNP €20.7 billiún de sin ar fáil. Ina theannta sin, cheannaigh an Rialtas Cuideachta Bheatha na hÉireann ar €1.3 billiún i mí an Mheithimh 2012, a chuir athchaipitliú Chuideachta Bheatha na hÉireann i gcrích. Meastar go ndéanfaidh na fáltais ó Chuideachta Bheatha na hÉireann a dhíol ar aghaidh in am trátha laghdú ar an tsuim a chaithfidh an Rialtas ar athchaipitliú bainc.

**Riachtanais Chaipitil an PCAR/PLAR 2011 (€bn)**

| | AIB | Banc na hÉireann | EBS | Cuideachta Bheatha na hÉireann | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Caipiteal atá ag teastáil 2011-2013 roimh mhaolán | 10.5 | 3.7 | 1.2 | 3.3 | 18.7 |
| Maolán caipitil bhreise (cothromas) atá forchurtha ag an mBanc Ceannais | 1.4 | 0.5 | 0.1 | 0.3 | 2.3 |
| Caipiteal teagmhasach atá forchurtha ag an mBanc Ceannais | 1.4 | 1.0 | 0.2 | 0.4 | 3.0 |
| **Caipiteal iomlán atá ag teastáil 2011-2013** | **13.3** | **5.2** | **1.5** | **4.0** | **24.0** |

Foinse: An Clár um Bearta Airgeadais

**Oll-Athchaipitlithe Bainc an Rialtais go dtí deireadh 2011 (€bn)**

| | An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc* | AIB** | Banc na hÉireann | Cuideachta Bheatha na hÉireann | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **CNP** | **-** | **16.0** | **4.7** | **-** | **20.7** |
| Airgead Státchiste | 4.1 | 4.5 | - | 2.7 | 11.3 |
| Nótaí Gealltanais Státchiste | 30.6 | 0.3 | - | - | 30.9 |
| **Iomlán Státchiste** | **34.7** | **4.8** | **-** | **2.7** | **42.1** |
| | | | | | |
| **Iomlán Foriomlán** | **34.7** | **20.7** | **4.7** | **2.7** | **62.8** |

* Rinneadh Corparáid an Bhainc Angla-Éireannaigh Teoranta agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann a chumasc i mí Iúil 2011 agus tugadh an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta mar ainm nua ar an mbanc nua i mí Dheireadh Fómhair 2011.
** Tá EBS san áireamh. Cheannaigh AIB EBS i mí Iúil 2011.

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán.
Foinse: An Roinn Airgeadais

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ainmnítear GBCN ina nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) nuair atá a bhfeidhmeanna bainistíochta éileamh agus bainistíochta riosca á gcomhlíonadh, éilimh a tharmligtear orthu faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.* Seo a leanas príomhchuspóirí na GÉS:

- Chun a chinntiú go gcoinnítear dliteanais an Stáit i ndáil le héilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine, agus costais na GÉS i ndáil leo a bhainistiú, ag an leibhéal is ísle agus is féidir.
- Chun a gcuid cláir oibre um dhliteanas fostóra, um dhliteanas poiblí agus um riosca cliniciúil a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear íoslaghdú na bhfachtóirí riosca dlíthíochta in údaráis Stáit agus i bhfiontair chúram sláinte, agus chun córais bhainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus a iniúchadh.

Clúdaítear éilimh i gcoinne údaráis áirithe Stáit faoi shainchúram na GÉS, lena n-áirítear an Stát féin, airí Rialtais, an tArd-Aighne, fiontair shláinte, Coimisinéir an Gharda Síochána, rialtóirí príosúin, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus eagraíochtaí éagsúla eile. Leathnaíodh téarmaí tagartha na GÉS go suntasach tuilleadh i mí Feabhra 2011 mar gheall ar tharmligean bhainistíocht na n-éileamh díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine i gcoinne 13 údarás nua (lena n-áirítear Foras Áiseanna Saothair, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais) agus mar gheall ar roinnt cineálacha breise éileamh (lena n-áirítear díobháil phearsanta a bhaineann le héilimh bhulaíochta/chiaptha, éilimh de chuid ball de na Fórsaí Cosanta agus den Gharda Síochána agus iad ar fiannas thar lear agus éilimh shláintíochta de chuid príosúnach i gcillín). Tarmligeadh éilimh ag líomhain díobháil phearsanta i leith Tailídimíde agus Niméasuilíde, na táirgí íocshláinte, chuig an GÉS i mí Aibreáin 2012. Tá 54 údarás Stáit faoi shainchúram na GÉS.

## Bainistíocht Éileamh

Ag deireadh 2011, bhí an GÉS ag láimhseáil 5,306 éileamh. B'ionann an dliteanas measta i gcoinne gach éileamh gníomhach agus €991.1 milliún; seo a leanas miondealú air:

- Éilimh Chliniciúla €859.8 milliún (87 faoin gcéad)
- Éilimh EL, PL, PD[3] €131.3 milliún (13 faoin gcéad)

San iomlán, fuair an GÉS 2,697 éileamh nua agus réitigh siad 1,656 éileamh in 2011. Mar thoradh ar tharmligean na bainistíochta éileamh i gcoinne údaráis nua agus mar gheall ar aicmí bhreise éileamh, rinneadh líon na n-éileamh a bhí á láimhseáil ag an GÉS ag deireadh 2011 a mhéadú faoi 25 faoin gcéad i gcomparáid leis an bhfigiúr ag deireadh 2010.

[3] Ciallaíonn Dliteanas Fostóra dliteanas fostóra i leith a fhostaithe maidir lena ghníomhartha nó neamhghníomhartha faillíocha, agus maidir le cinn a fhostaithe. Ciallaíonn Dliteanas Poiblí dliteanas úinéara/áititheora áitribh maidir lena ghníomhartha nó neamhghníomhartha faillíocha a chuireann isteach ar an bpobal mór. Ciallaíonn dliteanas i leith dochair do réadmhaoin dliteanas úinéara/áititheora maidir lena ghníomhartha nó neamhghníomhartha faillíocha atá ina mbunús le dochar do réadmhaoin tríú páirtí.


**Punann Éileamh Cliniciúil**

Déantar bainistíocht ar éilimh chliniciúla faoi roinnt scéimeanna atá á bhfeidhmiú ag an GÉS: Faoin bpríomhscéim – an Scéim Slánaíochta Cliniciúla – tá an GÉS freagrach as bainistíocht gach éileamh cliniciúil a ghlactar i gcoinne fiontair shláinte/ospidéal agus cleachtóirí altranais chliniciúil agus cleachtóirí comhghaolmhara cúram sláinte atá clúdaithe ag an Scéim. Tugann bainisteoirí éileamh cliniciúil comhairlí dlí i líon suntasach ionchoisní freisin.

Bhain an GÉS coigilteas suntasach amach i mbainistíocht na n-éileamh cliniciúil in 2011. Mheas measúnú achtúireach neamhspleách go mbeadh €106 milliún ag teastáil chun freastal ar na costais a bhaineann leis an Scéim Slánaíochta Cliniciúla in 2011. B'ionann an Táirgeacht i ndáil leis an scéim, lena n-áirítear suimeanna a fuarthas ar ais ó thríú páirtithe, agus €81 milliún – seasann sé seo do choigilteas 24 faoin gcéad.


Ag deireadh 2011, bhí an GÉS ag láimhseáil 2,139 éileamh cliniciúil a raibh dliteanas measta €859.8 milliún ag baint leo. Íocadh amach €97.5 milliún san iomlán i leith na n-éileamh cliniciúil uile in 2011. Cé nach mbaineann ach 23 faoin gcéad d'iomlán na n-éileamh cliniciúil le héilimh ghníomhacha a bhaineann le cnáimhseachas, is ionann iad agus 59 faoin gcéad den dliteanas measta iomlán. Is de bharr na luachanna arda socraithe a bhaineann le héilimh pairilise ceirbrí agus éilimh thromchúiseacha eile a bhaineann le breith é seo.

**Éilimh Chliniciúla de réir an Chineáil Teagmhais (Gníomhach agus Réitigh)**





Foinse: GBCN

## Éilimh Chliniciúla Sainghrúpa





## Éilimh DF/DP/DM de réir Chatagóir an Té a Gortaíodh (Gníomhach agus Réitigh)




Foinse: GBCN

## Éilimh DF/DP/DM de réir Bunchúiseanna (Gníomhach agus Réitigh)




Foinse: GBCN

Idirghabháil Éileamh

Tá an GÉS tiomanta go láidir d'eadráin a mholadh mar rogha níos fearr ná córas sáraíochta na gcúirteanna, go háirithe maidir le réiteach na gcásanna faillí cliniciúla. I rith 2011, ghlac siad páirt in 11 chomhdháil idirghabhála rathúla, a sheas do mhéadú suntasach ar líon na socruithe in éilimh faillí cliniciúla a baineadh amach mar gheall ar idirghabháil a úsáid.

Punann Éileamh EL, PL, PD

Ag deireadh 2011, bhí an GÉS ag láimhseáil 3,167 éileamh EL, PL, PD, a raibh dliteanas measta €131.3 milliún ag baint leo. Íocadh amach €13.4 milliún san iomlán i leith éilimh EL, PL, PD in 2011.

Sula ndearnadh bainistíocht éilimh EL, PL, PD i gcoinne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus 13 údarás Stáit eile a tharmligean chuig an GÉS, bhí suim €21.2 milliún á híoc ag na comhlachtaí seo i bpréimheanna árachais gach bliain. Le linn 2010 agus 2011, caitheadh suim iomlán €1.1 milliún chun bainistiú a dhéanamh ar éilimh EL, PL, PD i gcoinne na n-údarás seo, rud a sholáthair coigilteas sreafa airgid €41.3 milliún. Bunaithe ar an dliteanas measta reatha gan íoc a bhaineann leis na héilimh seo ón 1 Eanáir 2010, táthar ag súil go mbainfear coigilteas fadtéarmach €15.3 milliún amach don Stát trí na héilimh seo a bheith á mbainistiú ag an GÉS ar bhonn íoc mar a théitear.

## Bainistíocht Riosca

Tá dualgas reachtúil ar an GÉS comhairle agus cúnamh a chur ar fáil d'údaráis Stáit (fiontair shláinte san áireamh) maidir le bainistiú rioscaí as a bhféadfadh díobháil phearsanta (agus ó theagmhais chliniciúla dhíobhálacha) nó dlíthíocht damáiste réadmhaoine teacht chun cinn. Tá oibleagáid reachtúil ar gach údarás Stáit tuairisc a thabhairt don GÉS maidir le haon teagmhas as a bhféadfadh éilimh teacht chun cinn.

Tá sé ríthábhachtach go dtuairisceofar teagmhais go luath le gur féidir riosca a bhainistiú go rathúil. Tugann sé an deis dianfhiosrú a dhéanamh go luath ar theagmhais atá i bhfad níos tromchúisí d'fhonn ceist an dliteanais a dhéanamh amach roimh dhlíthíocht ar bith. Tugann sonraí faoi theagmhais dhíobhálacha deis don GÉS aon phátrúin atá faoi bhun an chaighdeáin a shainaithint a d'fhéadfadh laigí a nochtadh i nósanna imeachta cliniciúla, i nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta nó i nósanna imeachta bainistíochta riosca dlíthíochta atá ann faoi láthair.

Óstálann an GÉS córas leictreonach náisiúnta tuairiscithe (STARsWeb), a éascaíonn tuairisciú ar theagmhais dhíobhálacha (teagmhais chliniciúla, nó teagmhais a bhaineann le fostaithe, le cuairteoirí nó le damáiste) in údaráis Stáit faoi leith. Ligeann an córas STARsWeb do thuairisciú díreach leictreonach ar theagmhais agus cuireadh é seo chun feidhme ar fud na bhfiontar sláinte poiblí uile agus tugadh é isteach sna príosúin uile in 2011 freisin. Tugann tuairiscí ón gcóras deis braislí teagmhas díobhálach a aithint agus tugann siad deis anailís bhunchúise a dhéanamh ar theagmhais agus ar éilimh i gcoitinne.


In 2011, d'fhorbair an GÉS sonrú riachtanais úsáideoirí agus sonrú riachtanas teicniúil d'fhonn uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras chun freastal ar na riachtanais uile reatha agus amach anseo de chuid údaráis Stáit. Tá sé mar chuspóir go ndéanfar gach teagmhas díobhálach a thuairisciú go leictreonach ag an leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, cuirfidh an córas ardfheidhmiúlacht tuairiscithe ar fáil d'údaráis Stáit agus, nuair is gá, feidhmiúlacht bhreise, amhail bainistíocht teagmhas, rianú gníomhartha ceartaitheacha, cláir riosca, etc.

### Bainistíocht Riosca Chliniciúil

Tugann an GÉS tacaíocht agus comhairle maidir leis na nósanna imeachta is fearr i leith bainistíocht riosca chliniciúil i bhfiontair shláinte/in ospidéil atá clúdaithe ag an Scéim Slánaíochta Cliniciúla. Nuair a shainaithníonn an GÉS teagmhais nó treochtaí atá díobhálach, freagraíonn siad trí mhionanailís a dhéanamh, trí chomhairle a thabhairt agus trí mholtaí a dhéanamh, nó trí athbhreithnithe seachtracha a choimisiúnú, de réir mar is cuí.

Tá clár oibre bliantúil na GÉS um riosca cliniciúil bunaithe ar anailís treochtaí ar theagmhais chliniciúla dhíobhálacha a chuirtear in iúl don GÉS tríd an gcóras STARsWeb, ar anailís ar éilimh dhúnta, ar thaighde atá bunaithe ar fhianaise agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

**Teagmhais Chliniciúla a Tuairiscíodh ar STARSWeb**




Foinse: GBCN

I measc ghníomhaíochtaí sonracha na GÉS i leith bainistíocht riosca chliniciúil in 2011, bhí:

- Oiliúint bunaithe ar fhianaise in anailís ar chóras, ar fhreastail 402 pearsanra cúram sláinte ó dhisciplíní éagsúla air. Tá an oiliúint dírithe ar phearsanra sinsearach laistigh den earnáil sláinte a n-éileofar orthu athbhreithnithe a dhéanamh ar theagmhais chliniciúla thromchúiseacha agus thubaisteacha agus páirt a ghlacadh sna hathbhreithnithe, d'fhonn teagmhais dhíobhálacha den chineál céanna a sheachaint sa todhchaí.
- Tríocha láithreoireacht maidir le bainistíocht riosca do phearsanra cliniciúil i bhfo-speisialtachtaí leighis, agus i gcláir leighis agus altranais d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe.
- Treoirthionscadal i gcomhar le FSS agus leis an gCumann Cosanta Leighis ag dhá ospidéal mhóra, d'fhonn na baic ar chultúr nochta oscailte agus na tacaíochtaí is gá chun cultúr den sórt sin a chur chun cinn a shainaithint. Tabharfaidh torthaí an staidéir seo eolas do na Caighdeáin Náisiúnta um Nochtadh Oscailte a bheidh á bhforbairt ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte in am trátha.
- Roinnt seimineáir náisiúnta a reáchtáil chun ardleibhéal rannpháirtíochta i rialachas agus i saincheisteanna bainistíochta riosca chliniciúil agus díospóireacht orthu, de réir mar a bhaineann siad le speisialtachtaí éagsúla, a áirithiú. Ina measc siúd, bhí seimineáir maidir leis na nithe seo a leanas: Rialachas maidir le Sábháilteacht Othar; Tosca Daonna i gCúram Sláinte; agus Scór Náisiúnta Luath-Rabhaidh um Brath an Othair Mheathlaithe.

- Foilsiú tuarascála ar gach teagmhas cliniciúil a cuireadh in iúl don GÉS le linn 2010 ina ndéantar anailís ar chineálacha teagmhas cliniciúil trí thagairt do na speisialtachtaí éagsúla agus scrúdú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a tuairiscíodh.
- Foilsiú tuarascála ina dtugtar anailís mhionsonraithe ar éilimh chliniciúla a dúnadh le linn 2010. Is é aidhm na tuarascála seo aon tosca a bhíonn ina gcúis le teagmhais dhíobhálacha agus as a dtagann dlíthíocht a bhrath agus eolas a thabhairt do thopaicí ar "cheachtanna a foghlaimíodh" ar mhaithe le hoideachas sábháilteachta othar.

**EL, PL, PD Bainistíocht Riosca**
Gach bliain, déanann an GÉS clár oibre bainistíocht riosca EL, PL, PD a phleanáil agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís treochta i leith sonraí éileamh agus teagmhas, ar cheanglais dlí, ar bhreithiúnais chúirte, agus ar fhorbairtí i mbainistíocht riosca dlíthíochta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

I measc na n-oibreacha suntasacha a cuireadh i gcrích in 2011 bhí:

- Soláthar comhairle ar níos mó ná 2,500 ceist ad hoc maidir le saincheisteanna bainistíochta riosca, slánaíochta nó árachais.
- Eisíodh 31 tuarascáil tar éis athbhreithnithe ar rioscaí aitheanta. Ina measc siúd, bhí tuarascáil ar bhainistíocht arm tine sa Gharda Síochána agus ar chórais chomhlíonta agus chothabhála i Seirbhís Príosún na hÉireann.
- Eisíodh 32 sraith de threoirlínte teicniúla, lena n-áirítear treoirlínte maidir leis na nithe seo a leanas: Slánaíocht Stáit i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Sábháilteacht Cógas i Scoileanna; Cigireacht, Tástáil agus Cothabháil a dhéanamh ar Threalamh agus ar Innealra; agus Obair Aonair.
- Tar éis iniúchadh neamhspleách, choinnigh an tseirbhís bainistíochta riosca a chuireann an GÉS ar fáil d'údaráis Stáit a creidiúnú ISO 9001, is é seo an caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta le haghaidh Córais Bhainistíochta Cáilíochta.

Chomh maith leis sin, spreagann an GÉS d'údaráis Stáit agus tacaíonn leo maidir le córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta agus/nó comhshaoil a chur i bhfeidhm a bhfuil tagarmharcáil idirnáisiúnta déanta orthu. Cuireadh 22 iniúchadh i gcrích in 2011. Ina measc, bhí clár iniúchtaí faireachais leis na Fórsaí Cosanta, le Seirbhís Príosún na hÉireann (i gcás córais bhainistíochta sláinte agus comhshaoil araon) agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig.

# An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Théarnamh

## Cúlra agus Feidhmeanna

I mí Mheán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bunú an Údaráis um Gheilleagar Nua agus Théarnamh (NewERA) laistigh de GBCN, ar bhonn neamhreachtúil ar dtús. Bainfidh róil lárnacha NewERA le maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil tráchtála Stáit in Éirinn. Mar shampla, nuair a iarrfar orthu, tabharfaidh siad comhairle maidir le diúscairt nó le hathstruchtúrú sócmhainní Stáit agus áiritheoidh siad go ndéanfar pleananna an Rialtais i leith infheistíochta i bhfuinneamh, i leathanbhanda agus in uisce a chur chun feidhme laistigh den earnáil. Beidh ról leathan rialachais chorparáidigh acu a chuimseoidh maoirseacht feidhmíochta airgeadais, straitéis chorparáideach, pleananna caipitil agus infheistíochta agus fónfaidh siad mar Fheidhmeannas Scairshealbhóirí agus iad ag bainistiú sócmhainní Stáit ó thaobh na punainne.

Tar éis an fhógra ón Rialtas, thosaigh GBCN ag cur foireann bheag de speisialtóirí le chéile. Áiríodh leis seo sannadh a dhéanamh ar bhaill foirne reatha ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) agus ón nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GAFN) agus earcú a dhéanamh ar líon beag de ghairmithe oilte ag a bhfuil na scileanna airgeadais is gá chun na róil shonracha a shanntar do NewERA a chomhlíonadh.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna NewERA:

- rialachas corparáideach ó thaobh an scairshealbhóra ar na cuideachtaí tráchtála Stáit seo a leanas: BSL, Bord Gáis, EirGrid, Bord na Móna, Coillte;
- a bheith ag obair le Ranna chun tograí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith infheistíochta i bhfuinneamh, in uisce agus i dteileachumarsáid na chéad ghlúine eile, i gcomhréir le ceangaltais NewERA atá sa Chlár don Rialtas;
- a bheith ag obair le CNP chun tograí a thabhairt ar aghaidh maidir leis na hacmhainní atá ar fáil a infheistiú i dtionscnamh NewERA;
- a bheith ag obair le CNP chun Ciste Infheistíochta Straitéisí a fhorbairt;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna infheistíochta caipitil de chuid na gcuideachtaí tráchtála Stáit seo ó thaobh an scairshealbhóra;
- sineirgí féideartha a shainaithint idir cláir infheistíochta de chuid cuideachtaí tráchtála Stáit éagsúla;
- nuair a iarrann an Rialtas orthu, comhairle a thabhairt maidir le haon athstruchtúrú nó le haon diúscairt sócmhainní cuideachtaí tráchtála agus, maoirseacht a dhéanamh orthu sin nuair is cuí

Tá GBCN ag obair faoi láthair ar mholtaí reachtúla le cur faoi bhráid an Rialtais d'fhonn NewERA a chur ar bhonn reachtúil.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí 2011 / 2012

**Diúscairt Sócmhainní Stáit**

Ghlac NewERA páirt i roinnt Coistí Stiúrtha Idir-Rannacha chun raon sócmhainní Stáit a mheas mar nithe a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa diúscairt sócmhainní atá sa Chlár don Rialtas. Iarradh ar NewERA comhairle a thabhairt don Rialtas maidir leis an luacháil is iomchuí ba chóir a chur ar na sócmhainní seo, maidir leis an modh diúscartha is oiriúnaí, nuair is cuí, agus maidir leis an bhfráma ama a bheadh ag teastáil i gcás diúscartha den sórt sin. Mar chuid den phróiseas sin, d'ullmhaigh NewERA tuarascálacha ar roinnt sócmhainní Stáit ina dtugtar aird ar na saincheisteanna sin, lena mbreithniú ag an Rialtas. Tugadh faoin obair seo chun a áirithiú go gcomhlíonfadh an Stát an Meabhrán Tuisceana faoi Chlár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn.

Fógraíodh cinneadh an Rialtais maidir le diúscairt sócmhainní Stáit i mí Feabhra 2012 agus aontaíodh le troika[4] an AE/CAI go bhféadfaí cuid de na fáltais ón díol a úsáid le haghaidh infheistíochta i ngeilleagar na hÉireann. Chinn an Rialtas go n-áireofaí díol ghnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann agus cuid de chumas giniúna cumhachta neamh-straitéisí BSL sna roghanna diúscartha sócmhainní a bheadh le saothrú. Déanfar breithniú ar dhíol chuid de na sócmhainní atá ag Coillte, lena n-áirítear díol talún, agus díol scairsheilbh atá fágtha ag an Stát in Aer Lingus.

Tá obair ar siúl anois ar na bearta sonracha rialála, reachtacha, rialachais chorparáidigh agus airgeadais is gá a dhéanamh chun ligean don chlár diúscartha sócmhainní dul ar aghaidh.

**Feidhmeannas Scairshealbhóirí**

Chuaigh NewERA i dteagmháil le heagraíochtaí dá samhail, ar a dtugtar feidhmeannais scairshealbhóirí go minic, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí faoi úinéireacht stáit sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa tSualainn, san Iorua agus sa Nua-Shéalainn. Trí leas a bhaint as an aschur ón teagmháil seo agus trí threoirlínte reatha ECFE a chur san áireamh, tá dul chun cinn á dhéanamh ag NewERA ar thograí i leith an fheidhmeannais scairshealbhóirí is oiriúnaí do thimpeallacht reachtacha na hÉireann agus a léireodh an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhunú.

Cuireann NewERA comhairle ar fáil do Ranna Rialtais anois maidir le raon gníomhaíochtaí airgeadais sna cuideachtaí tráchtála Stáit, lena n-áirítear tograí infheistíochta, pleananna corparáideacha, tionscadail chaiteachais chaipitil, ráitis airgeadais agus nithe eile mar atá leagtha síos faoin reachtaíocht chuí agus faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

D'fhonn a róil a chomhlíonadh go héifeachtach, d'fhorbair NewERA caidreamh láidir le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear na comhlachtaí tráchtála stáit atá faoina sainchúram agus a Ranna Rialtais faoi seach, laistigh de chreat dea-shainithe oibriúcháin.

---

[4] An Coimisiún Eorpach, an Banc Ceannais Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

Fuinneamh, Uisce agus Teileachumarsáid na Chéad Ghlúine Eile
Sheol an Rialtas a Phlean Gníomhaíochta do Phoist i mí Feabhra 2012 ina ndearnadh tagairt do ról NewERA maidir le tograí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith infheistíocht tráchtála i réimsí an fhuinneamh, an uisce agus theileachumarsáid na chéad ghlúine eile, i gcomhréir le ceangaltais atá sa Chlár don Rialtas.

Tá NewERA ag gabháil leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le raon tionscadail fhéideartha, lena n-áirítear teileachumarsáid, leictreachas in-athnuaite agus bithmhais.

Tá NewERA ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le fóntas nua uisce a bhunú agus maidir leis an mbealach is fearr é a struchtúrú chun infheistíocht a éascú agus chun cuspóirí an Rialtais maidir le feabhas a chur ar an tseirbhís seachadta uisce a bhaint amach. Sa chomhthéacs seo, i mí Aibreáin 2012, d'fhógair an Rialtas bunú Uisce Éireann mar fhochuideachta de chuid Bhord Gáis.

# An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

## Creat Reachtach agus Oibriúcháin

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP" nó "an Ciste") i mí Aibreáin 2001 agus bhí sé mar aidhm acu na costais as leas sóisialach agus as pinsin seirbhíse poiblí ó 2025 ar aghaidh a bhaint amach a oiread agus a d'fhéadfaí. Meastar go dtiocfaidh ardú suntasach ar na costais seo de bharr aosú an daonra. Tá an Ciste á rialú ag Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, ar comhlacht corpraithe iad a cheap an tAire Airgeadais agus lena n-áirítear, *ex officio*, Príomhfheidhmeannach GBCN. Tugann an Coimisiún aghaidh ar a gcuid feidhmeanna trí GBCN, bainisteoir an Chiste.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil agus cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilsítear iad seo go leithleach.

Tháinig athrú mór ar chreat reachtach agus oibriúcháin an Chiste ó 2009 nuair a chinn an Rialtas leas a bhaint as cuid de shócmhainní an Chiste chun cabhrú le déileáil leis an ngéarchéim airgeadais roimh Éirinn. Faoi bhunbheartas infheistíochta reachtúla an Chiste, tá ceanglas ar an gCoimisiún sócmhainní an Chiste a infheistiú d'fhonn an toradh iomlán airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach, ag féachaint do chuspóir an Chiste agus do na riachtanais atá ar an gCiste chun íocaíochtaí a dhéanamh leis an Státchiste, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal riosca a bhaineann leis an airgead sealbhaithe nó infheistithe inghlactha don Choimisiún.

Mar gheall ar athruithe reachtacha in 2009, tugadh cumhacht don Aire Airgeadais ordú a thabhairt don Choimisiún infheistíocht a dhéanamh i bhforais chreidmheasa faoi choinníollacha áirithe, agus mar gheall ar athruithe reachtacha eile in 2010, tugadh cumhachtaí suntasacha don Aire maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste a éagsúlú, maidir le tarraingtí anuas ón gCiste agus maidir le hordú a thabhairt don Choimisiún infheistíocht a dhéanamh in urrúis Rialtas na hÉireann agus in urrúis Rialtas-ráthaithe.

Mar gheall ar na leasuithe seo agus tar éis treoir a fháil ón Aire Airgeadais, ó mhí an Mhárta 2009 i leith, d'infheistigh an Ciste €20.7 billiún san iomlán i mBainc-Aontas Éireann (AIB) agus i mBanc na hÉireann, lena n-áirítear €10 billiún a infheistíodh le linn 2011 faoi Chlár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn. Fabhraíonn aon ioncam nó aon ghnóthachain chaipitil ó na sócmhainní seo don Chiste.

In 2011, d'athcheap an Coimisiún, i gcomhréir le reachtaíocht an Chiste agus le toiliú an Aire Airgeadais, GBCN mar Bhainisteoir ar an gCiste ar feadh cúig bliana eile go dtí mí Aibreáin 2016.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí

Tar éis fhógra an Rialtais i mí Mheán Fómhair 2011 go raibh sé beartaithe Ciste Infheistíochta Straitéisí a bhunú chun infheistíocht a dhéanamh i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach do gheilleagar na hÉireann, athdhíreofar sainchúram CNP ar infheistíocht in Éirinn, faoi réir na leasuithe reachtacha is gá. Táthar ag súil go mbeidh CNP, mar infheisteoir tráchtála amháin, ina n-infheisteoir ríthábhachtach i roinnt cistí a chruthófar faoi scáth an Chiste Infheistíochta Straitéisí agus go ndéanfaidh siad infheistiú in earnálacha lena mbainfidh tábhacht straitéiseach do gheilleagar na hÉireann, lena n-áirítear bonneagar, maoiniú i gcomhair GBManna agus caipiteal fiontair, agus, trí na nithe seo, go ngníomhóidh siad mar chatalaíoch maidir le caipiteal breise tríú páirtí a mhealladh sna deiseanna infheistíochta seo.

I dtaca leis seo, i mí na Samhna 2011, d'fhógair an Coimisiún ceangaltas €250 milliún i gcomhair ciste infheistíochta nua Éireannach a bhfuil suas le €1 billiún á lorg acu ó infheisteoirí institiúideacha in Éirinn agus i dtíortha thar lear agus a fhéachfaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i sócmhainní bonneagair in Éirinn.

## An tEolas is Deireanaí ar an bPunann

Tuairiscíonn an Ciste ar thrí leibhéal anois a áiríonn (i) an Phunann Lánroghnach (agus tá freagracht ar an gCoimisiún go fóill as a cuid infheistíochta), (ii) an Phunann faoi Threoir (ina ndéantar na hinfheistíochtaí le hordú an Aire Airgeadais), agus (iii) an Ciste Iomlán, a chuimsíonn an Phunann Lánroghnach agus an Phunann faoi Threoir araon.

Amhail an 31 Nollaig 2011, b'ionann luach iomlán an Chiste agus €13.4 billiún. Bhí luach €5.4 billiún ar an bPunann Lánroghnach agus bhí luach €8.0 billiún ar an bPunann faoi Threoir.

### Punann Lánroghnach

Tá straitéis leithdháilte sócmhainní na Punainne Lánroghnaí bunaithe ar phunann éagsúlaithe gnáthscaireanna agus sócmhainní réadacha eile. Mar gheall ar na diúscairtí suntasacha sócmhainní a rinneadh le linn 2011 chun soláthar a dhéanamh do ranníocaíocht €10 billiún ón gCiste le clár an AE/CAI, bhí gá le hathailíniú a dhéanamh ar chomhshuíomh na Punainne Lánroghnaí de bharr a méid a bheith laghdaithe go suntasach. Is éard a bhí i gceist leis seo go ndearnadh cuid mhaith de shócmhainní leachtacha an Chiste (cothromas den chuid is mó) a dhíol ar bhonn céimnithe sa chéad leath de 2011. Mar thoradh air seo, bhí laghdú suntasach ar líon na mbainisteoirí infheistíochta in uainchlár an Chiste freisin. Ina theannta sin, mar gheall ar a n-ualuithe a bheith níos mó sa Phunann Lánroghnach a laghdaíodh go suntasach, rinneadh cuid de neamhchosaintí an Chiste i gcoinne aicmí sócmhainní neamhleachtacha – cothromas príobháideach go príomha (thart ar aon cheathrú den neamhchosaint iomlán) agus réadmhaoin – a dhíol in 2011. D'ainneoin choinníollacha deacra an mhargaidh i gcoitinne, fuarthas tairiscintí a bhí comhionann le luacháil na sócmhainní nó gar do luacháil na sócmhainní. Dá bharr sin, seachnaíodh aon lascainí ábhartha.

Thuill an Phunann Lánroghnach toradh 2.1 faoin gcéad in 2011 d'ainneoin an mheatha ar fhormhór na margaí domhanda cothromais.

D'eascair an fheidhmíocht dhearfach seo go príomha ó ghlacadh staid shuntasach oirbheartaíochta i leith cothromais i lár na bliana agus ó cheannach céadrogha ar innéacs cothromais dhá bhliain a dhíol, a thug cosaint do chuid mhór d'infheistíocht chothromais luaite an Chiste in aghaidh gluaiseachtaí díobhálacha praghais. Ó cuireadh an Ciste ar bun in 2001, tá toradh bliantúlaithe 3.3 faoin gcéad in aghaidh na bliana seachadta ag Punann Lánroghnach an Chiste.

| Leithdháileadh Shócmhainní na Punainne Lánroghnaí an 31 Nollaig 2011 | Sócmhainní €m | % den Phunann Lánroghnach |
|---|---|---|
| Caipitliú Mór | 1,346 | 24.7 |
| Caipitliú Beag | 141 | 2.6 |
| Margaí atá ag teacht chun cinn | 376 | 6.9 |
| Céadrogha ar Ghnáthscair a Dhíol | 265 | 4.9 |
| **Gnáthscair Iomlán Luaite** | **2,128** | **39.1** |
| Bannaí rialtais limistéar an euro | - | 0.0 |
| Bannaí boilsciú-nasctha limistéar an euro | 78 | 1.4 |
| Bannaí corparáide limistéar an euro | 271 | 5.0 |
| Airgead | 946 | 17.3 |
| **Sócmhainní Iomlána Airgeadais** | **1,295** | **23.7** |
| Gnáthscair Phríobháideach | 772 | 14.2 |
| Réadmhaoin | 507 | 9.3 |
| Tráchtearraí | 273 | 5.0 |
| Bonneagar | 308 | 5.67 |
| Cistí toraidh dheirbh | 170 | 3.1 |
| **Sócmhainní Iomlána Eile** | **2,030** | **37.2** |
| **Punann Lánroghnach Iomlán** | **5,453** | **100.0** |

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán. Foinse: GBCN

Chuimsigh an Phunann Lánroghnach 40.6 faoin gcéad den Chiste Iomlán ag an 31 Nollaig 2011.

### Punann faoi Threoir

Ar chúiseanna beartais phoiblí, thug an tAire Airgeadais ordú don Choimisiún €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta a infheistiú i mBanc na hÉireann agus in AIB araon in 2009.

I mí na Nollag 2010, thug an tAire Airgeadais treoir don Choimisiún €3.7 billiún in airgead tirim a infheistiú in AIB, a chuimsigh gnáthscaireanna agus scaireanna in-chomhshóite gan cheart vótála. Eisíodh na gnáthscaireanna gan cheart vótála chun diúscairt leasa AIB sa Pholainn a éascú agus i mí Aibreáin 2011, comhshódh iad ina líon coibhéiseach gnáthscaireanna tar éis an diúscairt a chur i gcrích.

Tar éis an fhógra i mí na Samhna 2010 go soláthródh an Ciste €10 billiún de ranníocaíocht €17.5 billiún an Stáit le clár an AE/CAI, chruinnigh an Coimisiún an tsuim a bhí ag teastáil trí shócmhainní leachtacha a dhiúscairt ón bPunann Lánroghnach le linn mhí Feabhra agus mhí Aibreáin 2011. I mí Iúil 2011, de bhun orduithe ón Aire Airgeadais, infheistíodh an tsuim seo in AIB (€5 billiún i ngnáthscaireanna agus ranníocaíocht chaipitil €3.8 billiún) agus i mBanc na hÉireann (€1.2 billiún i ngnáthscaireanna). Le linn an dara leath de 2011, fuair an Ciste €1.0 billiún (glan ar tháillí) ó ghnáthscaireanna i mBanc na hÉireann a dhíol le cuibhreannas infheisteoirí príobháideacha. Tar éis ordú ón Aire Airgeadais, cuireadh na fáltais seo chun an Státchiste.

Ag deireadh 2011, bhí scairsheilbh 99.8 faoin gcéad ag an gCiste in AIB agus bhí scairsheilbh 15.1 faoin gcéad acu i mBanc na hÉireann.

Bhí gnáthscair-sheilbh an Chiste i mBanc na hÉireann luacháilte ar an bpraghas margaidh de €0.082 (8.2 cent) in aghaidh na scaire ag an 31 Nollaig 2011.

Toisc go bhfuil na hinfheistíochtaí i scaireanna tosaíochta sa dá bhanc neamhliostaithe agus toisc go seasann gnáthscair-sheilbh an Chiste in AIB ag 99.8 faoin gcéad agus nach seasann an tsaor-chomhlúthacht ach ag 0.2 faoin gcéad, d'fhonn na hinfheistíochtaí seo a luacháil i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, d'iarr an Coimisiún ar Goodbody Corporate Finance luacháil chóir neamhspleách a chur ar fáil amhail an 31 Nollaig 2011. Luacháil an Coimisiún na gnáthscaireanna in AIB ag €0.0076 (0.76 cent) in aghaidh na scaire agus luacháil siad na hinfheistíochtaí i scaireanna tosaíochta mar seo a leanas:

- AIB 63.5 faoin gcéad den chostas;
- Banc na hÉireann 80.2 faoin gcéad den chostas.

| Punann faoi Threoir an 31 Nollaig 2011 | Luacháil €m | % den Phunann faoi Threoir |
|---|---|---|
| ***Bainc-Aontas Éireann*** | | |
| 3,500 milliún scair tosaíochta | 2,224 | 27.9 |
| 513 billiún gnáthscair | 3,896 | 48.9 |
| **Iomlán do Bhainc-Aontas Éireann** | **6,119** | **76.9** |
| ***Banc na hÉireann*** | | |
| 1,837 milliún scair tosaíochta | 1,473 | 18.5 |
| 4,512 milliún gnáthscair | 370 | 4.6 |
| **Iomlán do Bhanc na hÉireann** | **1,843** | **23.1** |
| **Airgead** | **0** | **0** |
| **Punann Iomlán faoi Threoir** | **7,962** | **100.0** |

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán. Foinse: GBCN

B'ionann toradh na Punainne faoi Threoir in 2011 agus -58.1 faoin gcéad. Chuimsigh sí 59.4 faoin gcéad den Chiste Iomlán ag an 31 Nollaig 2011.

# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Bunaíodh An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) an 1 Eanáir 2003 le comhairle airgeadais a sholáthar d'údaráis Stáit a bhíonn ag tabhairt faoi thionscadail mhóra infheistíochta poiblí ar a bhfuil luach caipitil de níos mó ná €30 milliún. Rinneadh a sainordú a leathnú ina dhiaidh sin chun freagracht iomlán a thabhairt dóibh as tionscadail uile na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas earnáil an iompair agus earnáil na n-údarás áitiúil. Comhlíonann siad a gcuid feidhmeanna trí GBCN. Tá Príomhfheidhmeannach GBCN ina Chathaoirleach *ex officio* ar GAFN. Tá stiúrthóir le GBCN mar Phríomhfheidhmeannach ar GAFN.

Ceanglaítear ar GAFN tuarascáil bhliantúil agus cuntais ar a gcuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilsítear iad seo go leithleach.

Chríochnaigh GAFN ag tabhairt comhairle maidir le 48 tionscadal lena mbaineann comhluach caipitiúil de níos mó ná €6.5 billiún. Tá 26 díobh siúd ina dtionscal CPP.  Tá siad ag plé le níos mó ná 25 tionscadal san am i láthair ar iarratas na Ranna/na nGníomhaireachtaí coimircíochta.

Ní hamháin go soláthraíonn siad comhairle airgeadais maidir le gach tionscadal a tharchuirtear chucu, ba iad GAFN an t-údarás ainmnithe soláthair do dheich gcinn de na tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí. As na sé thionscadal a tugadh ar láimh go foirmiúil do GAFN, tá dhá bheart scoite scoileanna críochnaithe go hiomlán agus tá beart amháin ag ardchéim i soláthar.

Rinneadh na trí thionscadal eile CPP a tugadh ar láimh do GAFN a chur ar ceal. Rinneadh an chéad bheart agus an dara beart den chlár CPP tríú leibhéal, a bhí ag ardchéim i soláthar, a chur ar ceal i mí na Samhna 2011. Cuireadh iad seo ar ceal mar gheall ar chinneadh an Rialtais a tháinig ón athbhreithniú ar Chreat Meántéarmach an Státchiste le haghaidh Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil 2012-16. Cuireadh an tionscadal i leith an Cheolárais Náisiúnta ar ceal i mí na Samhna 2010.

Tugtar achoimre thíos ar an dul chun cinn ar thionscadail le linn 2011 agus go dtí seo i 2012:

## Tionscadail arb iad GAFN an tÚdarás Ainmnithe Soláthair dóibh

- Críochnaíodh an dara beart scoileanna CPP a tarchuireadh chuig GAFN i mí na Bealtaine 2008 roimh an sprioc agus cuireadh an scoil deiridh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2011. Cuireann na sé scoil seo cóiríocht ar fáil do thart ar 4,700 dalta i gCorcaigh, i Luimneach, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus sa Mhí.
- Ceapadh an tairgeoir roghnaithe don tríú beart scoileanna i mí Mheán Fómhair 2011. Faoi réir roinnt saincheisteanna tráchtála agus soláthair a réiteach go sásúil, ba chóir go bhfaigheadh an tionscadal an maoiniú is gá agus go gcuirfí tús lena thógáil níos déanaí i mbliana. Cuirfidh an beart seo cóiríocht ar fáil do 5,700 dalta in ocht scoil i nDún na nGall, i nGaillimh, i Liatroim, i Luimneach, i bPort Láirge, san Iarmhí agus i Loch Garman.

## Tionscadail arb iad GAFN an Comhairleoir Airgeadais dóibh

- Tá GAFN ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le roinnt tionscadal, lena n-áirítear athlonnú na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí go hOspidéal Naomh Íde, Port Reachrann, an tIonad Barr Feabhais um Aosú Rathúil in Ospidéal San Séamas agus Iamháltas bainistíochta fuinnimh, agus iarradh orthu le déanaí comhairle airgeadais a chur ar fáil maidir leis an infheistíocht bhonneagair atá beartaithe chun tacú le straitéis chúraim phríomhúil FSS. Tá GAFN ag cur comhairle airgeadais ar fáil maidir leis an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach freisin. Tá an tionscadal seo curtha ar feitheamh faoi láthair, ag fanacht le toradh an Ghrúpa Athbhreithnithe a cheap an tAire Sláinte tar éis chinneadh an Bhoird Phleanála i leith an iarratais phleanála do shuíomh Ospidéal Mater i mí Feabhra 2012.
- Tá GAFN ag tacú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le soláthar dhá thionscadal bóithre CPP. Cheap an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an tairgeoir roghnaithe do scéim an N11 (an tInbhear Mór-Ráth Naoi, ina n-ionchorpraítear Crois an Fhearainn Nua) i mí an Mheithimh 2011. Ceapadh an tairgeoir roghnaithe do scéim an N17/N18 (an Gort-Tuaim) i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá GAFN ag tabhairt comhairle don Údarás um Bóithre Náisiúnta ar an dara tráinse de limistéir sheirbhíse mhótarbhealaigh a seoladh i mí na Bealtaine 2011.
- Leanann GAFN orthu ag cur comhairle airgeadais ar fáil le haghaidh roinnt tionscadail shuntasacha bhonneagair in earnálacha na dramhaíola agus an uisce. Cabhróidh na tionscadail seo le feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas náisiúnta, tacóidh siad le fostaíocht inbhuanaithe agus seachadfaidh siad an bonneagar is gá do riachtanais shóisialta agus chomhshaoil.
- D'iarr ÚFT Éireann ar GAFN i mí Iúil 2011 comhairle airgeadais a chur ar fáil i ndáil leis an díol talún a bhí beartaithe laistigh de Pháirc Gnó agus Teicneolaíochta Leitir Ceanainn d'fhonn ionad fuinnimh mhalartaigh a fhorbairt ar an suíomh. Chuir GAFN a measúnachtaí réamhcháilíochta airgeadais agus tairisceana i gcrích i Ráithe 1 in 2012.

- Tar éis iarratais ó Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (CCTR), tá GAFN ag obair leis an gCoiste chun forbairt a dhéanamh ar dhoiciméad treorach don mheasúnú airgeadais ar chonraitheoirí faoi chonarthaí CCTR. Tá an doiciméad seo sna céimeanna deiridh faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh sé mar bhonn leis an treoir nua a eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith an mheasúnaithe airgeadais ar thairiscintí CCTR.
- I dteannta comhairle réamhsholáthair maidir le maoiniú na dtionscadal, comhairle sholáthair le linn an tionscadail agus comhairle maidir le gníomhaíochtaí seachadta tionscadal CPP a chur ar fáil, thug GAFN comhairle maidir leis an gcéim iarthógála d'urraitheoirí tionscadail i ndáil le roinnt tionscadail CPP atá i bhfeidhm anois. Mar shampla, i gcás na gCúirteanna Coiriúla Breithiúnais, an Ionaid Chomhdhála, Baile Átha Cliath, agus na dtreoirthionscadal scoileanna (ní raibh ról soláthair ag GAFN i gceann ar bith acu), thug GAFN cúnamh do na comhlachtaí urraíochta chun a áirithiú go bhfuil na meicníochtaí íocaíochta do chonarthaí CPP ag feidhmiú go héifeachtach agus chun lámhleabhair íocaíochta a chruthú le haghaidh tacaíocht oiliúna do bhaill foirne nuair is gá, agus chuir siad comhairle chomhairleach ar fáil don chomhlacht urraíochta maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na meicníochta íocaíochta ina bhfoirgneamh CPP d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht.
- Leanann GAFN le dul i dteagmháil le maoinitheoirí iltaobhacha d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an maoiniú atá éifeachtach ó thaobh costais atá ar fáil do bhonneagar na hÉireann. Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) téarmaí táscacha ar fáil do suas le €50 milliún de mhaoiniú fiachais don tríú beart scoileanna CPP, agus táthar ag súil go sroichfidh an beart seo céim na dtarraingtí anuas níos déanaí i mbliana. I gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá GAFN ag éascú díospóireachtaí idir BEI agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le hiasacht dhíreach a sholáthar don Státchiste chun maoiniú a dhéanamh ar roinnt beart scoileanna a sholáthrófar ar bhonn traidisiúnta (neamh-CPP). Lean GAFN le bheith i dteagmháil le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa, a chuireann maoiniú ar chostas íseal ar fáil do thionscadail i raon earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta.
- I mí an Mhárta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna sonraí maidir le 219 mórthionscadal tógála scoile nua a gcuirfear tús leo thar na cúig bliana seo chugainn mar chuid de chlár infheistíochta caipitil €2 billiún. Tá na tionscadail nua seo i dteannta na 56 mórthionscadal tógála scoile do 2012 a fógraíodh cheana féin. Cuimsíonn plean cúig bliana na Roinne Oideachais agus Scileanna roinnt modhanna éagsúla maidir le tionscadail a sheachadadh. Tabharfaidh GAFN, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Coistí Gairmoideachais agus le Comhairlí Contae, cúnamh don Roinn maidir le níos mó ná 80 mórthionscadal scoile a sheachadadh. Beidh an clár tacaíochta seo de chuid GAFN i dteannta an chláir scoileanna CPP, a mbeidh GAFN fós ag gníomhú mar ghníomhaire soláthair agus seachadta ina leith. Thosaigh GAFN ag obair leis an Roinn cheana féin chun an straitéis seachadta is fearr a aithint le haghaidh thart ar 20 tionscadal tógála scoile. Fágfaidh comhoibriú idir na gníomhaireachtaí éagsúla lena mbaineann go mbeifear in ann tionscadail a luathú agus a chomhordú.

# An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) go foirmiúil i mí na Nollag 2009 mar cheann de roinnt tionscnamh ar ghlac an Rialtas leo chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach i mbaincéireacht na hÉireann, a tháinig chun cinn mar thoradh ar iasachtaíocht iomarcach leis an earnáil réadmhaoine, go háirithe i rith na mblianta 2003 go 2007. Ghnóthaigh siad sócmhainní áirithe iasachta (talamh agus forbairt agus iasachtaí lena mbaineann) mar mhalairt ar urrúis faoi ráthaíocht an Rialtais a d'eisigh siad go díreach chuig cúig fhoras rannpháirteacha – Bainc-Aontas Éireann, an Banc Angla-Éireannach, Banc na hÉireann, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann agus Cumann Foirgníochta an EBS.[5]

Is é cuspóir tráchtála GNBS, faoi Alt 10 d'Acht GNBS, an toradh is fearr airgeadais a bhaint amach, chomh fada agus is féidir, don Stát, ag féachaint don chostas don Státchiste a bhaineann le sócmhainní bainc a fháil agus le déileáil le sócmhainní bainc, ar chostas caipitil GNBS agus ar chostais eile.

Fónann GNBS mar aonán neamhspleách tráchtála agus tá a mbord féin acu atá ceaptha ag an Aire Airgeadais agus lena n-áirítear, *ex officio*, Príomhfheidhmeannach GBCN agus Príomhfheidhmeannach GNBS. Tá gach ball foirne de chuid GNBS fostaithe ag GBCN agus tá siad sannta ag GBCN do GNBS.

Ceanglaítear ar GNBS tuarascáil bhliantúil agus cuntais a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilsítear iad seo go leithleach. Chomh maith leis sin, cuireann GNBS tuarascálacha ráithiúla airgeadais faoi bhráid an Aire agus leagtar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas iad. Freastalaíonn a gCathaoirleach agus a bPríomhfheidhmeannach ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí, ar an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus coistí cuí eile san Oireachtas, agus tugann siad fianaise dóibh, nuair a iarrtar orthu.

## Dul Chun Cinn in 2011/2012

Chuir GNBS an chéad chéim chriticiúil dá n-obair i gcrích, arbh éard a bhí i gceist leis iasacht dar luach ainmniúil €74.0 billiún a fuarthas ó na forais atá páirteach i scéim GNBS a luacháil agus a aistriú. Rinneadh an chomaoin a íocadh ar na hiasachtaí a fuarthas – €31.8 billiún – a chur isteach sa chóras baincéireachta.

Tá GNBS i mbun céim nua dá n-obair anois agus tá siad ag díriú ar an gcuid is fearr a bhaint as a dtorthaí ar na hiasachtaí a fuarthas agus ar na sócmhainní réadmhaoine a urraíonn iad. Tá athbhreithniú GNBS ar na dréachtphleananna gnó a chuir 773 nasc féichiúnaí isteach críochnaithe: mar thoradh ar an athbhreithniú seo, i bhformhór na gcásanna, d'aontaigh an féichiúnaí ar sceideal díolacháin sócmhainní agus aisíocaíochtaí fiachais; i mionlach na gcásanna, nuair nach rabhthas in ann teacht ar chomhaontú, ghlac GNBS gníomh forfheidhmithe.

Suas go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2012, cheadaigh GNBS díolacháin sócmhainní a luacháladh ag €9.2 billiún. Chomh maith leis sin, thug siad €1.3 billiún mar chaipiteal oibre agus forbartha ar airleacan d'fhéichiúnaithe chun luachanna sócmhainní a choimeád agus chun cur i gcrích na dtionscadal a chumasú.

Thug GNBS roinnt tionscnamh isteach freisin atá dírithe ar chaipiteal infheisteoirí idirnáisiúnta a mhealladh agus gníomhaíocht mhargaidh a mhéadú sa mhargadh réadmhaoin tráchtála agus réadmhaoine cónaithe araon in Éirinn. Ina measc siúd, tá soláthar maoinithe do dhíoltóirí chun díol réadmhaoin tráchtála na hÉireann atá faoi rialú fhéichiúnaithe GNBS a éascú agus tá sé beartaithe ciste amháin nó níos mó d'infheisteoirí cáilitheacha a sheoladh d'fhonn infheisteoirí institiúideacha, amhail cistí pinsean agus cistí infheistíochta ceannasacha, a mhealladh chun réadmhaoin na hÉireann a cheannach ar bhonn céimnithe.

## Seirbhísí GBCN do GNBS

Faoi Alt 41 d'Acht GNBS, soláthraíonn GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta do GNBS, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, TF, riosca margaidh, cumarsáid agus seirbhísí cistíochta. Cúitíonn GNBS le GBCN costais na mball foirne a shanntar do GNBS agus costais na seirbhísí gnó agus tacaíochta. B'ionann na costais seo agus €28 milliún in 2011.

Faoi dheireadh na bliana 2011 d'earcaigh GNBS, trí GBCN, 193 ball foirne a raibh taithí fhairsing agus saineolas fairsing acu ar réimsí an iasachtaithe, na maoine, na cuntasaíochta, an dlí, na baincéireachta agus an chreidmheasa. Mhéadaigh an líon seo go 214 ball foirne faoi dheireadh mhí an Bealtaine 2012.

[5] Rinneadh Banc Angla-Éireannach agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann a chumasc i mí Iúil 2011 agus tugadh Corparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta mar ainm nua ar an mbanc nua i mí Dheireadh Fómhair 2011. Cheannaigh Bainc-Aontas Éireann Cumann Foirgníochta an EBS i mí Iúil 2011.

# Rialachas

## Struchtúr Tuairiscithe agus Rialachais

Tá GBCN ina gcomhlacht reachtúil a bunaíodh faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990*.

Níl bord ag GBCN agus tá freagracht reachtúil ar an bPríomhfheidhmeannach as leanúint ar aghaidh de bheith ag bainistiú agus ag rialú riarachán agus ghnó na Gníomhaireachta i gcoitinne. Is é an tAire Airgeadais a cheapann an Príomhfheidhmeannach. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach go díreach don Aire Airgeadais maidir le feidhmeanna GBCN a bhaineann le maoiniú agus bainistiú fiach agus leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát – tarmligeadh gach ceann díobh orthu trí Ordú Rialtais nó Aireachta – agus maidir lena gcuid feidhmeanna a bhaineann le NewERA atá á gcomhlíonadh acu ar bhonn neamhreachtúil faoi láthair. Déantar foráil le reachtaíocht rialaithe GBCN do Choiste Comhairleach uileghabhálach agus do Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát.

Tá a mbord féin ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GAFN), agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) – agus bunaíodh iad go léir faoina gcuid reachtaíocht rialaithe féin. Feidhmíonn GBCN mar an feidhmeannas i leith CNP agus GAFN. I gcás GNBS sannann siad baill foirne do GNBS agus soláthraíonn siad seirbhísí gnó agus tacaíochta agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh. Cuimsítear eolas atá sonrach do Bhord GNBS, do Bhord GAFN agus do Choimisiún CNP i dtuarascálacha bliantúla gach ceann de na comhlachtaí seo. Is comhalta *ex officio* de Choimisiún CNP agus de bhord NAMA é Príomhfheidhmeannach GBCN chomh maith le bheith ina Chathaoirleach *ex officio* ar GAFN.

## An Coiste Comhairleach

Tugann an Coiste Comhairleach cúnamh agus comhairle do GBCN maidir leis na ceisteanna sin a chuireann GBCN faoina mbráid chun na críche sin. Cuireann siad comhairle ar an Aire Airgeadais freisin maidir le téarmaí agus le coinníollacha an Phríomhfheidhmeannaigh (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair).

D'fhonn feabhas a chur ar rialachas corparáideach GBCN, chomhaontaigh an Coiste Comhairleach go dtabharfadh siad comhairle fhoirmiúil don Phríomhfheidhmeannach ar liosta sonraithe saincheisteanna ar bhonn leanúnach. Tá an liosta seo bunaithe ar na hábhair siúd a choimeádfaí le haghaidh chinneadh an Bhoird de ghnáth agus tá sé mar seo a leanas:

a) Beartas um Maoiniú agus Bainistiú Fiach;
b) Spriocanna agus Cuspóirí na Feidhme Gnó;
c) Leibhéil Údaráis Tharmligthe;
d) Luach Saothair;
e) Measúnú Feidhmíochta Ardbhainistíochta agus Pleanáil um Chomharbas;
f) Leasuithe Suntasacha ar Shochair Phinsin na Foirne;
g) Beartais agus Pleananna Corparáideacha;
h) Beartas um Bainistíocht Riosca;
i) An Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais;
j) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla GBCN;
k) Ceapachán Gnólachta d'Iniúchadh Inmheánach;
l) Maoirsiú ar Choiste Iniúchta (lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha an Choiste);
m) Buiséad Oibre; agus
n) Cloí GBCN le Riachtanais Reachtúla agus Rialála.

Is éard atá sa Choiste Comhairleach seachtar comhaltaí a cheap an tAire Airgeadais. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2011 agus an 29 Meitheamh 2012:

**David Byrne – Cathaoirleach** (Ceaptha ón 1 Eanáir 2008)

**Hugh Cooney** (Ceaptha ón 1 Eanáir 2008)

**Kevin Cardiff** (Ceaptha ón 1 Feabhra 2010 go dtí an 3 Feabhra 2012)

**Brendan McDonagh** (Ceaptha ón 1 Meán Fómhair 2010)

**John Moran** (Ceaptha ón 6 Márta 2012)

**Tytti Noras** (Athcheaptha ón 1 Lúnasa 2010)

**Shane O'Neill** (Ceaptha ón 1 Bealtaine 2007) D'éirigh as an 31 Lúnasa 2011)

**Donald C Roth** (Athcheaptha ón 1 Eanáir 2011)

### Shane O'Neill

Bhí Shane O'Neill ina chomhalta de Choiste Comhairleach GBCN ar feadh ceithre bliana sular éirigh sé as de bharr tinnis i mí Lúnasa 2011; fuair sé bás i mí Feabhra 2012. Bhí Shane, a raibh gairm ghnó idirnáisiúnta an-rathúil aige, i gcónaí an-fhlaithiúil maidir lena chuid ama agus buanna a thabhairt do GBCN. Thug sé, le dea-mhéin, saineolas agus dearcadh domhain maidir le gnó san iliomad dúshlán a bhí roimh GBCN ag am a bhí an-deacair don tír.

Ba mhaith leis an gCoiste, le Príomhfheidhmeannach agus le hardbhainistíocht GBCN a mbuíochais ó chroí a chur in iúil faoin méid a chuir Shane le GBCN agus faoin tiomantas agus faoin bhfuinneamh a thug sé dá chuid oibre.

Ceapadh comhaltaí ar théarmaí cúig bliana, seachas i gcás Donald C Roth, a athcheapadh ar théarma trí bliana. I gcás John Moran, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, maireann a théarma ar feadh ré a cheapacháin mar Ard-Rúnaí. Bhí Kevin Cardiff, Ard-Rúnaí roimhe seo na Roinne Airgeadais, ina chomhalta go dtí an 3 Eanáir 2012. Amhail an 29 Meitheamh 2012 bhí folúntas amháin ar an gCoiste.

Tháinig an Coiste Comhairleach le chéile cúig huaire in 2011. Thug comhaltaí an Choiste comhairle do GBCN ar bhonn leanúnach i rith na bliana freisin.

| Comhalta Coiste | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| David Byrne | 5/5 |
| Hugh Cooney | 5/5 |
| Kevin Cardiff | 5/5 |
| Brendan McDonagh | 5/5 |
| Tytti Noras | 5/5 |
| Shane O'Neill | 2/3(p) |
| Donald C Roth | 5/5 |

tagraíonn (p) don líon cruinnithe arbh fhéidir freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin/scoir.

## Coiste Polasaí um Éilimh ar an Stát

Tugann an Coiste Polasaí um Éilimh ar an Stát comhairle do GBCN maidir le beartas agus le nósanna imeachta a bhaineann le feidhmíocht a gcuid feidhmeanna i leith na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát. Is éard atá sa Choiste seachtar comhaltaí a cheap an tAire Airgeadais. Is iad seo a leanas na comhaltaí amhail an 29 Meitheamh 2012.

**Tony Delany** (Ceaptha ón 10 Márta 2010)

Iar-Stiúrthóir um Éilimh le Norwich Union/Hibernian Insurance

**Niamh Moran** (Ceaptha ón 10 Márta 2010)

Aturnae, Carmody Moran, Aturnaetha

**Christopher Moore** (Ceaptha ón 10 Márta 2010)

Briogáidire-Ghinearál (Ar Scor)

D'fheidhmigh na daoine seo a leanas mar chomhaltaí le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2011 agus an 29 Meitheamh 2012:

**Noel Whelan – Cathaoirleach** (Go dtí an 17 Aibreán 2012)
Leas-Uachtarán agus Déan Emeritus, Ollscoil Luimnigh
**Chris Fitzgerald** (Go dtí an 28 Feabhra 2012)
Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte
**Deirdre Hanlon** (Go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2011)
Príomhoifigeach, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
**Anne Marie Hayes** (Go dtí an 2 Iúil 2011)
Cuntasóir Tionscadail agus Comhalta Boird an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Amhail an 29 Meitheamh 2012 bhí ceithre fholúntas ar an gCoiste.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2011.

| Comhalta Coiste | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Noel Whelan | 4/4 |
| Deirdre Hanlon | 2/3(p) |
| Anne Marie Hayes | 2/2(p) |
| Niamh Moran | 4/4 |
| Tony Delany | 4/4 |
| Christopher Moore | 4/4 |
| Chris Fitzgerald | 3/4(p) |

tagraíonn (p) don líon cruinnithe arbh fhéidir freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin/scoir.

## Coistí Eile

Bhunaigh an Coiste Comhairleach dhá choiste, agus tá téarmaí foirmiúla tagartha acu araon.

**Coiste Iniúchta**
*Comhaltaí:*
Hugh Cooney – Cathaoirleach
Brendan McDonagh
Peter McManamon (Comhalta de Bhord GAFN)
Maurice O'Connell

Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht ar na córais iniúchta inmheánaigh agus rialaithe, ar an gcreat bainistíochta riosca, ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar na ráitis bhliantúla airgeadais de chuid GBCN. Tá rochtain iomlán neamhshrianta ar an gCoiste ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag an gCeann Rialaithe agus ag an Oifigeach Comhlíonta. Is ionann an Coiste agus Coiste Iniúchta GAFN freisin. Tá coistí iniúchta ar leith ag Coimisiún an CNP agus ag GNBS.

**Coiste Luach Saothair**
*Comhaltaí:*
David Byrne – Cathaoirleach
Paul Carty (Cathaoirleach ar Choimisiún CNP)
Frank Daly (Cathaoirleach ar Bhord GNBS
Brendan McDonagh
Donald C Roth

Déanann an Coiste moltaí don Choiste Comhairleach maidir le luach saothair Phríomhfheidhmeannach agus ardbhainistíocht GBCN agus maidir le beartas ginearálta luacha saothair i GBCN.

## Cóid Rialachais Chorparáidigh

Tá Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit múnlaithe ar struchtúr corparáideach tipiciúil ina bhfuil bord stiúrthóirí, ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, agus foireann agus baill foirne bainistíochta feidhmiúcháin a chuireann i gcrích na feidhmeanna a dtarmligeann an Bord chucu. Tá an Cód á chur chun feidhme ag GBCN, agus é curtha in oiriúint dá struchtúir rialachais ar leith. I measc na nithe a bhíonn i gceist leis seo, iarrann an Príomhfheidhmeannach comhairle go foirmiúil ón gCoiste Comhairleach ar bhonn leanúnach maidir le hábhair a bhíonn teoranta do chinneadh ag an mBord de ghnáth.

Tá cóid chleachtais ghnó i bhfeidhm do bhaill agus d'fhostaithe an Choiste Comhairligh agus an Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát. Táthar ag súil go n-áiritheoidh baill agus fostaithe an Choiste go bhfuil gach ceann dá ngníomhaíochtaí á rialú ag na caighdeáin eiticiúla atá léirithe sa chód ábhartha. Ullmhaíodh cód ar leith i gcomhair fostaithe a shanntar do GNBS, a léiríonn ceanglais shonracha Acht GNBS.

Is comhlacht forordaithe poiblí GBCN chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Ina theannta sin tá riachtanais ar leith um nochtadh leasa faoi Acht CNP, faoi Acht GAFN agus faoi Acht GNBS.

## Iniúchóirí

De réir ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar GBCN. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag GBCN. Cuireann gnólacht seachtrach iniúchóirí leis an obair seo. Faoi láthair, tá PricewaterhouseCoopers ag tabhairt faoin obair iniúchta inmheánaigh seo.

## Soláthar Foirne agus Luach Saothair

Tháinig méadú suntasach ar líon na mball foirne i GBCN ó dheireadh 2009 mar gheall ar ghníomhaíochtaí breise a d'iarr an Rialtas ar GBCN a chur i gcrích thar an tréimhse; GNBS, feidhmeanna córais bhaincéireachta an Aire Airgeadais agus NewERA. D'ardaigh an líon foirne ó 169 duine ag deireadh 2009 go 433 duine ag deireadh 2011. Amhail an 31 Meitheamh 2012 b'ionann an líon foirne a bhí fostaithe agus 473 duine.

Tá GNBS freagrach as an gcuid is mó den mhéadú i líon na mball foirne sa tréimhse seo. Is fostaithe GBCN iad gach ball foirne de GNBS agus sannann GBCN baill foirne do GBCN faoi alt 42 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Seachas líon beag baill foirne atá athshannta ó fheidhmeanna eile laistigh de GBCN, tá baill foirne GNBS fostaithe ar bhonn conarthaí cuspóra shonraithe – mairfidh a bhfostaíocht chomh fada agus a bheidh gá ag GNBS lena bhfeidhm ar leith. Déanann GNBS aon chostais a thabhaíonn GBCN mar gheall ar bhaill foirne a shannadh agus ar sheirbhísí a chur ar fáil do GNBS a aisíoc le GBCN.

Tar éis tarmligean feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig GBCN a aisghairm ón 5 Lúnasa 2011, cuireadh foireann bhaincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais.

| Soláthar Foirne GBCN an 31 Meitheamh 2012 | |
|---|---|
| Maoiniú agus Bainistiú Fiach | 13 |
| An tAonad Baincéireachta (ar iasacht leis an Roinn Airgeadais) | 9 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 68 |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 14 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 36 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 214 |
| NewERA | 10 |
| Airgeadas, TF agus Riosca | 71 |
| Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha | 8 |
| Dlí, Rialú agus Comhlíonadh | 17 |
| Eile | 13 |
| **Iomlán** | **473** |

Foinse: GBCN

Tá samhail ghnó GBCN ceaptha chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag gníomhú go tráchtálach chun a gcuspóirí gnó a bhaint amach. Sa reachtaíocht lenar bunaíodh GBCN i 1990, leagadh iad lasmuigh de struchtúir sheirbhíse poiblí d'aon ghnó, agus tugadh saoirse oibriúcháin dóibh tuarastail atá iomaíoch sa mhargadh a idirbheartú. Faoi shamhail ghnó GBCN, níl aon ghráid ghinearálta phá ann agus tá baill foirne fostaithe ar bhonn conarthaí arna n-idirbheartú ina n-aonair faoi rún.

A bhuí leis an tsamhail ghnó seo, tá GBCN in ann dul san iomaíocht leis an earnáil phríobháideach chun baill foirne ag a bhfuil sainscileanna agus scileanna a bhfuil an-tóir orthu a mhealladh agus a choinneáil – go háirithe agus iad i lár a ngairmeacha. Bhí sé seo ríthábhachtach maidir le cur ar chumas GBCN baill foirne, ag a bhfuil an saineolas gairmiúil atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na feidhmeanna nua ar shann Rialtais éagsúla dóibh, a cheapadh.

**Tuarastail GBCN de réir Banda Tuarastail an 31 Bealtaine 2012**

| | GBCN (gan GNBS) | GNBS | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Suas go €50,000 | 88 | 23 | 111 |
| €50,001 go €100,000 | 114 | 100 | 214 |
| €100,001 go €150,000 | 33 | 69 | 102 |
| €150,001 go €200,000 | 14 | 18 | 32 |
| €200,001 go €250,000 | 2 | 1 | 3 |
| Os cionn €250,000 | 8 | 3 | 11 |
| **Iomlán** | **259** | **214** | **473** |

Nótaí:

1. Cuirtear asbhaint phinsin na seirbhíse poiblí i bhfeidhm i gcás fhostaithe GBCN.
2. Is fostaithe GBCN iad baill foirne atá sannta do GNBS.

Foinse: GBCN

Tharscaoil na baill d'fhoireann ardbhainistíochta GBCN aon chomaoin maidir le pá a bhaineann le feidhmíocht do 2011 (díreach mar a rinne siad roimhe sin do 2010). Rinne GBCN íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le cúigear príomhbhall foirne i leith 2011. B'ionann na híocaíochtaí agus €62,610 san iomlán, i gcomparáid le híocaíochtaí dar luach €1,981,760 san iomlán a rinneadh le 258 ball foirne i leith 2010.

Tá sonraí ar luach saothair Phríomhfheidhmeannach GBCN leagtha amach sna Ráitis Airgeadais (feic leathanach 61). Tá sonraí ar luach saothair Phríomhfheidhmeannach GNBS agus Phríomhfheidhmeannach GAFN leagtha amach i Ráitis Airgeadais na gcomhlachtaí sin.

## Úsáid Fuinnimh

Oibríonn GBCN i bhFoirgneamh an Státchiste ar Shráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, ina léasaíonn sé spás ar cheithre urlár. In 2011, d'úsáid GBCN 877,498 kWh leictreachais, i gcomparáid leis an 936,207 kWh leictreachais a d'úsáid siad in 2010. Baineadh an laghdú foriomlán in úsáid leictreachais amach d'ainneoin an mhéadaithe ar an líon foirne agus ar an spás urláir le linn 2011. Ar bhonn 'in aghaidh an fhostaí', bhain GBCN coigilteas bhliantúil 883 kWh leictreachais amach in 2011 i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2010.

Is é an tiarna talún a chuireann an t-aerchóiriú ar fáil san fhoirgneamh agus tá sé á thiomáint ag gás nádúrtha.

**Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in** 2011

In 2011 thug GBCN faoi raon tionscnamh chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh:

- Críochnú measúnaithe fuinnimh na láithreach i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Mar chuid de na hoibreacha feistithe a rinneadh don tionónta (GBCN) ar an spás breise urláir a bhí á áitiú ag GBCN, suiteáladh feistis solais a choiglíonn fuinneamh agus suiteáladh braiteoirí infridhearga gluaisne ar na feistis solais;
- D'aontaigh GBCN leis an tiarna talún measúnú fuinnimh a dhéanamh ar na seirbhísí atá á mbainistiú ag an tiarna talún agus deiseanna coigilte fuinnimh a aithint;
- Leanúint leis an gclár maidir le braiteoirí a shuiteáil ar sholáthairtí uisce, a laghdaíonn úsáid uisce agus cumhachta araon; agus
- Uasghráduithe soilsithe i.e. chuir GBCN tús le feistis solais reatha a bhaint ó áiteanna a bhí áitithe cheana féin agus le feistis solais nua a choiglíonn fuinneamh a shuiteáil.

**Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do** 2012

In 2012 tá sé beartaithe ag GBCN feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú arís eile trí na nithe seo a leanas:

- Leanúint le feistis nua a chur in ionad na bhfeisteas solais reatha ar gach urlár;
- An clár maidir le braiteoirí a shuiteáil ar sholáthairtí uisce a chur i gcrích;
- Clár feasachta fuinnimh i measc na foirne a thabhairt isteach; agus
- A bheith ag obair leis an tiarna talún chun laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh i measc seirbhísí atá á mbainistiú ag an tiarna talún.

# Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990


1. Ráiteas ar Dhualgais GBCN
2. Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais
3. Fiachas Náisiúnta na hÉireann
4. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin
5. Ciste Bhanc Taisce an Phoist
6. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla
7. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta
8. Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)
9. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Nár Éilíodh)
10. Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce
11. Cuntas ar Stoc ar Glacadh leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis
12. An Cúlchiste Mionchoigiltis
13. An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
14. Ciste na gCuntas Díomhaoin

# Ráiteas ar Dhualgais GBCN

Ceanglaíonn an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 ar GBCN ráitis airgeadais a ullmhú i leith a n-oibríochtaí gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, ní mór do GBCN:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé neamhchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá GBCN freagrach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais GBCN, a gcistí agus an fiachas náisiúnta.

Tá GBCN freagrach freisin as sócmhainní faoina rialúchán a choimeád agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tugaim aird ar an bhfreagracht as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Rinne mé roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú;
- Coiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a chur orm maidir le feidhmiú mo fhreagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá nósanna imeachta curtha le chéile ag GBCN chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú mar seo a leanas:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an bhforas a shainaithint;
- an chosúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta a mheas;
- cumas GBCN a mheas i ndáil le rioscaí a bhíonn i gceist a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Príomhfheidhmeannach a athbhreithniú agus a chomhaontú leis an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann comhlíonadh airgeadais i gcoinne réamhaisnéise;
- socrú spriocanna chun comhlíonadh airgeadais agus comhlíonadh eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe soiléire faoi infheistíocht chaipitiúil;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm inmheánach iniúchta ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar an riosca a bhfuil GBCN nochta dó, agus tá pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís seo. Tugann an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí tacaíocht d'anailís ar riosca agus do na pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach agus déanann Coiste Iniúchta GBCN an anailís seo a fhaomhadh. Uair sa bhliain ar a laghad, soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) tuarascáil maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaí do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus do Choiste Iniúchta GBCN. Áirítear leis an tuarascáil tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Cuirtear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar an eolas trí obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de GBCN atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus tuairimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó tuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna mé, mar Phríomhfheidhmeannach, agus comhairle glactha agam ó Choiste Iniúchta GBCN, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Ráitis Airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011


Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 40

Beartais Chuntasaíochta 42

Ráiteas ar Fhónamh Fiachais 43

Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta 44

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta 45

Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta 46

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 47

Cuntais Eile GBCN 55

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an ráiteas ar fhónamh fiachais, an ráiteas ar fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar shreabhadh airgid an fhiachais náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht san fhiachas náisiúnta agus na nótaí gaolmhara. Tá creat an tuairiscithe airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 agus tuairiscítear é i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go gcuirtear an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag deireadh na bliana agus costas seirbhíse fiachais don bhliain i láthair mar is ceart iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí í iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh na gcúinsí de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, cuirtear i láthair mar is ceart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart ar an mbonn a thuairiscítear i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta, an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag an 31 Nollaig 2011 agus an costas seirbhíse fiachais don bhliain dar chríoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Athrú sa Bheartas Cuntasaíochta

Gan mo thuairim a mhaolú, tarraingím aird ar an athrú sa bheartas cuntasaíochta atá leagtha amach i Nóta 19.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## (a) Cúlra

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhmeanna iasachta agus bainistithe fiachais náisiúnta a fheidhmiú thar ceann an Aire Airgeadais mar aon le feidhmeanna eile a tharmligfidh an Rialtas dó.

Leagtar amach na ráitis airgeadais d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann ar leathanaigh 43 go 54. Tá foirm na ráiteas ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## (b) Bonn na Cuntasaíochta

Is é an costas stairiúil a úsáidtear mar bhonn tomhais seachas má luaitear a mhalairt. Aithnítear idirbhearta agus úsáid á baint as bonn airgid na cuntasaíochta.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar na suimeanna iomlána de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht agus nár aisíocadh ag deireadh na bliana, lúide sócmhainní leachtacha ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin um an dáta céanna agus lúide sócmhainní airgeadais eile. Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na ráthaíochtaí seo sna ráitis airgeadais seo.

## (c) Tréimhse Tuairiscithe

Is don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 an tréimhse tuairiscithe.

## (d) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## (e) Fáltais agus Íocaíochtaí

Déantar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Státchiste, trí Chuntais Imréitigh Airgeadra Coigríche agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) a thaifead ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar íocaíocht.

## (f) Luacháil Dliteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thaifead ag parluach infhuascailte.

## (g) Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht. Sa chás go gcríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag an nglansreabhadh ciste ar fhónamh d'fhiachas de réir théarmaí na hionstraime leasaithe.

## (h) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadra coigríche go euro ag an ráta malairte ar dháta an idirbhearta. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadra coigríche go euro ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

## i) Próifíl Aibíochta

Is ionann Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach agus fiachas a bhfuil bunaibíocht a mhairfidh níos mó ná bliain amháin aige, agus is ionann Fiachas Gearrthéarmach agus fiachas a bhfuil bunaibíocht a mhairfidh níos lú ná bliain amháin aige.

# Ráiteas ar Fhónamh Fiachais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Ús íoctha | | | |
| Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach | 2 | 4,350,509 | 3,193,472 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 3 | 215,889 | 197,136 |
| Scéimeanna Náisiúnta Coigiltis | 4, 10 | 209,232 | 199,315 |
| Gluaiseachtaí Eile | 5 | 4,473 | 4,304 |
| Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta | 6 | 638,409 | 617,229 |
| Táillí agus Costais | 7 | 147,183 | 84,627 |
| Costais GBCN | | 41,126 | 42,546 |
| Ús a fuarthas ar Thaiscí, | | | |
| Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha | | (232,090) | (102,523) |
| **Costas Iomlán Fónaimh d'Fhiachas** | **1** | **5,374,731** | **4,236,106** |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 47 go 54.

# Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta

31 Nollaig

| | Nóta | | 2011<br>€ milliún | | 2010<br>€ milliún |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach** | | | | | |
| Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann | | | 85,310 | | 90,102 |
| Láithrithe Príobháideacha | | | 602 | | 602 |
| Nótaí Meántéarmacha | | | 66 | | 66 |
| Maoiniú Chlár an AE/CAI | 8(b) | | 34,629 | | 0 |
| Fiachas Ilghnéitheach | | | 5 | | 5 |
| | 8(a) | | 120,612 | | 90,775 |
| **Fiachas Gearrthéarmach** | | | | | |
| Páipéar Tráchtála | 9 | 2,920 | | 6,972 | |
| Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais | 17 | 1,696 | | 1,524 | |
| | | | 4,616 | | 8,496 |
| **Scéimeanna Coigiltis Stáit** | | | | | |
| Cairteacha Coigiltis | | 4,233 | | 3,957 | |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | | 607 | | 342 | |
| Bannaí Coigiltis | | 4,782 | | 4,239 | |
| Tráthchoigiltis | | 473 | | 468 | |
| Stampaí Coigiltis | | 2 | | 2 | |
| Duaisbhannaí | | 1,449 | | 1,330 | |
| | 10 | 11,546 | | 10,338 | |
| | | | 136,774 | | 109,609 |
| Lúide: Airgead agus sócmhainní gaolmhara eile | 11 | | (17,692) | | (16,164) |
| Fiachas Náisiúnta | 14 | | **119,082** | | **93,445** |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 47 go 54.

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Gluaiseacht in iarmhéideanna Státchiste:** | | |
| Iarmhéid Tosaigh sa Chuntas Státchiste (nóta 11) | 11,398,948 | 21,025,141 |
| Taiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha (nóta 18) | (428,349) | (3,374,868) |
| Gníomhaíocht Iasachta (feic thíos) | 27,046,402 | 12,492,883 |
| | 38,017,001 | 30,143,156 |
| Barrachas/(Easnamh) an Státchiste | (24,918,480) | (18,744,208) |
| Iarmhéid Deiridh sa Chuntas Státchiste (nóta 11) | **13,098,521** | **11,398,948** |

| | Fáltais[1]<br>€000 | Íocaíochtaí[1]<br>€000 | 2011<br>Glan<br>€000 | 2010<br>Glan<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaíocht Iasachta** | | | | |
| Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann | 10,576,146 | (15,367,844) | (4,791,698) | 19,102,292 |
| Maoiniú Chlár an AE/CAI | 43,967,401 | (9,457,327) | 34,510,074 | - |
| Nótaí Meántéarmacha | - | - | - | (382,351) |
| Láithrithe Príobháideacha | - | - | - | 379,185 |
| Fiachas Ilghnéitheach | - | (126) | (126) | (126) |
| Páipéar Tráchtála | 16,959,777 | (21,011,811) | (4,052,034) | (9,290,401) |
| Cairteacha Coigiltis | 820,566 | (544,453) | 276,113 | 853,883 |
| Bannaí Coigiltis | 1,398,206 | (855,189) | 543,017 | 1,478,480 |
| Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 293,921 | (28,891) | 265,030 | 341,837 |
| Tráthchoigiltis | 99,186 | (94,439) | 4,747 | 12,827 |
| Duaisbhannaí | 311,197 | (192,558) | 118,639 | 256,743 |
| Iasachtaí ó Chistí Aire | 26,772,708 | (26,600,068) | 172,640 | (259,486) |
| Gníomhaíocht Iasachta Iomlán | 101,199,108 | (74,152,706) | 27,046,402 | 12,492,883 |
| | | | | |
| Taiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha (nóta 18) | 326,548,252 | (326,976,601) | (428,349) | (3,374,868) |
| **Gníomhaíocht Sreafa Airgid Iomlán** | **427,747,360** | **(401,129,307)** | **(26,618,053)** | **9,118,015** |

| | Fáltais[1]<br>€000 | Íocaíochtaí[1]<br>€000 | 2011<br>Glan<br>€000 | 2010<br>Glan<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste | 413,385,112 | (388,947,176) | 24,437,936 | 13,828,135 |
| Cuntais Imréitigh | | | | |
| Airgeadra Coigríche (nóta 16) | 14,362,248 | (12,182,131) | 2,180,117 | (4,710,120) |
| | **427,747,360** | **(401,129,307)** | **26,618,053** | **9,118,015** |

[1]Léiríonn fáltais agus íocaíochtaí oll-luach na gníomhaíochta iasachta, lena n-áirítear tar-rolladh fiachais agus idirbhearta gaolmhara fálaithe.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 47 go 54.

# Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Fiachas Náisiúnta Tosaigh | 93,444,660 | 75,151,797 |
| Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) | 25,637,367 | 18,292,863 |
| **Fiachas Náisiúnta Deiridh** | **119,082,027** | **93,444,660** |
| **Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) ionadaithe ag:** | | |
| Easnamh Státchiste | 24,918,480 | 18,744,208 |
| Éifeacht na ngluaiseachtaí ráta malairte eachtraí | 20,888 | 821 |
| Iasachtaí Meántéarmacha / Fadtéarmacha: glanlaghdú d'fháltais thar dhliteanas ainmniúil | 98,933 | 5,815 |
| Tráinse Bannaí: glanlaghdú/(barrachas) d'fháltais thar dhliteanas ainmniúil | (970) | 139,720 |
| Cealú bannaí: glanlaghdú/(barrachas) de chostas cealaithe thar dhliteanas ainmniúil | (10) | 2,298 |
| Gluaiseacht in iarmhéid reatha CFSC (nóta 11) | 600,046 | (599,999) |
| | 25,637,367 | **18,292,863** |

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 47 go 54.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Costas Seirbhíse Iomlán

| | Nótaí | Gearrtha ar Chuntais Imréitigh Airgeadra Coigríche €000 | Gearrtha ar An Príomh-Chiste €000 | Gearrtha ar CSRA €000 | Iomlán Costas Seirbhíse 2011 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ús íoctha | | | | | |
| Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach | 2 | (48,215) | 1,997,319 | 2,401,405 | 4,350,509 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 3 | 7,949 | 207,726 | 214 | 215,889 |
| Scéimeanna Coigealtas Stáit | 4,10 | - | 203,107 | 6,125 | 209,232 |
| Gluaiseachtaí Eile | 5 | 2,204,429 | (2,588,975) | 389,019 | 4,473 |
| Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta | 6 | - | - | 638,409 | 638,409 |
| Táillí agus Costais | 7 | 632 | 143,622 | 2,929 | 147,183 |
| Costais GBCN | | 15,323 | 25,803 | - | 41,126 |
| Ús a fuarthas ar Thaiscí, | | | | | |
| Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha | | - | - | (232,090) | (232,090) |
| Gluaiseacht Idirchuntais | | - | 2,605,965 | (2,605,965) | - |
| **Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán** | | **2,180,118** | **2,594,567** | **600,046** | **5,374,731** |

## 2. Ús ar Fhiachas Meántéarmach / Fadtéarmach

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann | 4,105,621 | 3,175,026 |
| Maoiniú Chlár an AE/CAI | 207,068 | - |
| Láithrithe Príobháideacha | 34,693 | 12,478 |
| Nótaí Meántéarmacha | 3,132 | 5,949 |
| Fiachas Ilghnéitheach | (5) | 19 |
| | **4,350,509** | **3,193,472** |

## 3. Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Páipéar Tráchtála | 91,455 | 87,462 |
| Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais | 124,434 | 109,674 |
| Láithrithe Príobháideacha | **215,889** | **197,136** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 4. Ús ar Scéimeanna Coigiltis Stáit

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cairteacha Coigiltis | 73,044 | 93,493 |
| Bannaí Coigiltis | 72,552 | 52,428 |
| Tráthchoigiltis | 19,242 | 18,963 |
| Duaiseanna i leith Duaisbhannaí | 41,924 | 34,431 |
| Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 2,470 | - |
| | **209,232** | **199,315** |

Áirítear sna híocaíochtaí ar Ús ar Scéimeanna Náisiúnta Coigiltis in 2011 aistrithe chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin i leith ús carntha caipitlithe ar chuntais faoi leith a shainigh an Post mar chuntais dhíomhaoine faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001. Bhí na glansuimeanna úis a aistríodh mar seo a leanas:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cairteacha Coigiltis | (294) | (662) |
| Bannaí Coigiltis | (25) | (245) |
| Tráthchoigiltis | 58 | (4) |
| | **(261)** | **(911)** |

## 5. Gluaiseachtaí Eile

Glacann GBCN, mar chuid dá ndualgas, páirt i réimse idirbhearta bainistithe fiachais lena n-áirítear díorthaigh (feic nóta 13). Léiríonn an figiúr seo glansreabhadh airgid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo.

## 6. Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta

Faoin Acht Airgeadais, 1950, Alt 22, arna leasú, foráladh do shuimeanna sonracha d'fhuascailt fiachais. Bhí na suimeanna a foráladh agus a cuireadh i bhfeidhm mar seo a leanas:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 15) | **638,409** | 617,229 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 7. Táillí agus Costais

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Maoiniú Chlár an AE/CAI | 113,759 | 41,166 |
| Bannaí Rialtais agus Iasachtaí Eile | 848 | 10,066 |
| Cairteacha Coigiltis | 8,567 | 8,730 |
| Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta | 1,435 | 943 |
| Duaisbhannaí | 10,305 | 11,505 |
| Bannaí Coigiltis | 10,926 | 10,453 |
| Tráthchoigiltis | 1,343 | 1,764 |
| | **147,183** | **84,627** |

## 8(a).Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach

Tá próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántéarmaigh/Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, lena n-áirítear idirbhearta bainistithe an chisteáin a shocraigh GBCN mar seo a leanas:

| | 2011<br>€ milliún | 2010<br>€ milliún |
|---|---|---|
| Fiachas le haisíoc laistigh de bhliain amháin | 6,537 | 4,585 |
| Fiachas le haisíoc idir 2 bhliain agus 5 bliana 39,538 | 23,779 | |
| Fiachas le haisíoc i ndiaidh 5 bliana | 74,537 | 62,411 |
| | **120,612** | **90,775** |

## 8(b).Maoiniú Chlár an AE/CAI

Seo a leanas na dliteanais gan íoc faoin gclár ag deireadh 2011 atá san áireamh in 8(a) thuas agus atá luaite glan ar idirbhearta fálaithe airgeadra: -

| | € milliún | **Ualaithe Meántéarma** Blianta |
|---|---|---|
| **Iasachtóir** | | |
| An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta | 12,598 | 7.5 Bliain |
| An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais | | 7,650 |
| 6.6 Bliain | | |
| An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais | | 13,900 |
| 8 mBliana | | |
| Státchiste na Ríochta Aontaithe | 481 | 7.5 Bliain |
| | **34,629** | |

B'ionann an chéad tarraingt anuas ón EFSF agus €4,194 milliún agus rinneadh í i mí Feabhra 2011. Baineadh corrlach úis réamhíoctha de €530 milliún ón tarraingt anuas agus ba í an ghlansuim a fuarthas €3,664 milliún. Tá an ghlansuim seo san áireamh i ndliteanas an EFSF atá gan íoc. Leasaíodh téarmaí na hiasachta ina dhiaidh sin agus níl feidhm ag an gcorrlach a thuilleadh. Aisíocfar an corrlach réamhíoctha le hÉirinn nuair a aibeoidh an fiachas in 2016, a fhágfaidh glandliteanas €3,664 milliún a bheidh le haisíoc ag an dáta sin.

Déantar an glanchostas a bhaineann leis an iasacht seo a fhónamh a ghearradh ar an tsuim bhunaidh €4,194 milliún a tarraingíodh anuas. Áirítear le fiachas EFSF maoiniú eatramhach €986 milliún a thiocfaidh in aibíocht in 2012. Tá sé beartaithe go gcuirfear maoiniú níos fadtéarmaí faoin gClár in áit an mhaoinithe seo.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 9. Páipéar Tráchtála

Eisíonn GBCN páipéar tráchtála gearrthéarmach d'aibíochtaí bliana ar a mhéad chun cistí gearrthéarmacha a chruinniú ó na margaí idirnáisiúnta caipitil. Úsáidtear na fáltais chun easnamh an Státchiste a mhaoiniú agus mar mhaoiniú idirlinne in ionadú fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistithe leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i réimse airgeadra, ach caithfear gach iasacht nach euro í a bhabhtáil láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.

## 10. Scéimeanna Coigiltis Stáit

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Tráthchoigilteas, Bannaí Coigiltis agus Duaisbhannaí glan ar iarmhéideanna airgid €9.3 milliún (2010: €14.3 milliún) atá ag an bPost, ag Permanent TSB Bank agus ag an gCuideachta Duaisbhannaí. Gníomhaíonn an Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Mar go réitítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim €465 milliún (2010: €368 milliún), arb ionann é agus meastachán ar shuim an úis fhabhraithe amhail an 31 Nollaig 2011 i leith Bannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Tráthchoigilteas.

D'fhoráil Alt 160 den Acht Airgeadais, 1994 do bhunú ciste darb ainm an Cúlchiste Mionchoigiltis. D'fhoráil sé do €76 milliún a íoc leis an gciste i 1994 agus pé suim, más ann di, a chinnfidh an tAire Airgeadais gach bliain ina dhiaidh sin a íoc leis. Sa chás go sáraíonn íocaíocht úis ar shóinseálacha mionchoigiltis in aon bhliain féilire 11 faoin gcéad den ús iomlán fabhraithe ar a leithéid de choigiltis ag deireadh na bliana féilire roimhe, is féidir acmhainní an chiste a chur i dtreo na n-íocaíochtaí úis sin, a sháraíonn 11 faoin gcéad mar chéatadán den ús iomlán fabhraithe sin, a íoc. B'ionann an t-ollchostas úis ar na scéimeanna coigiltis do 2011 agus €209 milliún arbh ionann é agus 57 faoin gcéad den ús €368 milliún fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2010. Níor baineadh úsáid as aon acmhainní ón gCiste chun íocaíochtaí úis a dhéanamh le linn 2011.

| | | € milliún |
|---|---|---|
| Meastachán ar ús fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2011 | | 465 |
| Iarmhéid an Chúlchiste Mionchoigiltis amhail an 1 Eanáir 2011 | NIALAS | |
| Suim a cuireadh i bhfeidhm le linn 2011 (Nóta 4) | NIALAS | |
| Iarmhéid an Chúlchiste Mionchoigiltis amhail an 31 Nollaig 2011 | | NIALAS |
| Ús fabhraithe measta nach ndearnadh foráil dó amhail an 31 Nollaig 2011 | | 465 |

Aistrítear aon iarmhéid sa Chiste chuig an Státchiste mar chuid de na hiasachtaí ó chistí faoi smacht an Aire Airgeadais.

## 11. Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile

| | Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 €000 | Gluaiseachtaí le linn 2011 €000 | Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste | 11,398,948 | 1,699,573 | 13,098,521 |
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 15) | 600,451 | (600,046) | 405 |
| Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | 3,584,868 | 263,082 | 3,847,950 |
| Taiscí agus Billí Státchiste | 580,000 | (549,846) | 30,154 |
| Maoiniú Comhthaobhachta ITC (nóta 13) | - | 715,113 | 715,113 |
| | **16,164,267** | **1,527,876** | **17,692,143** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 11. Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile (Ar Lean)

Is féidir nach mbeidh Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe so-inréadaithe, ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

Tagann Maoiniú Comhthaobhachta ITC ón gceanglas maidir le comhthaobhacht airgid a bhreacadh faoi Iarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa a bhaineann le hidirbhearta díorthacha áirithe. Athraíonn na hiarmhéideanna seo, agus rochtain ar an gcomhthaobhacht airgid lena mbaineann, ar bhonn laethúil agus braitheann siad ar luach margaidh na ndíorthach seo.

## 12. Bainistíocht Riosca

De bharr fhreagracht GBCN d'eisiúint fiachais nua agus aisíocaíocht fiachais i mbun aibiú araon, mar aon le bainistíocht ráta úis agus próifíl airgeadra na punainne iomláine fiachais, is cuid lárnach agus fhíorthábhachtach de ghnó GBCN bainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochtaí GBCN riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibríochta. I ngach ceann de na réimsí seo, tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha ag GBCN chun an riosca lena mbaineann a thomhas agus a rialú.

Is príomhchuspóir de chuid GBCN é a chinntiú go bhfuil go leor airgid ag an Státchiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dlite. I ndeireadh na dála, is é cosaint leachtachta an cúram is tábhachtaí atá ag GBCN. Is féidir le rioscaí i leith leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt as imeachtaí sa bhaile, nó de bharr ardnaisc idir margaí, as imeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann GBCN an riosca seo a bhainistiú go príomha trí líon na ndliteanas atá i mbun aibiú ag aon am faoi leith a rialú agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheaitseáil. Atreisítear é seo trí ghníomhaíochtaí GBCN i bhfeabhsú leanúnach bonn eolach agus éagsúlaithe infheisteoirí idirnáisiúnta, trína láithreacht sna margaí móra caipitiúla a chothú agus trí réimse na n-ionstraimí fiachais is féidir a eisiúint a leathnú.

Ar an 28 Samhain 2010, chomhaontaigh an Rialtas go mbeadh clár tacaíochta airgeadais €85 billiúin d'Éirinn ag baill an AE agus an CAI. Tá ranníocaíocht an Stáit leis an gclár socraithe ag €17.5 billiún, agus beidh an ranníocaíocht sheachtrach ionann le €67.5 billiún. Áirítear le téarmaí an chláir iasachtaí d'aibíochtaí éagsúla. Tá na haibíochtaí céimnithe tábhachtach maidir le bainistíocht riosca chun staid a sheachaint ina mbeadh "balla maoinithe" roimh Éirinn ag deireadh an chláir seo. Tá GBCN ag iarraidh a chinntiú go mbíonn íocaíochtaí amach faoi chlár an AE/CAI sceidealaithe chun leachtacht leordhóthanach a sholáthar agus costas seilbhe don Stát a íoslaghdú.

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann leis an drochthionchar atá ag gluaiseachtaí in ús an mhargaidh nó rátaí malairte nó praghsanna eile ar chostais seirbhíse fiachais nó luach iomlán margaidh an fhiachais. Ní mór aird bheith ag GBCN ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbheart de bharr a gcúraim i rialú ní hamháin costais as fónamh d'fhiachas fioscach garthéarmach ach luach reatha na n-íocaíochtaí uile sa todhchaí ar bhunairgead agus ar ús freisin. Rialaítear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruinniú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir threoirlínte an Aire. Tá srianta sonracha cainníochtúla i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta leis na bainisteoirí punainne agus leis an ardbhainistíocht araon. Nuair a athraíonn coinníollacha na margaí airgeadais, déantar athbhreithniú ar ráta cuí úis agus ar phróifíl airgeadra na punainne. Tá GBCN ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fálaithe i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malairte a bhainistiú agus chun an Státchiste a chosaint ó luaineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid díorthach i Nóta 13 – Díorthaigh.

Eascraíonn riosca creidmheasa an chontrapháirtí ó dhíorthaigh, ó thaiscí agus ó idirbhearta malairte eachtraí. Laghdaítear leibhéal an riosca creidmheasa trí phlé le contrapháirtí a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu amháin. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chomhpháirtí agus tuairiscítear neamhchosaint leis an mbainistíocht go laethúil. Tugtar faoi athbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe in imeachtaí geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Státchiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fálaithe, d'fhéadfadh GBCN dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaintí a sheach-chur. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa i Nóta 13 – Díorthaigh.

Bunaíodh rialúcháin chuimsitheacha d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí oibríochtúla ar bhealach stuama. I measc na rialachán seo tá deighilt dualgas idir trádáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairisciú.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 13. Díorthaigh

Mar chuid dá straitéis bainistithe riosca, úsáideann GBCN meascán de dhíorthaigh lena n-áirítear babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra agus conarthaí malairte eachtraí. Léirítear sa tábla seo a leanas luach ainmniúil agus luach reatha na n-ionstraimí a bhaineann le Fiachas Náisiúnta amuigh ag deireadh na bliana. Deimhnítear luach reatha gach ionstraime trí ráta cuí úis a úsáid chun a sreabhadh iomlán airgid sa todhchaí a lascainiú chuig a luach reatha.

| | An 31 Nollaig 2011 | | An 31 Nollaig 2010 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ainmniúil € milliún** | **Luach Reatha € milliún** | **Ainmniúil € milliún** | **Luach Reatha € milliún** |
| Babhtálacha ráta úis | 9,094 | (814) | 195 | 9 |
| Babhtálacha Airgeadra & Conarthaí Malairte Eachtraí | 9,009 | 400 | 637 | 22 |
| | **18,103** | **(414)** | **832** | **13** |

Soláthraíonn GBCN seirbhísí státchiste do GNBS faoi Alt 52 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2010. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé dul isteach in idirbhearta díorthacha le GNBS. Seach-chuirtear a leithéid sin d'idirbhearta trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €22.8 billiún (2010: €15.8 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha ráta úis a rinneadh le GNBS ag deireadh 2011; ba é €8.6 billiún (2010: €10.3 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha airgeadra agus na gconarthaí ráta malairte a rinneadh le GNBS ag deireadh 2011.

Chun na rioscaí a eascraíonn ó idirbhearta díorthacha a mhaolú, téann GBCN isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa lena chontrapháirtithe margaidh. Dréachtaítear conarthaí díorthacha i gcomhréir le Máistir-Chomhaontuithe an Chumainn um Babhtálacha agus Dhíorthaigh Idirnáisiúnta (CBDI). Is doiciméad dlíthiúil í Iarscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa (ITC) a d'fhéadfadh bheith ceangailte le Máistir-Chomhaontú an CBDI chun tacaíocht chreidmheasa a rialú (sa chás seo, comhthaobhacht airgid) le haghaidh idirbhearta díorthacha, agus sainmhíníonn sé na cúinsí faoinar gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a phostáil. Faoi na ITCanna, is ionann breacadh airgid agus aistriú iomlán úinéireachta. Ach, tá an t-aistriú faoi réir dualgais comhthaobhacht choibhéiseach a thabhairt ar ais de réir athruithe i luachanna margaidh nó faoi chúinsí ar leith mar atá Imeacht Críochnaithe nó Imeacht Loicthe. Tá an soláthróir comhthaobhachta i dteideal ús a chur i dtaisce ar iarmhéideanna airgid postáilte.

Chuir GBCN Cuntas Tacaíochta Creidmheasa ar bun i mBanc Ceannais na hÉireann in 2010 chun na hidirbhearta seo a éascú. Déantar luacháil ar chonarthaí díorthacha ar bhonn laethúil. Nuair a bhíonn gá le comhthaobhacht ó chontrapháirtí, íoctar í isteach sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa. Nuair a bhíonn gá ag GBCN comhthaobhacht a phostáil le contrapháirtí, úsáideann sí an t-airgead sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa chun an íocaíocht chomhthaobhachta a mhaoiniú. Má bhíonn easpa airgid sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa, maoinítear an Cuntas ón Státchiste.

| **Cuntas Tacaíochta Creidmheasa** | **2011 € milliún** | **2010 € milliún** |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir – Glan-Chomhthaobhacht a phostáil contrapháirtithe | 11 | - |
| Aistrithe éarlaise a fuarthas ó chontrapháirtithe | 2,709 | 113 |
| Aistrithe éarlaise a íocadh le contrapháirtithe | (3,435) | (102) |
| Maoiniú Státchiste amhail an 31 Nollaig | 715 | - |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **-** | **11** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 13. Díorthaigh (Ar Lean)

Bhí aistrithe comhthaobhachta a maoiníodh ón Státchiste amhail an 31 Nollaig 2011 éagsúil le glanluach reatha na ndíorthach gan íoc ag an dáta sin go príomha mar gheall nach raibh gach trádáil clúdaithe ag ITCanna. Ag deireadh 2011, bhí GBCN i mbun ITCanna a idirbheartú le roinnt contrapháirtithe, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) ina measc. Ag an 31 Nollaig 2011, áiríodh le comhthaobhacht a phostáil GBCN comhthaobhacht a chlúdaigh díorthaigh a bhaineann le GNBS agus a bhfuil glanluach reatha de €386 milliún orthu. I mí an Mhárta 2012, chuaigh GBCN isteach i gComhaontú Breactha Comhthaobhachta le GNBS, faoina gceanglaítear ar GNBS comhthaobhacht a bhreacadh chuig GBCN nuair a éilíonn GBCN a leithéid uirthi. I mí an Mheithimh 2012, rinne GNBS a céad bhreacadh comhthaobhachta faoin gcomhaontú seo.

## 14. Fiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn GBCN riosca airgeadra coigríche an Fhiachais Náisiúnta trí úsáid réamhchonarthaí malairte eachtraí agus babhtálacha airgeadra. Tá comhdhéanamh airgeadra an Fhiachais Náisiúnta, agus na bhfálta airgeadra bainteacha mar seo a leanas: -

| Airgeadra | Amhail an 31 Nollaig | |
|---|---|---|
| | 2011 | 2010 |
| | € milliún | € milliún |
| **Ionstraimí Fiachais** | | |
| Euro | 110,563 | 92,838 |
| Dollar SAM | 5,659 | 470 |
| Punt Steirling | 1,979 | 23 |
| Yen na Seapáine | 1,430 | 92 |
| Franc na hEilvéise | - | 20 |
| Coróin na Sualainne | - | 17 |
| | 119,631 | 93,460 |
| **Airgeadra Coigríche & Conarthaí Babhtála** | | |
| Euro | 8,459 | 611 |
| Dollar SAM | (5,610) | (474) |
| Punt Steirling | (1,976) | (23) |
| Yen na Seapáine | (1,422) | (92) |
| Franc na hEilvéise | - | (20) |
| Coróin na Sualainne | - | (17) |
| | (549) | (15) |
| **Fiachas Náisiúnta[1]** | **119,082** | **93,445** |

[1] Tá an figiúr seo glan ar shócmhainní airgid agus ar shócmhainní airgeadais eile amhail an 31 Nollaig 2011 arbh fhiú €17,692 milliún iad (31 Nollaig 2010: €16,164 milliún)

## 15. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Úsáidtear an cuntas seo chun taifead a dhéanamh orthu seo a leanas:

(a) íocaíochtaí úis agus príomhshuime as blianacht bhliantúil a dearadh chun iasachtaí a amúchadh do chaipiteal a vótáladh faoi alt 22(7) den Acht Airgeadais, 1950;

(b) fáltais agus íocaíochtaí faoi leith a eascraíonn as fónamh d'fhiachas agus as idirbhearta bainistithe fiachais a údaraíodh faoi alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988 agus alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 16. Cuntais Imréitigh Airgeadra Coigríche

| | | €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | | NIALAS |
| Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais, 1988 [Alt 67 (8)] | 55,827,790 | |
| Suimeanna a íocadh faoin Acht Airgeadais 1970 [Alt 54 (7)] | (58,032,219) | (2,204,429) |
| | | |
| Fáltais Iasachtaí Airgeadra Coigríche | 14,362,248 | |
| Íocaíochtaí Iasachtaí Airgeadra Coigríche | (12,182,131) | 2,180,117 |
| | | |
| Ús a íocadh ar Iasachtaí Airgeadra Coigríche (nóta 1) | | |
| - Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach | 48,215 | |
| - Fiachas Gearrthéarmach | (7,949) | 40,266 |
| Costais Iasachtaí Airgeadra Coigríche (nóta 1) | | (631) |
| Costais GBCN | | (15,323) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | | **NIALAS** |

## 17. Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais

Iasachtaí gearrthéarmacha iad na cistí seo ón Státchiste a tharraingítear anuas mar mhodh "bealaí agus modhanna" chun riachtanais an Státchiste a mhaoiniú ó líon cistí atá faoi smacht an Aire Airgeadais.

| | 2011<br>€ milliún | 2010<br>€ milliún |
|---|---|---|
| Ciste Bhanc Taisce an Phoist | 1,440 | 1,208 |
| Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce | 256 | 316 |
| | **1,696** | **1,524** |

## 18. Gníomhaíocht Taiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha

Láithríonn GBCN taiscí gearrthéarmacha agus ceannaíonn Billí Státchiste agus nótaí Gearrthéarmacha le haghaidh aibíochtaí suas le bliain amháin chun críocha bainistithe leachtachta.

## 19. Athrú sa Bheartas Cuntasaíochta – Fiachas Náisiúnta

Roimhe seo, b'ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar na suimeanna iomlána de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht agus nár aisíocadh ag deireadh na bliana, lúide sócmhainní leachtacha ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin um an dáta céanna.

Do 2011, is ionann é agus ráiteas ar na suimeanna iomlána de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht agus nár aisíocadh ag deireadh na bliana, lúide sócmhainní leachtacha ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin um an dáta céanna agus lúide sócmhainní airgeadais eile.

Soiléiríonn an beartas cuntasaíochta athbhreithnithe seo gur féidir nach mbeidh sócmhainní áirithe so-inréadaithe in airgead a chuirtear san áireamh sa Ráiteas, lena n-áirítear Maoiniú Comhthaobhachta ITC. Cé nach bhfuil Maoiniú Comhthaobhachta ITC so-inréadaithe, réadófar é mar gheall ar athruithe i luach margaidh na ndíorthach gaolmhar nó de réir mar a aibeoidh an díorthach.

# Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 56 |
| Beartais Chuntasaíochta | 58 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 59 |
| Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 59 |
| Clár Comhardaithe | 60 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 61–68 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí na Gníomhaíochta amhail an 31 Nollaig 2011 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain dar chríoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtas ar Rialachas Comhlachtaí, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## (a) Cúlra

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhm iasachta agus Bainistithe Fiachais Náisiúnta a fheidhmiú thar ceann an Aire Airgeadais agus feidhmeanna eile a tharmligfidh an Rialtas dóibh.

Faoi Alt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 déanfar na costais tabhaithe ag GBCN i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna a mhuirearú agus a íoc amach as an bPríomh-Chiste (Státchiste) nó ar a thoradh fáis.

## (b) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## (c) Bonn na Cuntasaíochta

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá foirm na ráiteas airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## (d) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Taispeántar na sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Dímheastar sócmhainní seasta i dtráthchodanna bliantúla thar a saolré fónta measta.

## (e) Léasú

Gearrtar léasanna faoin léas oibriúcháin ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn carntha.

## (f) Pinsin

Reáchtálann GBCN scéim pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe faoi leith agus déanann ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) d'fhostaithe eile. Maoinítear na ranníocaíochtaí as buiséad riaracháin GBCN.

Áirítear costais scéim pinsin le sochar sainithe faoi FRS 17. Meastar sócmhainní scéim pinsin ag luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Léirítear barrachas dliteanais scéime thar shócmhainní scéime ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas. Is éard atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar amach anseo ón bPríomh-Chiste.

Is ionann an muirear pinsin le sochar sainithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse a rinneadh móide an difríocht idir an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime agus an costas úis ar dhliteanais scéime. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam atá inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste sa todhchaí.

Léirítear na gnóthachain agus na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais toimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnamh eispéiris sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste.

Aithnítear costas ranníocaíochtaí GBCN sna CCSPanna mar íocaíocht sa Chuntas Riaracháin sa bhliain airgeadais lena mbaineann seirbhís an fhostaithe.

## (g) Bogearraí

Gearrtar costais bogearraí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse a dtabhaítear iad.

## (h) Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste, a leithdháileadh do cheannach sócmhainní seasta. Déantar na fáltais a amúchtadh ar aon dul le dímheas ar na sócmhainní seasta lena mbaineann.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | | |
| Suim infhaighte ón bPríomh-Chiste | 9 | 43,987 | 34,024 |
| Ioncam eile | 10 | 51,843 | 18,720 |
| Aistriú (chuig an) / ón gcuntas caipitil | 5 | (1,074) | (456) |
| | | 94,756 | 52,288 |
| Caiteachas | | | |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 8(a) | (1,672) | - |
| Costais na Gníomhaireachta | 1 | (93,084) | (49,907) |
| Glan-Ioncam / (Glan-Chaiteachas) don bhliain | | - | **2,381** |

# Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Glanioncam aistrithe chuig an gCúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe | | - | 2,381 |
| (Caillteanas) / gnóthachan achtúireach aitheanta ar Dhliteanais Phinsin | 7(f) | (6,672) | (1,344) |
| Gluaiseacht i Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 8(b) | 5,009 | - |
| (Caillteanas) / Gnóthachan Iomlán Aitheanta don bhliain | | **(1,663)** | **1,037** |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 68.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig

| | Nótaí | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta | 2 | 2,975 | 1,901 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | (623) | 685 |
| Féichiúnaithe | 3 | 11,353 | 11,494 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | 10,730 | 12,179 |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | 4 | 10,730 | 12,179 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha lúide Dliteanais Reatha** | | - | - |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh phinsin** | | **2,975** | **1,901** |
| | | | |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 7(d) | 3,337 | - |
| (Dliteanas)/Sócmhainn Pinsin | 7(d) | (3,337) | 1,663 |
| | | - | 1,663 |
| | | | |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **2,975** | **3,564** |
| | | | |
| **Ag Ionadú:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 5 | 2,975 | 1,901 |
| Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe | 7(d) | - | 1,663 |
| | | **2,975** | **3,564** |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 68.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Costais na Gníomhaireachta

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 40,089 | 27,276 |
| Costais Chomhairliúcháin agus Dlí | 38,357 | 10,190 |
| Costais oibriúcháin | 8,464 | 7,306 |
| Costais bhunaithe | 2,299 | 3,393 |
| Costas bliantúil Pinsin le Sochar Sainithe [FRS 17, Nóta 7(e)] | 2,860 | 841 |
| Dímheas (nóta 2) | 850 | 737 |
| Costais Phinsin CCSP (nóta 6) | 165 | 164 |
| Iomlán na gcostas | **93,084** | **49,907** |

Áirítear le costais chomhairliúchán agus dlí (lena n-áirítear na costais a eascraíonn ó imeachtaí áirithe dlí a shocrú) €36.2m (2010: €8.6m) a bhaineann le feidhmeanna córais bhaincéireachta. Mar atá luaite i Nóta 10, tá €23.3m (2010: €2.9m) den €36.2m seo (2010: €8.6m) inghnóthaithe ó na forais chlúdaithe chreidmheasa, lena n-áirítear €16.7m a bhaineann le himeachtaí áirithe dlí a shocrú.

### Luach Saothair agus Costais

Is iad GBCN a leagann amach luach saothair do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh le cead ón Aire Airgeadais.

**An Coiste Comhairleach**

Cathaoirleach: €50,000 sa bhliain
Comhaltaí Eile: €25,000 sa bhliain

Ní bhfuair Kevin Cardiff, ceaptha ina ról mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Airgeadais, aon luach saothair i dtaca lena chomhaltas.

Le linn 2011 agus 2010, (a) bhronn comhaltaí an Choiste Chomhairligh deich faoin gcéad dá luach saothair ar ais ar an Aire Airgeadais nó (b) bhí an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean Seirbhíse Poiblí curtha i bhfeidhm ar a dtáille acu.

Íocadh €36,558 ar an iomlán i gcostais le comhaltaí an Choiste Chomhairligh in 2011 (2010: €25,318), a bhain le costais taistil agus cóiríochta a bhí tabhaithe ag comhaltaí nach bhfuil lonnaithe in Éirinn. Ba é €31,833 (2010: €21,278) an costas a bhain le taisteal agus €4,725 (2010: €4,040) a bhain le cóiríocht.

**Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh 2011:**

Tuarastal €490,000
Sochair incháinithe €28,635

Tá teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de na teidlíochtaí caighdeáin i scéim aoisliúntais samhla sochar sainithe na hearnála poiblí.

Is é an tAire Airgeadais, tar éis comhairliúcháin leis an gCoiste Comhairleach, a chinneann luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochair incháinithe (carr agus árachas sláinte) agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht suas go 80 faoin gcéad den tuarastal bliantúil. De thairbhe na ndúshlán geilleagair sa tír, tharscaoil an Príomhfheidhmeannach agus na comhaltaí eile i bhfoireann shinsearach bainistíochta GBCN aon chomaoin maidir le pá a bhaineann le feidhmíocht in 2011 (díreach mar a rinne siad roimhe sin in 2010).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 2. Sócmhainní Seasta

| | Réadmhaoin €000 | Trealamh agus Mótarfheithiclí €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Costas:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 1,545 | 5,392 | 6,937 |
| Suimiúcháin ar chostas | 670 | 1,394 | 2,064 |
| Diúscairtí | - | (373) | (373) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | 2,215 | 6,413 | 8,628 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha:** | 1,267 | 3,769 | 5,036 |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 52 | 798 | 850 |
| Dímheas don tréimhse | - | (233) | (233) |
| Diúscairtí | 1,319 | 4,334 | 5,653 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | 896 | 2,079 | 2,975 |
| | | | |
| Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2011 | **278** | **1,623** | **1,901** |
| | | | |
| Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2010 | 278 | 1,623 | 1,901 |

Déantar dímheas a áireamh bunaithe ar shaolréanna fónta measta na sócmhainní seasta mar a leanas:

Réadmhaoin 20 bliain Trealamh agus Mótarfheithiclí 3 go 5 bliana Troscán 10 mbliana

Baineann na costais réadmhaoine chaipitlithe le costais feistithe an spáis oifige atá i seilbh GBCN. Léasaítear an réadmhaoin faoi léas fadtéarmach, a bhíonn faoi réir athbhreithnithe cíosa.

## 3. Féichiúnaithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 1,633 | 1,242 |
| Féichiúnaithe eile | 9,720 | 10,252 |
| | 11,353 | 11,494 |

## 4. Creidiúnaithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| An Príomh-Chiste | 3,963 | 6,824 |
| Creidiúnaithe | 2,036 | 62 |
| Fabhruithe | 4,730 | 5,293 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 1 | - |
| | 10,730 | 12,179 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 5. Cuntas Caipitil

| | | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | | | 1,901 | 1,445 |
| Gluaiseacht ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | | |
| Maoiniú sócmhainne | | | | |
| - Sócmhainní Seasta | | 2,064 | | |
| Amúchadh an Mhaoinithe Caipitil | | | | |
| - Amúchadh de réir dímheasa | (850) | | | |
| - Glansuim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainne | (140) | (990) | 1,074 | 456 |
| Iarmhéid deiridh | | | 2,975 | 1,901 |

## 6. Aoisliúntas

Bronntar teidlíocht aoisliúntais na foirne faoi scéim sochair shainithe aoisliúntais a bunaíodh faoi Alt 8 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Aistrítear ranníocaíochtaí, ranníocaíochtaí na mball foirne a roghnaigh socruithe sochair spleách san áireamh, chuig ciste a bhainistítear go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht GBCN ar chomhairle achtúire neamhspleách agus tá sé socraithe, faoi láthair, ag leibhéal 25 faoin gcéad den phárolla. Moladh freisin gur chóir ranníocaíocht de 10.5 faoin gcéad a dhéanamh i dtaca le baill nua na Scéime ón 1 Eanáir 2010. Gheobhaidh na hiontrálaithe nua seo, lena n-áirítear baill foirne a bhain leas as socruithe Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta, sochair bunaithe ar mheánsaothrú gairme. B'ionann ranníocaíochtaí GBCN don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 agus €4,531,817 (2010: €3,222,454) don scéim sochair shainithe.

Foráiltear do dhliteanais a eascraíonn faoin scéim sochair shainithe faoi na socruithe thuas, seachas do theidlíochtaí a eascraíonn i leith sheirbhís bhaill faoi leith GBCN a earcaíodh ó réimsí eile laistigh den earnáil phoiblí. D'ainmnigh an tAire Airgeadais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar an t-eagras ceadaithe chun críocha Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse) an 7 Aibreán 1997. Forálann an t-ainmniúchán seo do ranníocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den Státchiste, i measc nithe eile, mar agus nuair atá sochair dlite mar is iondúil, i leith réamhsheirbhís iar-státseirbhíseach a d'fhostaigh GBCN. Ní dhearnadh aon fhoráil do mhaoiniú íocaíocht na dteidlíochtaí seo.

Ranníoc GBCN €165,167 (2010: €163,943) freisin le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) d'fhostaithe nár bhaill den scéim sochair shainithe iad in 2011.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 7. Sochair Phinsin

### (a) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe

Bunaíodh luacháil na scéime sochair shainithe a úsáideadh chun críocha nochtadh FRS17 ar shonraí a chur Riarthóir na Scéime ar fáil. Rinne achtúire neamhspleách é a thabhairt cothrom le dáta le riachtanais FRS17 a chur san áireamh chun na dliteanais a mheas um dháta an chláir chomhordaithe. Luaitear sócmhainní scéime ag a luach margaidh um dháta an chláir chomhordaithe.

### (b) Athrú i luach reatha oibleagáidí sochair shainithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair ag tús na bliana | 42,829 | 37,993 |
| Costas seirbhíse | 3,452 | 1,465 |
| Costas úis | 2,577 | 2,284 |
| Ranníocaíochtaí bhaill na scéime | 865 | 613 |
| Costais seirbhísí a rinneadh | 166 | - |
| (Gnóthachan)/Caillteanas achtúireach | 3,144 | 1,120 |
| Sochair a íocadh | (365) | (602) |
| Préimheanna íoctha | (108) | (44) |
| Oibleagáidí sochair ag deireadh na bliana | 52,560 | 42,829 |

### (c) Athrú i luach cóir na sócmhainní scéime

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Luach cóir na sócmhainní scéime ag tús na bliana | 44,492 | 38,619 |
| Aisíoc ionchais ar shócmhainní scéime | 3,335 | 2,908 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (3,528) | (224) |
| Ranníocaíochtaí fostóirí | 4,532 | 3,222 |
| Ranníocaíochtaí ball | 865 | 613 |
| Sochair a íocadh ón scéim | (365) | (602) |
| Préimheanna íoctha | (108) | (44) |
| Luach cóir na sócmhainní scéime ag deireadh na bliana | 49,223 | 44,492 |

**Sócmhainní Scéime**

Ba iad na leithdháiltí sócmhainne ag deireadh na bliana:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | 51.06% | 78.13% |
| Bannaí | 35.19% | 16.67% |
| Réadmhaoin | 1.78% | 2.04% |
| Eile | 11.97% | 3.16% |
| | 100.00% | 100.00% |

Chun toradh iarbhír fadtéarmach toimhdí sócmhainní a fhorbairt, rinneadh machnamh ar leibhéal reatha na dtorthaí tuartha ar infheistíochtaí gan riosca (bannaí rialtais den chuid is mó), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicmí eile sócmhainne inar infheistíodh an phunann agus a bhfuiltear ag súil leis do thorthaí sa todhchaí de gach aicme sócmhainne. Rinneadh gach toradh iarbhír le haghaidh gach aicme sócmhainne a bhunú go hualaithe ansin ar an spriocdháileadh sócmhainne chun ráta fadtéarmach toraidh ar thoimhdí sócmhainní don phunann a fhorbairt.

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír faoi shócmhainní scéimeanna | (193) | 2,684 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 7. Sochair Phinsin (Ar Lean)

### (d) Barrachas / (Easnamh) Scéime

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Luach cóir na sócmhainní scéime | 49,223 | 44,492 |
| Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe | (52,560) | (42,829) |
| (Easnamh)/Barrachas ag deireadh na bliana | (3,337) | 1,663 |
| | | |
| **Suimeanna sa chlár comhardaithe** | | |
| **Sócmhainn** | | |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 3,337 | - |
| (Dliteanas)/Sócmhainn Pinsin | (3,337) | 1,663 |
| **Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe** | **-** | **1,663** |

**Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe**
Léiríonn an Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe barrachas sócmhainní scéime thar dhliteanas scéime amhail an 31 Nollaig 2011 mar a tomhaiseadh iad chun críocha FRS17.

### (e) Comhpháirteanna costais phinsin

Is í an tsuim a aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais:

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 3,452 | 1,465 |
| Costas úis | 2,577 | 2,284 |
| Aisíoc ionchais ar shócmhainní scéime | (3,335) | (2,908) |
| Costais seirbhísí a rinneadh | 166 | - |
| Muirear Ioncaim agus Caiteachais (Nóta 1) | 2,860 | 841 |

### (f) Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach

Is é an gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a aithnítear sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána:

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar oibleagáidí scéime | (3,144) | (1,120) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar shócmhainní scéime | (3,528) | (224) |
| Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | (6,672) | (1,344) |
| Suim carntha aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | (14,963) | (8,291) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 7. Sochair Phinsin (Ar Lean)

### (g) Toimhdí príomhshuime achtúirí

Ba iad na toimhdí príomhshuime achtúirí a úsáideadh:

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh | | | |
| Ráta lascaine | | 5.10% | 5.50% |
| Ráta méadaithe cúitimh | | 4.00% | 4.00% |
| Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun costas pinsin a chinneadh don bhliain dar chríoch: | | | |
| Ráta lascaine | | 5.50% | 5.75% |
| Aisíoc ionchais fhadtéarmaigh ar shócmhainní scéime | | 7.10% | 7.23% |
| Meánionchas saoil ualaithe ag aois 60 do thábhlaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh: | | | |
| Pinsinéirí amach anseo | - Fireann (rugadh sa bhliain 1967) | 30.2 | 30.1 |
| | - Baineann (rugadh sa bhliain 1967) | 31.4 | 31.3 |
| Pinsinéirí Reatha | - Fireann (rugadh sa bhliain 1952) | 28.2 | 28.1 |
| | - Baineann (rugadh sa bhliain 1952) | 29.7 | 29.6 |
| Meánionchas saoil ualaithe ag aois 65 do thábhlaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh: | | | |
| Pinsinéirí amach anseo | - Fireann (rugadh sa bhliain 1967) | 25.8 | 25.7 |
| | - Baineann (rugadh sa bhliain 1967) | 26.8 | 26.7 |
| Pinsinéirí Reatha | - Fireann (rugadh sa bhliain 1947) | 23.2 | 23.0 |
| | - Baineann (rugadh sa bhliain 1947) | 24.6 | 24.5 |

### (h) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais eispéiris

| | 2011 €000 | 2010 €000 | 2009 €000 | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 52,560 | 42,829 | 37,993 | 36,698 | 40,657 |
| Luach cóir na sócmhainní scéime | 49,223 | 44,492 | 38,619 | 31,157 | 43,100 |
| **Easnamh/(Barrachas)** | **3,337** | **(1,663)** | **(626)** | **5,541** | **(2,443)** |
| **Difríocht idir aisíoc ionchais agus aisíoc iarbhír ar shócmhainní scéime:** | | | | | |
| Suim | 3,528 | 224 | (5,373) | 15,927 | 2,126 |
| Léirithe mar % de shócmhainní scéime | 7.2% | 0.5% | (13.9%) | 51.1% | 4.9% |
| **(Gnóthachain)/Caillteanais eispéiris ar dhliteanais scéime:** | | | | | |
| Suim | (821) | (1,814) | (1,348) | (2,140) | 610 |
| Léirithe mar % de dhliteanais scéime | (1.6%) | (4.2%) | (3.5%) | (5.8%) | 1.5% |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 8. Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha

### (a) Glanmhaoiniú Cúlchiste Pinsin Iarchurtha i leith na bliana

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe i leith chostas pinsin na bliana reatha [nóta 7(e)] | 2,860 | - |
| Ioncam a caitheadh chun ranníocaíochtaí leis an gciste pinsin a íoc (nóta 6) | (4,532) | - |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | (1,672) | - |

### (b) Gluaiseacht i Maoiniú Pinsin Iarchurtha

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | - | - |
| Gluaiseacht i suim inghnóthaithe maidir le caillteanas achtúireach na bliana reatha [nóta 7(f)] | 6,672 | - |
| Lúide laghdú i gCúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe [nóta 8(c)] | (1,663) | - |
| | 5,009 | - |

### (c) Gluaiseacht i gCúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 1,663 | 626 |
| Caillteanas achtúireach | - | (1,344) |
| Aistriú chuig Maoiniú Pinsin Iarchurtha | (1,663) | - |
| Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | - | 2,381 |
| Iarmhéid deiridh | - | 1,663 |

## 9. Ioncam an Phríomh-Chiste

(a) Feidhmíonn an Príomh-Chiste ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, ach bunaíodh na cuntais seo ar bhonn fabhraithe. Leagann an tábla a leanas na nithe réitigh amach:

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Suim thosaigh dlite don Phríomh-Chiste / ón bPríomh-Chiste (nóta 4) | 6,824 | (1,697) |
| Faighte ón bPríomh-Chiste | 41,126 | 42,545 |
| Suim dlite (leis an) /ón bPríomh-Chiste ag deireadh na bliana (nóta 4) | (3,963) | (6,824) |
| Príomh-Chiste Infhaighte don bhliain | 43,987 | 34,024 |

(b) Is í an tsuim iomlán aitheanta mar (iníoctha le)/inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste:

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe (Nóta 4) | (3,963) | (6,824) |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha [nóta 7(d)] | 3,337 | - |
| | (626) | (6,824) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 10. Ioncam Eile

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Gnóthú costas ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 27,714 | 14,965 |
| Gnóthú costas ó fhorais chlúdaithe chreidmheasa | 23,343 | 2,886 |
| Ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne | 566 | 641 |
| Comhairleoireacht agus ioncam eile | 220 | 228 |
| | 51,843 | 18,720 |

Faoi Ailt 41 agus 42 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2010, soláthraíonn GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS mar a bhí comhaontaithe. Ba é costas na seirbhísí seo don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 €27.7m (2010: €15.0m).

Mar atá luaite i Nóta 1, tá €36.2m (2010: €8.6m) de chostais dlí agus chomhairliúcháin atá bainteach le feidhmeanna córais bhaincéireachta tabhaithe ag GBCN in 2011, €23.3m (2010: €2.9m) den mhéid sin atá inghnóthaithe ó na forais chlúdaithe chreidmheasa.

Ioncam é ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne a fhaigheann GBCN ina ról faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001.

## 11. Costais GBCN d'fheidhmeanna sonraithe

| | 2011 €m | 2010 €m |
|---|---|---|
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 3.7 | 4.5 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 5.9 | 7.1 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 8.5 | 7.8 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 27.7 | 15.0 |

Faoin treoir a eisíodh do GBCN faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig GBCN. Cúlghaireadh tarmligean feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig GBCN le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011. Ina dhiaidh sin, cuireadh Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Oideachais. Ar ordú an Aire, leanann GBCN de bheith ag freastal ar chostais an Aonaid Bhaincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairliúcháin. B'ionann na costais a tabhaíodh sa tréimhse idir an 5 Lúnasa 2011 agus an 31 Nollaig 2011 agus €6.3 milliún.

Áirítear na costais seo i gCostais na Gníomhaireachta dá dtagraítear i Nóta 1.

# Ráitis Airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 70 |
| Beartais Chuntasaíochta | 71 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 72 |
| Clár Comhardaithe | 73 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 74–76 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad a bhaineann le Ciste Bhanc Taisce an Phoist atá i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí Chiste Bhanc Taisce an Phoist amhail an 31 Nollaig 2011 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain dar chríoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Séamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## Cúlra

Ráthaíonn an tAire Airgeadais aisíocaíocht agus seirbhísiú airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann an Post glanfháltais na hinfheistíochta sin chuig GBCN. Ní cuid den Státchiste é Ciste Bhanc Taisce an Phoist.

Tá na príomhchuspóirí a leanas ag an gciste:

- airgead a chuireann taisceoirí ar fáil a infheistiú, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir le GBCN idirbhearta tráinse, cealaithe, díolacháin agus aischeannaigh (comhaontú athcheannaigh) agus trádáil margaidh thánaistigh a idirbheartú, agus
- airgead a sholáthar faoi Lársheirbhísí Cistíochta do chomhlachtaí ainmnithe stáit.

## Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

## Infheistíochtaí

Cuirtear na hinfheistíochtaí in iúl de réir costais.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Infheistíochta | 1 | 73,723 | 58,871 |
| | | | |
| Ús íoctha agus iníoctha | 2 | 38,281 | 30,285 |
| Costais eile | 3 | 30,191 | 32,756 |
| | | 68,472 | 63,041 |
| | | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | 5,251 | (4,170) |
| Iarmhéid ag tús na bliana | | 8,044 | 12,214 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | | 13,295 | 8,044 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 74 go 76.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Airleacain | 4 | 1,439,987 | 1,207,439 |
| Infheistíochtaí | 5 | 755,876 | 746,034 |
| Féichiúnaithe | 7 | 32,118 | 33,324 |
| Láriasachtaí Cistíochta | | 41,715 | 48,162 |
| Páipéar Tráchtála | 10 | 12,750 | 48,500 |
| Airgead | | 253,228 | 279,096 |
| | | 2,535,674 | 2,362,555 |
| **Dliteanais** | | | |
| Taiscí Bhanc Taisce an Phoist | 8 | 2,517,690 | 2,342,351 |
| Creidiúnaithe | 9 | 4,689 | 12,160 |
| Cúlchistí Carnacha | | 13,295 | 8,044 |
| | | 2,535,674 | 2,362,555 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 74 go 76.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Ioncam Infheistíochta

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ús a fuarthas agus ús infhaighte | 162,126 | 134,835 |
| Brabús/(Caillteanas) ar dhíolachán infheistíochtaí | (88,403) | (75,964) |
| | 73,723 | 58,871 |

## 2. Ús Íoctha agus Iníoctha

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ús a íocadh le Taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist agus a cuireadh chun sochair dóibh | 38,281 | 30,285 |

## 3. Costais Eile

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Costais bhainistíochta | 30,191 | 32,756 |

## 4. Airleacain

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain don Státchiste | 1,439,987 | 1,207,439 |

Léiríonn airleacain cistí Bealaí agus Modhanna, a tugadh ar iasacht don Státchiste.

## 5. Infheistíochtaí

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Bannaí** | | |
| Ag costas | 755,876 | 746,034 |
| Ag luach margaidh | 791,005 | 660,938 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 5. Infheistíochtaí (Ar Lean)

**Sceideal Sealúchais Infheistíochta:**

| Ainmniúil €000 | Stoc | Costas 2011 €000 |
|---|---|---|
| 500,108 | Banna Státchiste 3.9% 2012 | 494,268 |
| 26 | Stoc Caipitil 8.75% 2012 | 27 |
| 99,272 | Banna Státchiste 5% 2013 | 95,265 |
| 36,539 | Banna Státchiste 4% 2014 | 33,440 |
| 83 | Banna Státchiste 8.25% 2015 | 100 |
| 8,990 | Banna Státchiste 4.5% 2018 | 7,361 |
| 14,942 | Banna Státchiste 4.6% 2016 | 13,006 |
| 23,119 | Banna Státchiste 4.4% 2019 | 18,562 |
| 9,277 | Banna Státchiste 5.9% 2019 | 7,928 |
| 25,697 | Banna Státchiste 4.5% 2020 | 19,429 |
| 29,289 | Banna Státchiste 5% 2020 | 23,200 |
| 56,532 | Banna Státchiste 5.4% 2025 | 43,290 |
| 803,874 | | 755,876 |

## 6. Comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh

Idirbheartaítear comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh idir Ciste Bhanc Taisce an Phoist agus príomhdhé-ileálaithe sa mhargadh bannaí. Léirítear an costas ioncaim nó úis lena mbaineann a eascraíonn ó na hidirbhearta seo san ioncam infheistíochta sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 7. Féichiúnaithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Díbhinní agus ús infhaighte | 26,300 | 19,550 |
| Iarmhéid airgead atá ag an bPost | 5,818 | 13,774 |
| | 32,118 | 33,324 |

## 8. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist | 2,517,690 | 2,342,351 |

Aistríodh €2,368,518 (2010: €2,527,789) in Aibreán 2011 ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin faoin Acht um Chuntais Díomhaoine 2001. Amhail an 31 Nollaig 2011, i ndiaidh athghníomhúcháin chuntais arbh fhiú €563,638 (2010: €805,525) iad agus ús (glan ar DIRT) caipitlithe arbh fhiú €261,088 é (2010: €248,339), bhí iarmhéid €35,560,654 (2010: €33,494,686) dlite le Taisceoirí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ní áiríonn na Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist de €2,517,690,458 (2010: €2,342,351,094) dliteanas seo Chiste na gCuntas Díomhaoin.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 9. Creidiúnaithe

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Glanchistí dlite faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh | 2,147 | 10,014 |
| DIRT dlite leis an bPost | 2,542 | 2,052 |
| Costais bhainistíochta dlite leis an bPost | - | 94 |
| | 4,689 | 12,160 |

## 10. Páipéar Tráchtála

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Billí Idirghabhála um Earraí Talmhaíochta | 12,750 | 48,500 |

Cheannaigh Ciste Bhanc Taisce an Phoist Billí Idirghabhála um Earraí Talmhaíochta a d'eisigh an tAire Talmhaíochta agus Bia mar infheistíochtaí.

# Ráitis Airgeadais an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanaigh 79 agus 80. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.



**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 600,451 | 452 |
| **Fáltais** | | |
| Suimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste | | |
| faoin Acht Airgeadais, 1950, Alt 22 arna leasú: | | |
| - Ús | 1,967,556 | 1,888,388 |
| - Ciste Fiachmhúchta | 638,409 | 617,229 |
| Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [Alt 67 (8)] | 42,817,586 | 24,039,545 |
| Ús taisce a fuarthas | 232,994 | 102,523 |
| Ús eile a fuarthas | 1 | - |
| Aisíoc tháille cheangaltais an CAI | 42,193 | - |
| | 46,299,190 | 26,648,137 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Suimeanna a caitheadh i bhfuascailt an Fhiachais Náisiúnta: | | |
| Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann | 638,409 | 617,229 |
| Suimeanna a caitheadh chun ús agus costais an Fhiachais Náisiúnta a íoc (nóta 2) | 2,499,486 | 1,919,479 |
| Suimeanna a caitheadh i leith dliteanas faoin Acht Airgeadais, 1970 [Alt 54 (7)] | 43,160,890 | 23,510,978 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | 405 | 600,451 |
| | 46,299,190 | 26,648,137 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 29 Meitheamh 2012

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Bunaíodh an cuntas seo faoi Alt 22 den Acht Airgeadais, 1950.

### Blianachtaí

Foráiltear le haghaidh blianachtaí san Acht Airgeadais gach bliain agus íoctar iad leis an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ó ioncam reatha a ghearrtar ar an bPríomh-Chiste. Féadfar suim sheasta a úsáid d'fhónamh (íocaíochtaí úis) ar an bhfiachas náisiúnta. Caithfear an t-iarmhéid a úsáid d'íocaíochtaí príomhshuimeanna.

### Bainistíocht Airgid

Féadfaidh an tAire Airgeadais idirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad a dhéanamh faoi réir alt 54 den Acht Airgeadais, 1970 (arna leasú ag alt 118 den Acht Airgeadais, 1983, ag alt 67 den Acht Airgeadais, 1988 agus ag alt 14 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.)

I measc gnáthbhearta baincéireachta tá gníomhaíochtaí bainistithe punainne nach mbaineann le hiasachtaí príomhshuime e.g. idirbhearta réamh-mhalairte, babhtálacha agus ús ar thaiscí. Caithfear fáltais ó idirbhearta den chineál seo, seachas iad siúd atá in airgeadra nach bhfuil cuntas imréitigh airgeadra coigríche bunaithe faoi alt 139 den Acht Airgeadais, 1993, a ghlacadh sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincéireachta nó i dtreo ús agus costais an fhiachais náisiúnta a ghlanadh. Cothaíonn GBCN an t-iarmhéid sa chuntas ag leibhéal atá faoi réir treoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Áirítear i bhfáltais agus íocaíochtaí a d'eascair ó ghnáthbhearta baincéireachta fáltais agus íocaíochtaí de €24.1 billiún ó dhíorthaigh a ndeachthas isteach iontu leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus a mheaitseálann díorthaigh a ndeachthas isteach iontu le contrapháirtithe eile.

## 2. Suimeanna a caitheadh ar ús agus costais an Fhiachais Náisiúnta a íoc:-

| | 2011<br>€000 |
|---|---:|
| Banna Státchiste 4% 2011 | 5,599 |
| Banna Státchiste 3.9% 2012 | 224,231 |
| Banna Státchiste 5% 2013 | 170,509 |
| Banna Státchiste 4% 2014 | 433,957 |
| Banna Státchiste 4.5% 2018 | 344,579 |
| Banna Státchiste 4.4% 2019 | 100,000 |
| Banna Státchiste 5.9% 2019 | 207,224 |
| Banna Státchiste 4.5% 2020 | 529,491 |
| Banna Státchiste 5% 2020 | 385,398 |
| Ús a bhaineann le Saoráid an AE/CAI | 46,133 |
| Ús a Íocadh ar iarmhéideanna Comhthaobhachta airgid CSA | 904 |
| Ús Coigiltis Stáit | 6,124 |
| Iasachtaí Bainistithe Airgid | 214 |
| Costais | 45,123 |
| **Iomlán** | **2,499,486** |

# Ráitis Airgeadais an Chuntais Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanach 82. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | **€000** |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | 64,416 |
| Ús fabhraithe a fuarthas ar Iasachtaí Náisiúnta | |
| - Trainsí agus Ceantanna | 11,926 |
| | |
| Ús fabhraithe a íocadh ar Iasachtaí Náisiúnta | (64,418) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010 | |
| – Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | 11,924 |

## Nóta leis an gCuntas

Eisíonn nó cealaíonn GBCN Bannaí reatha Rialtas na hÉireann ó am go ham. Déantar é seo trí dhíolacháin nó trí cheannach Chiste Bhanc Taisce an Phoist, a shocraíonn leis an Státchiste é ansin. Cuireann eilimint úis fhabhraithe na suime socraíochta do gach idirbheart banna san áireamh go bhfuil díbhinn iomlán iníoctha leis an úinéir cláraithe sa chás go bhfuil na bannaí i seilbh ar an dáta ex-díbhinne. Is é cuspóir an chuntais seo gur féidir le Ciste Bhanc Taisce an Phoist an Státchiste a chúiteamh d'eilimint neamhshaothraithe na díbhinne a eascraíonn as bannaí tráinse cum díbhinn nó ar bhannaí cealaithe ex-díbhinn. Úsáidtear na suimeanna seo ansin chun costais fónaimh an Státchiste lena mbaineann a fhritháireamh.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Ráitis Airgeadais an Chuntais asachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanaigh 85 agus 86. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | | 3,668 |
| | | |
| Fáltais ón Státchiste | 1 | - |
| Fáltais ó Chuntas Fionraí an Bhainc Ceannais | | 138 |
| Íocaíochtaí le Cuntas Fionraí an Bhainc Ceannais | | (207) |
| | | |
| Íocaíochtaí le fuascailt ar Iasachtaí Náisiúnta | 2 | (236) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | | |
| – Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | | 3,363 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Nótaí leis an gCuntas

1. Nuair atá Iasacht Náisiúnta le fuascailt, tá an tsuim iomlán gan íoc iníoctha leis na sealbhóirí iasachta. Aistrítear aon suim nach n-éilítear ar dháta na fuascailte chuig an gcuntas seo trí íocaíocht ón Státchiste. Áirítear sa chuntas seo freisin iarmhéideanna a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais agus na Roinne Airgeadais mar Ghníomhairí Íocaíochtaí i leith íocaíochtaí fuascailte nár glacadh leo, agus a aistríodh chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Íoctar aon éilimh eile ón gcuntas seo.

2. Iasachtaí Náisiúnta a fuasclaíodh le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | € |
|---|---:|
| Stoc Státchiste 6% 1980-85 | 349 |
| Iasacht Náisiúnta 7.5% 1981-86 | 1,289 |
| Iasacht Náisiúnta 9.75% 1984-89 | 744 |
| Stoc Státchiste 6% 1985/90 | 31 |
| Stoc Státchiste 11.5% 1990 | 71 |
| Iasacht Náisiúnta 7% 1987/92 | 1,270 |
| Iasacht Státchiste 9.25% 91/96 | 762 |
| Iasacht Forbartha Náisiúnta 9.75% 92/97 | 1,777 |
| Stoc Caipitil 7.75% 1997 | 885 |
| Stoc Státchiste 6.5% 00/05 | 20,316 |
| Banna Státchiste 6.5% 2001 | 1,388 |
| Banna Státchiste 8% 2006 | 7,141 |
| Stoc Caipitil 8.5% 2010 | 135,002 |
| Banna Státchiste 4% 2010 | 64,433 |
| **Iomlán** | **235,458** |

# Ráitis Airgeadais Chuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanach 88. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | € |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | | 2,542,334 |
| Fáltas díbhinní nár éilíodh | | 76,572 |
| Íocaíocht díbhinní nár éilíodh | 1 | (8,853) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011<br>– Airgead le Banc Ceannais na hÉireann | 2 | **2,610,053** |

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Nótaí leis an gCuntas

1. Díbhinní a éilíodh agus a íocadh sa bhliain

| | € |
|---|---|
| Bannaí Rialtas na hÉireann cláraithe le Banc Ceannais na hÉireann | 2,685 |
| Bannaí eachtracha faoi riarachán na Gníomhaire Íocaíochta | 6,168 |
| | 8,853 |

2. Nuair atá díbhinn dlite ar dhliteanas iasachta, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an tsuim iomlán leis an nGníomhaire Íocaíochta agus eisítear chuig na sealbhóirí cláraithe ansin í. Léiríonn an t-iarmhéid sa chuntas seo díbhinní ar iasachtaí aibí, nár éiligh na sealbhóirí cláraithe agus a d'aischuir an Gníomhaire Íocaíochta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá an t-iarmhéid ar fáil chun aon éileamh ar na díbhinní seo sa todhchaí a íoc. Cothaíonn an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap airgid, thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a úsáidtear chun éilimh a íoc le linn na bliana.

# Ráitis Airgeadais an Chuntais Infheistíochta Airgead Taisce

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanach 90. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

**Séamus McCarthy**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | €000 |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | 316,293 |
| Airleacain Bealaí agus Modhanna a íocadh leis an Státchiste | 4,298,941 |
| Airleacain Bealaí agus Modhanna a d'aisíoc an Státchiste | (4,358,851) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 – Airleacain Bealaí agus Modhanna leis an Státchiste | **256,383** |

# Nóta leis an gCuntas

Déanann an cuntas seo taifead ar iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí cistí barrachais atá i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Cuntas ar Stoc ar Glacadh leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanaigh 93 agus 94. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.



**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

| | | €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | | NIALAS |
| Fáltais | | |
| Ús a fuarthas ar shealúchais stoic | NIALAS | |
| Fáltais fuascailte stoic | NIALAS | |
| Íocaíochtaí | | |
| Íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim do luach stoic a aistríodh chuig an Aire Airgeadais | | |
| – Ainmniúil | NIALAS | |
| – Ús | NIALAS | |
| Aisíocaíocht leis an Státchiste | | NIALAS |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | | NIALAS |

# Cuntas Stoic

| | | |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | | NIALAS |
| Gluaiseacht don bhliain | | |
| Suim ainmniúil stoic a aistríodh chuig an Aire Airgeadais | NIALAS | |
| Suim ainmniúil stoic amúchta | NIALAS | |
| | | NIALAS |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | | NIALAS |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Cuspóir an Chuntais

Modh é an cuntas seo, a bunaíodh faoin Acht Airgeadais, 1954, arna leasú ag an Acht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976, do láimhseáil Bhannaí Rialtas na hÉireann faoi leith a ainmníodh, agus a ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim leo ar a n-aghaidhluach in ionad dleachtanna báis. Glacann na Coimisinéirí Ioncaim le Bannaí Rialtas na hÉireann agus aistrítear chuig an Aire Airgeadais iad. Cealaítear ansin iad, agus cuirtear na fáltais (ag luach margaidh) sa chuntas.  Íocann an Státchiste aon difríocht idir seo agus an dliteanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim (ag aghaidhluach) agus íoctar na Coimisinéirí Ioncaim ar fad.

## 2. Cuntas Stoic

Déanann an Cuntas Stoic taifead ar idirbhearta ag parluach ainmniúil. Is ionann aon iarmhéid sa chuntas seo agus bannaí i seilbh an Aire Airgeadais nár dhíol an tAire fós chun dliteanas cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim a ghlanadh.

# Cuntas an Chúlchiste Mionchoigiltis

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá scrúdú déanta agam ar an gcuntas ar leathanach 96. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

**Séamus McCarthy**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

| | €000 |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011 | NIALAS |
| Faighte/(íoctha) ó/(chuig) an Státchiste | NIALAS |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | NIALAS |
| | |
| Meastachán ar ús fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2011 | 464,812 |

D'fhoráil Alt 160 den Acht Airgeadais, 1994 do bhunú ciste darb ainm an Cúlchiste Mionchoigiltis. D'fhoráil sé do €76 milliún a íoc leis an gciste i 1994 agus pé suim, más ann di, a chinnfidh an tAire Airgeadais gach bliain ina dhiaidh sin a íoc leis. Sa chás go sáraíonn íocaíocht úis ar shóinseálacha mionchoigiltis in aon bhliain féilire 11 faoin gcéad den ús iomlán fabhraithe ar a leithéid de choigiltis ag deireadh na bliana féilire roimhe, is féidir acmhainní an chiste a chur i dtreo na n-íocaíochtaí úis sin, a sháraíonn 11 faoin gcéad mar chéatadán den ús iomlán fabhraithe sin, a íoc. B'ionann an t-ollchostas úis ar na scéimeanna coigiltis do 2011 agus €209 milliún arbh ionann é agus 57 faoin gcéad den ús €368 milliún fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2010. Níor baineadh úsáid as aon acmhainní ón gCiste chun íocaíochtaí úis a dhéanamh le linn 2011.

Aistrítear aon iarmhéid sa Chiste chuig an Státchiste mar airleacain bhealaí agus mhodhanna in-aisíoctha.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011


Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 98

Beartais Chuntasaíochta 99

Cuntas Ráiteas Éileamh 100

Clár Comhardaithe 101

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 102–104

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (an Ghníomhaireacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ráiteas Éileamh, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad a bhaineann leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát atá i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí na Gníomhaíochta amhail an 31 Nollaig 2011 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain dar chríoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Séamus McCarthy**An tArd-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, leithdháileadh bainistíocht éilimh um dhíobháil phearsanta agus um dhochar do réadmhaoin i gcoinne an Stáit agus na mbunrioscaí chuig GBCN. Nuair atá GBCN i mbun na bhfeidhmeanna seo, glaoitear an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) uirthi.

Leagann an tAcht dhá chuspóir ag an GÉS:

- Bainistíocht a dhéanamh ar éilimh d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit agus costais dhlíthiúla agus eile lena mbaineann ag an leibhéal is ísle is féidir; agus,
- Seirbhísí comhairleoireachta riosca a chur ar fáil d'údaráis an Stáit agus é d'aidhm acu minicíocht agus déine na n-éileamh a laghdú thar thréimhse ama.

I bhFeabhra 2003, tabhaíodh bainistíocht éilimh faillí cliniciúla agus rioscaí lena mbaineann faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Bunaíodh an Scéim chun socruithe slánaíochta leighis a réasúnú don tseirbhís sláinte. Faoin scéim, glacann an Stát le dualgas iomlán i leith slánaíocht agus bainistíocht éilimh faillí cliniciúla.

Leathnaíodh téarmaí tagartha an GÉS go suntasach tuilleadh i mí Feabhra 2011 mar gheall ar tharmligean bhainistíocht na n-éileamh díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine i gcoinne 13 údarás nua (lena n-áirítear Foras Áiseanna Saothair, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais) agus mar gheall ar roinnt cineálacha breise éileamh (lena n-áirítear díobháil phearsanta a bhaineann le héilimh bhulaíochta/chiaptha, éilimh de chuid ball de na Fórsaí Cosanta agus den Gharda Síochána agus iad ar fiannas thar lear agus éilimh shláintíochta de chuid príosúnach i gcillín).

Tarmligeadh éilimh ag líomhain díobháil phearsanta i leith Tailídimíde agus Niméasuilíde, na táirgí íocshláinte, chuig an GÉS i mí Aibreáin 2012.

Glacadh leis na beartais shuntasacha cuntasaíochta seo a leanas:

## Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Baineann feidhmeanna na Gníomhaireachta le bainistíocht éileamh thar ceann údaráis an Stáit atá faoi dhliteanas ag éilimh agus a bhfaigheann an Ghníomhaireacht aon suim a bhaineann le dámhachtainí agus costais lena mbaineann uathu. Ní dhéanann na ráitis airgeadais ach tuairisciú ar idirbhearta na Gníomhaireachta agus dá bhrí sin níl aon suim san áireamh i luath na n-éileamh gan íoc.

## Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí agus ar chostais socraíochta éileamh nuair a fhaightear ceadú bailíochtaithe nó socraíocht bhailíochtaithe na n-éileamh. Aithnítear lóisteálacha leis an gcúirt mar chaiteachas thar ceann údaráis Stáit ar dháta na lóisteála.

## Suimeanna Infhaighte ó Údaráis Stáit

Caitear le suimeanna mar shuimeanna infhaighte ó údaráis Stáit i ndáil le haitheantas an chaiteachais lena mbaineann.

# Cuntas Ráiteas Éileamh

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Suimeanna faighte agus infhaighte ó údaráis Stáit i leith éileamh agus costas | 1 | 110,253 | 95,963 |
| Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit | | 14,847 | 4,678 |
| | | 125,100 | 100,641 |
| Íoctha agus iníoctha i leith dámhachtainí | | 67,745 | 63,300 |
| Costais eile | 2 | 42,508 | 32,663 |
| Aisíocaíocht ar chostais a ghnóthaigh Údaráis Stáit | | 14,847 | 4,678 |
| | | 125,100 | 100,641 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 102 go 104.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Infheistíochtaí | 3 | 5,936 | 7,657 |
| Féichiúnaithe | 4 | 3,811 | 2,066 |
| Airgead | | (1,305) | 1,500 |
| | | 8,442 | 11,223 |
| **Dliteanais** | | | |
| Scéim Speisialta Cnáimhseachais | 5 | 5,936 | 7,657 |
| Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist | 6 | - | - |
| Creidiúnaithe | 7 | 2,506 | 3,566 |
| | | 8,442 | 11,223 |

John C. Corrigan

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 102 go 104.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Ioncam

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Suim a fuarthas ó Údaráis Stáit | 106,710 | 96,233 |
| Suim a fuarthas ón Scéim Speisialta Cnáimhseachais | 1,797 | 2,730 |
| Méadú / (laghdú) ar infháltais | 1,746 | (3,000) |
| | 110,253 | 95,963 |

## 2. Costais Eile

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát** | | |
| - Táillí dlí | 13,612 | 12,560 |
| - Táillí leighis | 1,386 | 1,295 |
| - Táillí innealtóirí | 176 | 95 |
| - Táillí eile (lena n-áirítear táillí iniúchta agus achtúirí) | 839 | 723 |
| | 16,013 | 14,673 |
| **Costais ghearánaí** | | |
| - Táillí dlí | 26,474 | 17,960 |
| - Táillí eile saineolaí | 2 | 3 |
| - Costais Taistil | 8 | 8 |
| | 26,484 | 17,971 |
| **Costais finné** | 11 | 19 |
| | 42,508 | 32,663 |

I dteannta na gcostas thuas, b'ionann na costais riaracháin a thabhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i bhfeidhmiú fheidhmeanna na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus €8,474,952 (2010: €7,763,261). Tá na costais seo san áireamh i gcostais riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad. Ní lorgaíonn GBCN aisíocaíocht ar na costais seo ó na hÚdaráis Stáit.

**Luach Saothair agus Costais (áirithe i gcostais riaracháin GBCN)**

Is iad GBCN a leagann luach saothair do chomhaltaí Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát le cead ón Aire Airgeadais.

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: | €13,713 sa bhliain |
| Comhaltaí Eile: | €9,142 sa bhliain |

Ní bhfuair Chris Fitzgerald ná Deirdre Hanlon, ceaptha ina ról mar státseirbhísigh, aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas.

Níor íocadh aon chostais a bhaineann le comhaltaí Coiste do 2011.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 3. Infheistíochtaí

Is ionann infheistíochtaí agus Nótaí Státchiste, a infheistítear ar son na Roinne Sláinte, a ndéanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát bainistíocht ar an Scéim Speisialta Cnáimhseachais ar a son (feic Nóta 5).

## 4. Féichiúnaithe

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Infhaighte ó údaráis Stáit | 3,807 | 2,061 |
| Eile | 4 | 5 |
| | 3,811 | 2,066 |

## 5. Scéim Speisialta Cnáimhseachais

Bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais in 2008. Faoin Scéim, d'aontaigh an tAire ospidéil Bon Secours agus Mount Carmel a shlánú i leith éilimh shonracha chnáimhseachais. Rinne na hospidéil ainmnithe rannpháirteacha ranníocaíochtaí leis an gCiste. Ina theannta sin, faoi théarmaí socraithe idir an Cumann Cosanta Leighis agus an tAire Sláinte, d'aistrigh an Cumann Cosanta Leighis cistí faoi leith chuig an Stát chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar chostais éilimh ainmnithe chnáimhseachais i gcoinne cnáimhseoirí atá clúdaithe ag an socrú. D'údaraigh an tAire don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát suimeanna a tharraingt anuas ó am go ham ón gCiste cuí chun an GÉS a aisíoc faoi Alt 16(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 d'aon suim a d'íoc an GÉS thar ceann na n-ospidéal rannpháirteach nó thar ceann aon duine atá clúdaithe ag socrú an Chumainn Cosanta Leighis i leith íocaíocht éileamh nó costais éilimh mar a tharlaíonn siad. Íoctar ioncam a shaothraítear ar infheistíochtaí na Scéime leis an Scéim, agus ní aithnítear é mar ioncam na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

Ba í an ghluaiseacht ar an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais le linn 2011:

| | €000 |
|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 7,657 |
| Ranníocaíochtaí leis an gCiste | - |
| Socraíochtaí agus costais éileamh | (1,797) |
| Ioncam a saothraíodh | 76 |
| Iarmhéid atá ar fáil le haghaidh socrú éileamh | 5,936 |

## 6. Iasachtaí ó Bhanc Taisce an Phoist

Faoi Alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead a airleacan ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist chuig an GÉS d'íocaíocht na suime d'aon chostais agus táillí a bhaineann le seirbhísí comhairleoirí gairmiúla agus saineolaithe eile, d'íocaíocht na suime d'aon dámhachtana nó socraíochta atá le híoc le héilitheoir i leith éileamh tarmligthe, agus d'íocaíocht úis (más ann dó) atá iníoctha air.

## 7. Creidiúnaithe

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iníoctha i leith dámhachtainí | - | 2,919 |
| Iníoctha i leith costas | 2,250 | 347 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla dlite | 169 | 233 |
| Suimeanna dlite le hÚdaráis Stáit | 86 | 66 |
| Eile | 1 | 1 |
| | 2,506 | 3,566 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 8. Dliteanais Mheasta na nÚdarás Stáit

Le linn 2011, fuarthas 2,700 éileamh nua agus réitíodh beagnach 1,660 éileamh. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí líon iomlán de bheagán os cionn 5,300 éileamh faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta.

Amhail an 31 Nollaig 2011, ba é €991m (2010: €885m) dliteanas measta na nÚdarás Stáit i leith aon éilimh faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát. Bhí €860 milliún de sin (2010: €786m) inchurtha le hÉilimh Chliniciúla agus €131m (2010: €99m) le hÉilimh Dhliteanas Fostóra, Dhliteanais Phoiblí agus Dhochair do Réadmhaoin. Is meastachán é an dliteanas measta a ríomhtar trí thagairt do chostas iomlán gach éilimh a réiteach, na costais intuartha ar fad san áireamh, ar nós suimeanna socraíochta, costais dhlíthiúla gearánaí agus costais chosanta.

# Ráitis Airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011


Ráiteas ar Dhualgais na Gníomhaireachta 106
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 107
Beartais Chuntasaíochta 108
Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí 109
Cuntas Cúlchiste 110
Clár Comhardaithe 111
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 112–116

# Ráiteas ar Dhualgais na Gníomhaireachta

Ceanglaíonn an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 arna leasú ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005 agus an tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 ar GBCN ráitis airgeadais a ullmhú i leith a n-oibríochtaí gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, ní mór do GBCN:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé neamhchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá GBCN freagrach as coimeád, maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais an Chiste.

Tá GBCN freagrach freisin as sócmhainní faoina rialúchán a choimeád agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

John C. Corrigan

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta, an Cuntas Cúlchiste, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste ag deireadh na bliana agus maidir lena n-idirbhearta don bhliain, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.
Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.
Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.
Ina theannta sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad a bhaineann le Ciste na gCuntas Díomhaoin atá i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí Chiste na gCuntas Díomhaoin amhail an 31 Nollaig 2011 agus maidir lena n-idirbhearta don bhliain dar chríoch sin.
I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a bhfuil Ceanglas Orm a Thuairisciú trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Séamus Mc Carthy.

**Séamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## Cúlra

Forálann an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 arna leasú ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005, do scéim chun cistí díomhaoine i mbainc, i gcumainn tógála agus sa Phost a aistriú faoi chúram an Stáit, fad a ráthaítear ceart athéilimh na gcistí sin. Forálann sé freisin do thabhairt isteach scéime d'íocaíocht, chun críocha carthanachta, nó chun críocha sochar sochaí agus pobail, na gcistí nach gcreidtear go ndéanfar athéileamh orthu.

D'fhoráil an tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 d'aistriú polasaithe árachais saoil nár éilíodh chuig an Stát, agus leasaigh sé an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 nuair is gá, chun an reachtaíocht a leathnú chuig polasaithe árachais saoil.

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoin Cuntas Cúlchiste óna n-íoctar athéilimh agus costais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN") freagrach, faoi alt 17 agus 18 d'Acht 2001, as bunú, bainistiú agus rialú Chiste na gCuntas Díomhaoin agus tá na cumhachtaí ar fad acu (lena n-áirítear cumhacht chun táillí a ghearradh, iníoctha ón gCiste, i ndáil le bainistíocht agus rialú an Chiste) a theastaíonn d'fheidhmiú a bhfeidhmeanna. Tá siad seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna seo:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir threoracha Bhord na gCuntas Díomhaoin nó an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- cothabháil an Chuntais Chúlchiste
- glanadh táillí agus costas a thabhaíonn GBCN agus Bord na gCuntas Díomhaoin
- glanadh luach saothair, táillí agus costais na gcigirí údaraithe
- aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste
- ullmhú plean bliantúil infheistíochta, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus aon treoir ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- infheistíocht aon airgead chun creidmheasa an Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huaire, chun dliteanais an Chiste a íoc
- coinneáil cuntas ceart den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann GBCN
- cur cuntas bliantúil faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cur i láthair cóipe de na cuntais arna n-iniúchadh don Aire Airgeadais agus don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Mar a fhoráiltear dó san Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Bord na gCuntas Díomhaoin an 4 Eanáir 2006. Tháinig sé seo in ionad Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a díscaoileadh an lá céanna. Cé gur ról monatóireachta agus comhairleoireachta atá ag Bord na gCuntas Díomhaoin den chuid is mó, tá sé de chumhacht acu GBCN a threorú chun eisíocaíochtaí a dhéanamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Glacadh leis na beartais shuntasacha cuntasaíochta seo a leanas:

## Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 an tréimhse tuairiscithe.

## Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

# Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Ús ar infheistíochtaí | | 919 | 437 |
| Airgead a aistríodh chuig an gCiste i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh | 1 | 43,080 | 39,286 |
| Suim a aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste | 2 | (27,401) | (24,758) |
| Eisíocaíochtaí | 3 | (8,403) | (20,267) |
| Gluaiseacht don bhliain | | 8,195 | (5,302) |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 80,426 | 85,728 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | 88,621 | 80,426 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 112 go 116.

# Cuntas Cúlchiste

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí | 2 | 27,401 | 24,758 |
| Ús ar infheistíochtaí | | 412 | 201 |
| Aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste | 1 | (24,345) | (20,304) |
| Ús ar aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste | 1 | (194) | (165) |
| Costais eile | 4 | (938) | (1,618) |
| Gluaiseacht don bhliain | | 2,336 | 2,872 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 52,000 | 49,128 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | 54,336 | 52,000 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 112 go 116.

# Clár Comhardaithe

An 31 Nollaig

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní Airgeadais | | | |
| - Infheistíochtaí ar a gcostas | | - | - |
| | | | |
| ***Sócmhainní Reatha*** | | | |
| - Airgead | 5 | 142,727 | 132,451 |
| - Féichiúnaithe | | 341 | 215 |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| - Suimeanna Fabhraithe a Athéilíodh | | (111) | (240) |
| Glan-Sócmhainní | | 142,957 | 132,426 |
| | | | |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí | | 88,621 | 80,426 |
| Cuntas Cúlchiste | | 54,336 | 52,000 |
| | | 142,957 | 132,426 |



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 28 Meitheamh 2012

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 112 go 116.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh

**Bainc – Cuntais Dhíomhaoine**

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh 1/1/11 € | Aistrithe € | Athéilithe € | Iarmhéid Deiridh 31/12/11 € | Ús Íoctha € |
|---|---|---|---|---|---|
| ACC Bank plc | 5,502,078 | 473,768 | (177,511) | 5,798,335 | 2,890 |
| Bainc-Aontas Éireann PLC | 53,596,572 | 4,017,189 | (665,565) | 56,948,196 | 2,668 |
| AIB Finance Limited | 1,617,965 | - | (478,037) | 1,139,928 | 1,856 |
| Banc Barclays cpt | 280,762 | - | - | 280,762 | - |
| BNP Paribas | 67,487 | 13,228 | - | 80,715 | - |
| Bank of America | 154,778 | – | - | 154,778 | – |
| Banc na hÉireann & Cumann Foirgníochta ICS | 53,619,976 | 6,753,477 | (3,340,663) | 57,032,790 | 39,013 |
| Cisteán & Baincéireacht Idirnáisiúnta Bhanc na hÉireann | 3,745,630 | 628,986 | (98,114) | 4,276,502 | - |
| Bank of Scotland (Ireland) | 567,088 | - | - | 567,088 | - |
| Citibank | 28,700 | – | – | 28,700 | – |
| EBS Building Society | 13,053,741 | 2,765,069 | (1,278,907) | 14,539,903 | 22,159 |
| EAA Corporate Services plc (WestLB Ireland plc roimhe sin) | 122,119 | - | - | 122,119 | - |
| First Active | 8,273,646 | - | (45,872) | 8,227,774 | 84 |
| IBB | - | 785,993 | - | 785,993 | - |
| An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Ltd (Anglo roimhe sin) | 544,735 | 116,658 | (61,072) | 600,321 | 9,678 |
| An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Ltd (Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann roimhe sin) | 5,177,926 | 688,721 | (5,838,626) | 28,021 | 3,948 |
| Investec Bank (UK) Limited (Brainse na hÉireann) | 377,972 | 130,274 | (3,271) | 504,975 | - |
| JP Morgan Ireland plc | 48,897 | – | – | 48,897 | – |
| Banc Náisiúnta na hÉireann Teoranta | 4,769,849 | 359,160 | (183,524) | 4,945,485 | 468 |
| Permanent TSB | 25,744,876 | 8,606,031 | (1,117,883) | 33,233,024 | 15,171 |
| Pfizer International Bank | 18,759 | 11,462 | (77) | 30,144 | - |
| An Post – Tráthchoigiltis | 1,240,644 | 298,574 | (163,552) | 1,375,666 | 15,848 |
| An Post – Tráthchoigiltis (Ús Caipitlithe) | 3,835,674 | 420,512 | (362,252) | 3,893,934 | |
| An Post – Banc Taisce an Phoist (Ús Caipitlithe) | 10,583 | 6,182 | - | 16,765 | - |
| An Post – Banc Taisce an Phoist | 32,604,398 | 2,362,016 | (547,677) | 34,418,737 | 15,924 |
| An Post – Bannaí Coigiltis (Ús caipitlithe) | 2,884,166 | 242,029 | (266,708) | 2,859,487 | - |
| An Post – Bannaí Coigiltis | 1,933,900 | 310,489 | (246,621) | 1,997,768 | - |
| An Post – Cairteacha Coigiltis (Ús caipitlithe) | 47,147,524 | 3,927,812 | (4,221,526) | 46,853,810 | - |
| An Post – Cairteacha Coigiltis | 13,615,510 | 2,344,665 | (1,755,464) | 14,204,711 | 61,454 |
| RBS NV (ABN AMRO roimhe sin) | 34,992 | - | - | 34,992 | - |
| RBS | - | 36,646 | - | 36,646 | - |
| Scotiabank (Ireland) Limited | 1,003,127 | – | – | 1,003,127 | – |
| Ulster Bank Ireland Limited | 13,126,490 | 1,825,137 | (579,766) | 14,371,861 | 1,967 |
| IOMLÁN | 294,750,564 | 37,124,078 | (21,432,688) | 310,441,954 | 193,128 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus beartais árachais nár éilíodh (Ar Lean)

**Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh**

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh 1/1/11 € | Aistrithe € | Athéilithe € | Iarmhéid Deiridh 31/12/11 € | Ús Íoctha € |
|---|---|---|---|---|---|
| *Téarma Sonrach* | | | | | |
| Acorn Life | 1,028 | - | (777) | 251 | - |
| Ark Life | 51,069 | 34,609 | (36,410) | 49,268 | - |
| Caledonian Life | 104,748 | – | – | 104,748 | – |
| Canada Life Assurance | 579,861 | 216,957 | (150,006) | 646,812 | - |
| Canada Life Ireland | 443,656 | 307,394 | (175,136) | 575,914 | – |
| Equitable Life | 4,210 | 2,921 | - | 7,131 | - |
| Friends First | 913,764 | 218,060 | (40,060) | 1,091,764 | - |
| Hibernian Life | 1,824,356 | 504,843 | (298,842) | 2,030,357 | - |
| Irish Life | 4,161,898 | 81,881 | (148,190) | 4,095,589 | - |
| New Ireland | 216,774 | 28,904 | 37,067 | 208,611 | - |
| Phoenix Ireland (Alba Life roimhe sin) | 171,131 | 17,087 | - | 188,218 | - |
| Phoenix Ireland (Royal & Sun Alliance roimhe sin) | 614,518 | 202,387 | - | 816,905 | - |
| Phoenix Ireland (Scottish Provident Ireland roimhe sin) | 153,311 | 81,741 | - | 235,052 | - |
| Royal Liver | 4,574,797 | 650,565 | (223,425) | 5,001,937 | - |
| St. Jame's Place | 10,649 | – | – | 10,649 | – |
| Scottish Legal Life | 439,274 | 58,161 | - | 497,435 | - |
| Standard Life | 642,246 | 140,920 | - | 783,166 | - |
| Sun Life Financial of Canada | 142,199 | 25,038 | 9,343 | 157,894 | - |
| Zurich Insurance (Eagle Star roimhe sin) | 370,717 | 133,085 | 54,865 | 448,937 | - |
| *Gan Téarma Sonrach* | | | | | |
| Acorn Life | - | 5,986 | - | 5,986 | - |
| Ark Life | 116,504 | 6,302 | (115,937) | 6,869 | - |
| Caledonian Life | 31,113 | – | – | 31,113 | – |
| Canada Life Assurance | 42,121 | 124,149 | (67,251) | 99,019 | - |
| Canada Life Ireland | 3,811,679 | 363,885 | (709,275) | 3,466,289 | - |
| Friends First | 932,701 | 79,981 | 168,531 | 844,151 | - |
| Hibernian | 1,807,966 | 48,034 | (2,285) | 1,853,715 | - |
| Irish Life | 5,052,297 | 110,816 | (57,539) | 5,105,574 | - |
| New Ireland | 10,176,909 | 1,210,689 | - | 11,387,598 | - |
| Phoenix Ireland (Alba Life roimhe sin) | 15,033 | - | - | 15,033 | - |
| Phoenix Ireland (Royal & Sun Alliance roimhe sin) | 101,397 | 4,233 | 88,970 | 16,660 | - |
| Phoenix Ireland (Scottish Provident Ireland roimhe sin) | | 237,666 | 1,420- | 236,246 | - |
| Royal Liver | 7,596,872 | 779,150 | (265,716) | 8,110,306 | - |
| Scottish Legal Life | 450,044 | 18,734 | - | 468,778 | - |
| Standard Life | 1,180,841 | 54,600 | (38,678) | 1,196,763 | - |
| Sun Life Financial of Canada | 57,703 | - | (10,230) | 47,473 | - |
| Zurich Insurance (Eagle Star roimhe sin) | 1,575,345 | 208,122 | (101,212) | 1,682,255 | - |
| IOMLÁN | 48,606,397 | 5,719,234 | (2,801,165) | 51,524,466 | - |
| The Escheated Estate Fund | 4,400,000 | – | – | 4,400,000 | – |
| Athéilimh Fabhraithe | (236,474) | 236,474 | (111,577) | (111,577) | 373 |
| MÓR-IOMLÁN | 347,520,487 | 43,079,786 | (24,345,430) | 366,254,843 | 193,501 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (Ar Lean)

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntais seo ag rátaí malairte deireadh bliana laghdófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós faoi €441,417 ó €366,254,843 go €365,813,426.

## 2. Aistrithe chuig an gCuntas Cúlchiste

Faoi Alt 17 (4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suim leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham, a shocraíonn GBCN, le ceadú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le toil an Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táillí agus costais éagsúla GBCN, an Bhoird agus na gcigirí údaraithe a ghlanadh. Faoi láthair, déanann GBCN aistriú go tréimhsiúil chun iarmhéid sa Chuntais Chúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad mar atá ceadaithe faoi láthair de na cistí iomlána díomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár athéilíodh go fóill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirthréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsiúla.

## 3. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na tréimhse.

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Ar threoir Bhord na gCuntas Díomhaoin (Alt 41 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001)** | | |
| - Pobal (ADM roimhe seo, soláthróir seirbhíse agus gníomhaire Bhord na gCuntas Díomhaoin) | 408 | 875 |
| **Ar threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** | | |
| An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta | - | 395 |
| An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (don Scéim Shóisialta Tuaithe) (2010) | - | 5,286 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011) | 1,600 | - |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2010) | - | 2,003 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2011) | 3,000 | - |
| Oifig an Aire Leanaí | - | 2,966 |
| An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2011) | 1,441 | - |
| An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2010) | - | 719 |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2011) | 209 | - |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí (2010) | - | 672 |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí (2011) | 274 | - |
| An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (2010) | - | 1,014 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 1,242 | 6,119 |
| Seirbhís Príosún na hÉireann | 229 | 218 |
| | 8,403 | 20,267 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 4. Costais Eile

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Costais Bhord na gCuntas Díomhaoin** | | |
| - Táillí an Bhoird | 63 | 66 |
| - Costais Bhoird | 2 | 3 |
| – Táillí soláthraí seirbhíse (Pobal) | 851 | 1,500 |
| – Táillí Comhairliúcháin agus Comhairleachta | 11 | 38 |
| - Costais Eile | 11 | 11 |
| | 938 | 1,618 |

## 5. Airgead

Léiríonn an figiúr seo an t-iarmhéid airgid atá i mBanc Ceannais na hÉireann.

## 6. Dliteanas Teagmhasach an Státchiste

a) Mar thoradh ar eisíocaíochtaí carntha chun dáta tá glansócmhainní an chiste níos lú ná na cistí díomhaoine a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht seo dliteanas teagmhasach an Státchiste a mbeadh ar an Státchiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin a athéileamh. Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir íocaíocht a dhéanamh ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste de shuim nach sáraíonn an t-easnamh. Aisíoctar an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, a luaithe is féidir go praiticiúil, ó airgead barrachais atá sa Chiste i ndiaidh foráil a dhéanamh d'aon dliteanais nó dliteanais theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

b) Anailís ar Dhliteanas Teagmhasach an Státchiste

| | An 1 Eanáir 2011 €000 | Gluaiseacht le linn na bliana €000 | An 31 Nollaig 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Glansócmhainní an Chiste | 132,426 | 10,531 | 142,957 |
| Cistí Díomhaoine a Aistríodh nár athéilíodh | (347,520) | (18,735) | (366,255) |
| Dliteanas teagmhasach | (215,094) | (8,204) | (223,298) |

c) Ionannaíonn an ghluaiseacht i nDliteanas Teagmhasach an Státchiste iad seo a leanas:

| | €000 |
|---|---|
| Ús ar infheistíochtaí | 1,331 |
| Ús ar aisíocaíochtaí airgid a aistríodh chuig an gCiste (feic nóta 1) | (194) |
| Eisíocaíochtaí (feic nóta 3) | (8,403) |
| Costais eile (feic nóta 4) | (938) |
| Gluaiseacht don bhliain | (8,204) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

## 7. Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, ceanglaítear ar GBCN faisnéis shonraithe ar leith a thuairisciú do Bhord na gCuntas Díomhaoin, lena n-áirítear cuntas aonair ar na costais agus ar táillí riarachán a thabhaíonn GBCN i bhfeidhmiú an Chiste. Sonraítear iad seo thíos:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán Ginearálta | 150 | 150 |

Meastachán é seo, a chuirtear san áireamh sna Nótaí leis na cuntais amháin, mar gur shocraigh GBCN gan an tsuim seo a ghearradh ar Bhord na gCuntas Díomhaoin.

## 8. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45 (1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, ceanglaítear ar GBCN toradh infheistíochta an Chiste a thuairisciú do Bhord na gCuntas Díomhaoin. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain 0.89 faoin gcéad (2010: 0.4 faoin gcéad).

**Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**
Treasury Building
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil +353 1 664 0800
**www.ntma.ie**